Revenue

Cáin agus Custaim na hÉireann

Irish Tax and Customs

Tuarascáil Bhliantúil 2019

RPC013770_GA_WB_L_1

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialuithe Custam a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtach

Tuarascáil Bhliantúil 2019

An seachtú Tuarascáil Bhliantúil is nócha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais.

Meitheamh 2020

Clár na nÁbhar

Athbhreithniú an Bhoird ar 2019 4

Príomhthorthaí 12

Struchtúr na hEagraíochta 15

Seirbhís chun Tacú le Comhlíontacht 17

An tSuim Cheart Cánach a bhailiú ag an Am Ceart 17
Tacú le Comhlíontacht Shaorálach 18
Comhairle agus Tacaíocht in Am is i dTráth a Chur ar Fáil 19
Saoráidí Féinseirbhíse Feabhsaithe 20
Seirbhís chuí, chost-éifeachtúil a chur ar fáil 21
Riachtanais Cáiníocóirí a Thuiscint 26
Tacú le Beartas Cánach 27
An Breatimeacht 30

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht 34

Cláir Chomhlíontachta 35
Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht 36
Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar 37
Cothromaíocht, trédhearcacht agus éifeachtacht a chinntiú 44
Bailiú Fiachais 46
Comhoibriú 47

Ag dul i mbun na hoibre: Ár nDaoine agus Struchtúir 52

Ár nDaoine 54
Ár gCultúr 63
Nuálaíocht 66
Rúndacht Cáiníocóirí 67
Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí & Athnuachan na Státseirbhíse 68

Rialachas 70

Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta 74

Bainistíocht Airgeadais 76

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 77

Innéacs Táblaí 2019 94

Aguisín 1 - Bronnadh Míreanna Oidhreachta 110

Aguisín 2 – Taifead na maoin áitithe ag na Coimisinéirí Ioncaim 111

Athbhreithniú an Bhoird ar 2019

Is mór an tionchar atá ag paindéim COVID-19 ar thírdhreach geilleagrach na hÉireann, agus tá difríocht shoiléir le feiceáil idir an timpeallacht ghnó atá againn anois agus an timpeallacht a bhí againn in 2019. Is i gcomhthéacs na gcúinsí eisceachtúla seo a fhéachfaidh muid ar an suíomh ina bhfuil muid anois in 2020 roimh fhéachaint ar ár bpríomhéachtaí agus ar ár bhfeidhmíocht don bhliain seo caite.

Tá mórán dúshlán i gceist leis an bpaindéim don gheilleagar, gnóthaí agus oibrithe, chomh maith leis an tionchar ar na príomhghnéithe dár ról mar chóras riartha cánach agus custam. Is é an tosaíocht atá againn i rith na géarchéime ná sláinte ár mball foirne agus a dteaghlach a chosaint agus ag an am céanna leanúint de sheirbhísí riachtanacha na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil agus ár ról a imirt chun tacú le soláthar na seirbhísí eile poiblí riachtanacha chun an phaindéim a chomhrac agus damáiste do gheilleagar na tíre a mhaolú.

Ar an 24 Márta 2020, d'fhógair an Rialtas raon beart chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do ghnóthaí agus oibrithe buailte ag géarchéim COVID-19. Mar chuid de na bearta seo, tá Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá muid i bhfách leis an tuairisciú fíorama a úsáid chun éifeachtúlacht a fheabhsú i riar an chórais cánach. Is é an toradh ar ár n-infheistíocht sa tuairisciú fíorama ÍMAT (Nua-Aoisiú ÍMAT) ná, taobh istigh d'achar ama fíorghairid agus ag tógáil ar na sonraí a thuairiscítear do na Coimisinéirí Ioncaim tríd an tuairisciú fíorama ÍMAT, ná go bhfuil ath-innealtóireacht déanta againn ar ár gcóras próiseála gnó ÍMAT ó chóras bailithe cánach go córas a chuireann tacaíocht airgeadais ríthábhachtach ar fáil chomh maith d'fhostóirí agus d'fhostaithe atá buailte mar gheall ar an meathlú suntasach agus caillteanas ioncaim.

Ba é an tosaíocht a bhí againn agus an SFSP á riar againn ná cinntiú go raibh na fostóirí uile a bhfuil cur isteach suntasach geilleagrach orthu mar gheall ar COVID-19 in ann clárú agus tosú ar an íocaíocht a fháil chomh sciobtha agus ab fhéidir. Amhail an 23 Meitheamh 2020, bhí breis agus 62,000 fostóirí cláraithe le haghaidh an SFSP, agus meastar go bhfuair 410,000 fostaithe atá ag fáil tacaíochta faoin scéim, go bhfuair siad fóirdheontas ina dtréimhse phá is deireanaí. Is ionann €1.6 billiún agus luach carnach na n-íocaíochtaí a rinneadh le fostóirí faoin scéim.

Tuigeann muid an suíomh ina bhfuil gnóthaí anois, rud nach bhfacthas riamh, agus tá treoir agus comhairle fhairsing curtha ar fáil againn ar ár leathanach gréasáin maidir le heolas i leith an COVID-19 chun cabhrú le cáiníocóirí agus lena ngníomhairí a bhfuil réimse deacrachtaí acu mar gheall ar thionchar na paindéime COVID-19.

Tá gach ar féidir á dhéanamh againn chun tacú le gnóthaí le linn na géarchéime, agus ar an deis ba luaithe, ar an 15 Márta 2020, chuir muid comhairle ríthábhachtach ar fáil do ghnóthaí a raibh deacrachtaí íoca cánach acu. Ó shin i leith, tá réimse beart tógtha againn chun cabhrú le gnóthaí a bhfuil deacrachtaí sreafa airgid agus trádála acu, lena n-áirítear an bailiú fiachais uile curtha ar ceal mar aon le gearradh úis ar íocaíochtaí déanacha i leith tréimhsí CBL Eanáir/ Feabhra, an Mhárta/Aibreáin, na Bealtaine/an Mheithimh agus i leith dhliteanais ÍMAT (fostóra) Feabhra, an Márta, Aibreáin, na Bealtaine agus an Mheithimh. Tá na íocaíochtaí iarchurtha seo, arb ionann iad agus €1.5 milliún, ina dtacaíocht ríthábhachtach leachtachta d'fhiontair FBM (tugtha go huathoibríoch) agus do ghnóthaí móra (ar iarratas) buailte go láidir ag COVID-19.

Ar an 2 Bealtaine 2020, d'fhógair an Rialtas go rithfidh sé reachtaíocht chun foráil a dhéanamh go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim stórasú ar fhiachais cánach iarchurtha a bhaineann leis an ngéarchéim COVID-19. Agus achtú na reachtaíochta riachtanaí ar feitheamh, tá scéim á hoibriú againn ar bhonn riaracháin.

Faoin scéim seo, déanfar storasú ar feadh tréimhse 12 mhí ar fhiachais cánach CBL agus ÍMAT (fostóra) a iarchuirtear ó mhí an Mhárta fad agus nach bhfuil gnó in ann trádáil nó atá sé faoi réir trádáil shrianta mar gheall ar na srianta sláinte a bhaineann le COVID-19, chomh maith le fiachais ar feadh dhá mhí bhreise tar éis an ghnó leanúint an athuair le 'gnáth-thrádáil'. Ní bhaileofar aon chuid den fhiachas i gceist le linn na tréimhse seo agus ní ghearrfar aon ús.

Chun leas a bhaint as an scéim, beidh ar an ngnó an fiachas cánach a mheas trí thuairisceáin chuí a thíolacadh i leith na céim trádála srianta. Má tá tuairisceán dliteanais an mheastacháin is fearr déanta i leith aon tréimhse, caithfear an tuairisceán ceart a thíolacadh le cinntiú go mbeidh buntáistí an stórasaithe i gceist don fhiachas.

Ag deireadh na tréimhse stórasaithe 12 mhí, gearrfar ráta laghdaithe úis 3% ar aisíocaíocht an fhiachais cánach stórasaithe seo, go dtí go n-íoctar ina iomláine é. Tá comparáid idir seo agus an ráta 10% sa bhliain a ghearrtar faoi láthair ar fhiachais cánach amuigh CBL agus ÍMAT (fostóra).

Agus muid ag tógáil ar ár teist láidir de bheith ag obair go rathúil le gnóthaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí íocaíochta cánach agus trádála acu, tá muid muiníneach go mbeidh na bearta seo ina thacaíocht do ghnóthaí agus iad ag trádáil i dtreo a bheith brabúsach arís agus an fiachas a bhaineann le COVID-19 a aisíoc thar achar réasúnta ama.

Tá solúbthacht, acmhainneacht agus gairmiúlacht na daoine s'againn ríthábhachtach dár cumas leanúint de sheirbhísí ríthábhachtacha na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil i rith na géarchéime COVID-19. Tá oiriúnú maith déanta againn le cinntiú go leantar dár bhfeidhmeanna criticiúla gnó a sholáthar agus go bhfeidhmítear tionscnaimh nua, agus obair a dhéanamh ar bhealaí nua.

Tá ár bhfoireann tar éis an dúshlán a shárú maidir le tacú le soláthar seirbhísí eile poiblí chun an phaindéim a chomhrac, lena n-áirítear:

- rianú teagmhála don Roinn Sláinte agus don FSS
- iarratais a phróiseáil le haghaidh íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do dhaoine buailte ag COVID-19 ar son na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- tacaíocht bhunriachtanach teicneolaíochta faisnéise a chur ar fáil do Ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí, agus
- áiseanna bunriachtanacha priontála a chur ar fáil mar thaca leis an bhfreagra foriomlán ar an bpaindéim.

Mar gheall ar an tionchar fadtéarmach a bhaineann le COVID-19, cabhróidh solúbthacht ár struchtúr agus ár bhfoirne linn oiriúnú a dhéanamh go leanúnach i leith na n-athruithe agus na ndúshlán don timpeallacht gheilleagrach agus ghnó.

Athbhreithniú ar 2019

In 2019, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim iomlán de €84.2 billiún i bhfáltais chomhlána, lena n-áirítear beagnach €16 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais.

Is ionann €58.3 billiún agus glanfháltais an Státchiste tar éis aisíocaíochtaí fáltas Státchiste agus aistrithe fáltas neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, is é sin méadú 6.7% nó €3.7 billiún ar 2018.

Tá leibhéal ard comhlíontachta saorálaí in am fós le brath ar fud na gcánacha ar fad, rud a léiríonn go n-íocann an mhórchuid de cháiníocóirí an tsuim cheart chánach in am.

Ba é 2019 an dara bliain d'fheidhmiú ár Ráitis Straitéise 201–2019. I measc na n-éachtaí suntasacha sa tréimhse seo, bhí an méid seo:

- nua-aoisiú ar an gcóras ÍMAT trí chreat fíor-ama a fhorbairt chun cánacha párolla a riar
- cainéil dhigiteacha agus féinseirbhíse slán agus ardchaighdeáin a chur ar fáil
- Córas Bainistithe Fiachais nua a chur i bhfeidhm, rud a chuireann solúbthacht níos fearr ar fáil inár gcláir bainistithe fiachais
- freagra comhréireach agus éifeachtach a chur ar fáil i leith na neamhchomhlíontachta, agus comhlíontach shaorálach amach anseo á cinntiú
- optamú ar ailíniú ár n-acmhainní leis an riosca
- leibhéal arda sástachta custaiméirí a choinneáil mar a léirítear i suirbhéanna ar cháiníocóirí
- ráta ard a fháil mar údarás ceannais cánach agus custam idirnáisiúnta.

In 2019, sholáthar muid raon beart ar fud an dá phríomhcholún straitéiseacha trí sheirbhís den scoth a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhlíontacht shaorálach agus trí freagra láidir ar an neamhchomhlíontacht a chur i bhfeidhm.

Seirbhís chun Tacú le Comhlíontacht

Lenár samhail seachadta seirbhísí sofhreagrúil, nuálaíoch agus éifeachtúil, cinntítear go sáraíonn muid dúshláin na timpeallachta geilleagraí agus gnó atá de shíor ag athrú, agus riachtanais cáiníocóirí a shásamh ag an am céanna.

Lean muid lenár réimse seirbhísí ar líne a leathnú agus a fheabhsú, rud a d'fheabhsaigh eispéireas cáiníocóirí agus ag an am céanna a rinne íoslaghdú ar riosca na neamhchomhlíontachta. Rinne muid forbairt bhreise ar ár gclár um thuairisceáin bhliantúla chánach a réamhlíonadh, chuir muid seirbhís ar líne nua ar fáil a éascaíonn aisíocaíochtaí CBL le haghaidh feirmeoirí neamhchláraithe agus sheol muid córas iarratais ar líne nua le haghaidh Carthanas agus Comhlachtaí Spóirt.

Leis an nua-aoisiú ar an gcóras ÍMAT agus faisnéis párolla á fáil i bhfíoram, tá sé curtha ar ár gcumas an cháin cheart a fháil ag an am ceart agus breis seirbhísí ar líne a chur ar fáil do cháiníocóirí ÍMAT in moChúrsaí.

Lenár bhfeidhmchlár Seirbhísí Bainistithe Fiachais (DMS), tá seirbhís éifeachtúil, sholúbtha ar fáil chun tacú le gnóthaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí íoca cánach acu.

Lean muid lenár bpleanáil fhairsing, mhionsonraithe ullmhachta agus teagmhasachta don Bhreatimeacht, agus bhí muid i dteagmháil ghníomhach leis na Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais cuí uile, agus le breis agus 100,000 gnó.

Ar bhonn leanúnach, cuireann muid le meastóireacht, forbairt agus feidhmiú an bheartais cánach náisiúnta, agus le tograí an AE agus na Eagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann leis an digitiú agus leis an gcánachas idirnáisiúnta ar chomhlachtaí. D'oibrigh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar fheidhmiú faoisimh nua ón dleacht ghealltóireachta agus ón dleacht ar idirghabhálaithe gealltóireachta, agus ar athruithe don Cháin Charbóin agus ar thabhairt isteach na gné nua den cháin cláraithe feithiclí (CCF) bunaithe ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NO_x) na feithicle. Chuir muid comhairle ar fáil agus bhí ionchur againn ar fhoirmliú an pholasaí agus na dréacht-reachtaíochta i ndáil le feidhmiú beart áirithe dá bhforáiltear i dTreochlár na hÉireann ar Cháin Chorparáide.

Inár gcáil mar an Údarás Inniúil chun díospóidí a réiteach i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte na hÉireann, chríochnaigh muid 11 Nós Imeachta um Comhaontú Frithpháirteach (Nósanna Imeachta NICF) agus ceadaíodh 2 cheann de Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (Réamh-Chomhaontuithe RCP) tar éis plé le hÚdaráis Inniúla i dtíortha eile.

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Tá an chuid is mó de cháiníocóirí comhlíontach go saorálach ó thaobh cánach agus dleachta. Tacaíonn muid leis an gcultúr láidir seo de chomhlíontacht shaorálach trínár gcur chuige cuimsitheach riosca-bhunaithe i leith na comhlíontachta.

Freagraíonn muid don neamhchomhlíontacht ar bhonn soiléir riosca-bhunaithe ina gcinneann iompar cáiníocóirí an cineál, an réimse agus na hiarmhairtí atá i gceist lenár n-idirghabhálacha comhlíontachta. Lean muid ag cur lenár dtuiscint ar an iompar comhlíontachta cánach agus dleachta i measc earnálacha, gnóthaí agus cáiníocóirí aonair, agus cuireann muid dúshlán roimh an dianphleanáil cánach.

In 2019, rinne muid 566,282 idirghabháil comhlíontachta, idir ghnáthsheiceálacha dearbhaithe agus iniúchtaí agus imscrúduithe. Ba é an toradh iomlán a bhí ar na hidirghabhálacha seo ná €547.6 milliún i gcánacha, ús agus pionóis. Comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach €58.7 milliún iad, le 186 cáiníocóirí agus foilsíodh iad mar mhainnitheoirí cánach.

Tá muid tiomanta do úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí agus as anailísíocht a úsáid agus cur chuig measúnaithe riosca a úsáid chun riosca comhlíontachta a shainaithint agus a bhainistiú go héifeachtach. Baineann muid úsáid fhorleathan as faisnéis tríú páirtí a chuirtear ar fáil dúinn de réir riachtanais reachtacha, trí thuairisceáin chánach a réamhlíonadh, ár gcórais riosca a athbheachtú agus uirlisí anailíse a fhorbairt chun measúnuithe riosca earnála a reáchtáil agus chun imghabháil cánach agus dleachta a bhrath.

Mar fhianaise ar ár dtiomantas dúshlán a chur roimh gach cineál gníomhaíochta scáthgheilleagair agus neamhdhleathaí agus chun srian a chur le deiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta lán-toiliúil, reáchtáladh réimse leathan idirghabhálacha a dhíríonn ar an gcalaois, trádáil aindleathach, smuigleáil agus coiriúlacht eagraithe. Chuir muid lenár gcumas dul i ngleic leis an scáthgheilleagar agus aghaidh a thabhairt ar an imghabháil trí sheoladh ár gcórais nua bailithe agus próiseála faisnéise *RevIntel*. Sheol muid stampa nua cánach tobac mar chuid dár straitéis fhoriomlán chun soláthar díol toitíní neamhdhleathacha a chomhrac, rud a chuir lenár gcumas dul i ngleic le gníomhaíochtaí coiriúla sa réimse seo. Tháinig muid ar shocraíocht in 127 cinn de chásanna seachanta cánach agus tá muid ag cur go gníomhach in aghaidh 469 cinn de chásanna de sheachaint fhéideartha cánach ag deireadh 2019.

Mar gheall ar ár bhfeidhmchlár Seirbhísí Bainistithe Fiachais (DMS), tá athmhúnlú ó bhonn déanta ar ár gclár bainistithe fiachais ar bhealach a ligeann dúinn ár oiriúnú sciobtha a dhéanamh ar ár bhfreagra do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí íoca cánach acu.

Ár nDaoine agus Struchtúir

Tá muid ag leanúint de struchtúir sholúbtha a fhorbairt le cinntiú go n-ailínítear ár n-acmhainní leis an riosca, agus go gcuireann muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht cáiníocóirí. Mar shampla, rinne muid athbhreithniú ar ár gcur chuige agus ar ár gcritéir cháilitheachta chun daoine ardrachmais a shainaithint, rud a mhéadaigh líon na gcáiníocóirí, ó 478 go 2,000, atá á mbainistiú faoi Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais.

Tá ár bhfoireann ríthábhachtach don uile rud a dhéanann muid, agus braitheann muid ar a gcuid scileanna, cumas agus gairmiúlacht chun ár n-aidhmeanna agus spriocanna a bhaint amach. Ag deireadh 2019, bhí beagnach 7,000 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim, arb ionann é agus 6,619 coibhéis lánaimseartha. Le linn na bliana, cheap muid 1,092 ball foirne ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil.

Tacaíonn muid lenár ndaoine trí chumarsáid agus teagmháil fhiúntach atá bunaithe ar luachanna agus cuspóirí comhroinnte. I measc na bpríomhchodanna den tacaíocht seo, cuireann muid an tsláinte agus an fholláine san ionad oibre chun cinn, cothaíonn muid cultúr a thagann lenár gcroíluachanna agus cuireann muid deiseanna ar fáil le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil agus phearsanta. Cuireann muid réimse leathan clár cuimsitheach oiliúna ar fáil agus le linn 2019, chuir muid 46,415 lá oiliúna ar fáil don fhoireann, méadú 16% ar 2018.

Mar gheall ar an dtacaíocht agus an infheistíocht a dhéanann muid inár bhfoireann, cinntítear go bhfuil ár ndaoine agus ár struchtúir oiriúnach agus solúbtha agus tá siad in ann freagra éifeachtach do na hathruithe agus do na dúshláin sa timpeallacht ghnó.

Ag féachaint chun cinn

De réir mar a bhreathnaíonn muid chun cinn, tá muid muiníneach go gcuireann forbairt ár *Ráitis Straitéise 2020–2022* creat oibre láidir ar fáil chun ár n-aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach do na chéad trí bliana eile, fiú i gcomhthéacs na timpeallachta geilleagraí agus gnó a bhfuil athrú suntasach tagtha air.

Is é an bpríomhthasc atá againn i gcónaí ná cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Leanfaidh muid de bheith i mbun nuálaíochta agus de bheith ag athrú i leith bealaí nua chun obair a dhéanamh le cinntiú go gcumasaíonn muid agus go dtacaíonn muid le leibhéal ard comhlíontachta saorálaí, agus ag an am céanna cinntiú go bhfuil béim riosca-bhunaithe, éifeachtach, in am againn ar an neamhchomhlíontacht.

Oibreoidh muid go dlúth leis an Aire Airgeadais agus lena Roinn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú beart a thacaíonn le cumas gnóthaí dul i mbun trádála arís agus leis an téarnamh náisiúnta tar éis COVID-19.

Agus muid ag comhoibriú le comhghleacaithe ar fud an Rialtais, leanfaidh muid d’ullmhúcháin agus bainistiú a dhéanamh ar thionchar an Ríocht Aontaithe a bheith ag fáil an AE. Beag beann ar nádúr an chomhaontaithe trádála amach anseo idir an Ríocht Aontaithe agus an AE, feidhmeoidh muid rialuithe custam ar bhealach a spreagann an trádáil dhlisteanach, a fheabhsaíonn iomaíochas agus a thacaíonn le gnó, agus ag an am céanna a dhéanann bainistiú ar rioscaí comhlíontachta.

Tá an clár oibre idirnáisiúnta i leith cánacha i gcónaí ag athrú agus oibreoidh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar mholtaí an AE agus an OECD chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann leis an digitiú agus leis an gcánachas idirnáisiúnta ar chomhlachtaí. Cabhróidh muid le dul i bhfeidhm ar thorthaí a chosnaíonn cáil na hÉireann agus a dhéanann íoslaghdú cuí ar an ualach riaracháin ar cháiníocóirí.

Is mar gheall ar dhúthracht ár daoine agus a gcumas iad féin a oiriúnú go sciobtha agus go héifeachtach i leith athruithe agus dúshlán atá rath leanúnach orainn ó thaobh ár misean a bhaint amach agus an ról a imríonn muid chun tacú le seirbhísí criticiúla poiblí a chur ar fáil chun an phaindéim a chomhrac agus an damáiste don gheilleagar náisiúnta a mhaolú. Gabhann muid buíochas leo as ucht a ngairmiúlacht agus a ndúthracht.

Niall Cody
Cathaoirleach

Gerry Harrahill
Coimisinéir

Michael Gladney
Coimisinéir

Príomhthorthaí 2019

Glanfháltais Chánach



Bailiúcháin le haghaidh Ranna & Gníomhaireachtaí Eile

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Iomlán €15.8 billiún

Teagmhálacha le Custaiméirí

Línte Cabhrach Náisiúnta	2.7 milliún
Comhfhreagras	1.5 milliún
Tuairisceáin Leictreonacha	5.8 milliún
Íocaíochtaí Leictreonacha	2.6 milliún
Féinseirbhís Leictreonach	1.4 milliún

Comhlíontacht in Am is i dTráth

Cásanna Móra	99%
Cásanna Meánmhéide	98%
Cásanna Eile	91%

Socruithe Íoca Fiachais
6,358 le luach €73 milliún

Tacú leis an gcomhlíontacht le haghaidh 3.2 milliún fostaíocht, 0.2 milliún fostóirí, 1 milliún gnó, 0.3 milliún trádálaithe CBL agus 1.4 milliún uinéirí maoine

Ullmhú don Bhreatimeacht

552	103,114	1,758	28,794	24,118
Baill foirne ceaptha chun róil a bhaineann leis an mBreatimeacht	Líon na ngnóthaí ar cuireadh comhairle i scríbhinn chucu maidir le hullmhú don Bhreatimeacht	Lucht freastail ag 11 seimineár trádála reáchtáilte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na tíre	Rannpháirtíocht le gnóthaí aonair trí fheachtas fóin	Clárúcháin don Chóras um Chlárú agus Aithint Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI)

566,282 Idirghabháil Iniúchóireachta agus Comhlíontachta Déanta agus Toradh €547.6 milliún orthu

Mainnitheoirí Cánach
679 cás foilsithe le fíneálacha/pionós arb ionann iad agus €3.2m
186 socraíocht foilsithe

Ciontuithe i leith Imghabháil & Calaois Thromchúiseach
15

Braith / Urghabhálacha Custam / Máil
19,281

Forfheidhmiúchán Fiachais
63,722 cás
Toradh €274.2 milliún

Ola Breosla Feithicle & Mharcáilte
24 Urghabháil Tráchtála
222 Feithicil Urghafa

Nua-Aoisiú ÍMAT

Is é an tuairisciú fíor-ama a tugadh isteach ón 1 Eanáir 2019 an t-athchóiriú is suntasaí a rinneadh ar an gcóras ÍMAT ó bunaíodh é in 1960.

Faoin Nua-Aoisiú ÍMAT, cinntítear go ndéantar an tsuim cheart chánach a asbhaint agus a thuairisciú ag an am ceart

€31.6 billiún bailithe in 2019 (Cáin Ioncaim, MSU agus ÁSPC)

- **Barrachas ÍMAT €290m sa bhreis ar sprioc 2018**
- **Barrachas ÍMAT €270m sa bhreis ar sprioc 2019**

- **Deireadh curtha le foirmeacha P45/P35/ P60/P30**
- **Achoimre Sonraí Fostaíochta tagtha in áit an P60**

- **Rochtain láithreach ag fostaithe ar a bpá agus asbhaintí i bhfíoram**
- **2.75 milliún Deimhniú Creidmheasanna Cánach eisithe le haghaidh 2020**
- **Ráitis deireadh bliana ar fáil le haghaidh gach fostaí in moChúrsaí.**
- **Tuairisceáin Cánach Ioncaim Réamhlíonta**

Suirbhé ar Fhostóirí

89%

a aontaíonn go ndéanann an Nua-Aoisiú ÍMAT níos éasca é tuairisceáin agus íocaíochtaí cánach a thíolacadh dá bhfostaithe

78%

a aontaíonn gur lú ama a bhíonn i gceist le párolla faoin Nua-Aoisiú ÍMAT

70%

a aontaíonn gur chabhraigh clár rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim 2018 le hullmhúcháin i leith an chórais nua

Nua-Aoisiú ÍMAT i bhfigiúirí

181,631 Líon na bhfostóirí ag déanamh tíolacthaí
Soláthraithe Pinsin san áireamh

80.9 milliún
Duillín pá faighte

2.8 milliún Fostaíocht Ghníomhach
Pinsin Cheirde san áireamh

€98.2 billiún
Pá Comhlán agus Pinsin Tuairiscithe

6.1 milliún
Tíolacthaí Párolla

Dáileadh Pá Chomhláin agus Pinsean



mochúrsaí

Tá breis agus 191,000 duine tar éis Radharc ar Líne an Fhostaí a úsáid

Cláraigh anois ar www.revenue.ie/mochursai

Príomhthorthaí

Bailiú agus Comhlíontacht

- Ba é suim na nglanfháltas státchiste le haghaidh 2019 ná €58.3 billiún, arb ionann é agus ardú 6.7% ar fháltais 2018 (Tábla 2)
- Bailíodh €15.9 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste thar ceann gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear €12.2 billiún in ÁSPC (Tábla 1)
- Ráta comhlíontachta tuairisceáin/íoca 98% do ghnóthaí meánmhéide le leibhéal an-ard comhlíontachta á choinneáil ar an iomlán (Tábla 8)
- Baineadh amach ráta comhlíontachta 97% i gcás na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) in 2019 (Tábla 3).

Fiachas a Bhainistiú

- Bhí fiachas €917 milliún ar fáil lena bhailiú, laghdú€115 milliún (11%) ar 2018.
- Ba é 1.09% céatadán an fhiachais a bhí ar fáil le bailiú mar chéatadán de na fáltais chomhlána, laghdú 1.34% ar 2018.
- Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí socruithe tráthíocaíochtaí i bhfeidhm ag 6,358 gnó agus daoine aonair i leith fiachas €73 milliún

Seirbhís chun Tacú le Comhlíontacht

- 2.6 milliún íocaíocht leictreonach (ardú 9.4%) íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim, ar luach €64.8 billiún (ardú 0.2%) (Tábla 3)
- 1.3 milliún aisíocaíocht leictreonach le cáiníocóirí, ar luach €8.2 billiún (Tábla 4)
- 5.8 milliún tuairisceán leictreonach faighte (Tábla 3)
- 2.4 milliún glao fóin freagartha (Tábla 3)
- 1.5 milliún mír chomhfhreagrais (litreacha, ríomhphoist slán, fiosruithe ar líne srl.)
- 1.7 milliún dearbhú Custam próiseáilte
- 2.6 milliún cáiníocóirí aonair cláraithe ar moChúrsaí ag deireadh 2019

Nua-Aoisiú ÍMAT

- 8.4 milliún Fógra Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) iarrtha
- 6.1 milliún tíolacadh párolla rathúil
- 181,631 fostóirí ag déanamh tíolacthaí (soláthraithe pinsin san áireamh)
- 2.8 milliún fostaíocht ghníomhach
- 98.2 billiún tuarastal comhlán agus pinsin tuairiscithe
- 2.75 milliún Deimhniú Creidmheasanna Cánach eisithe le haghaidh 2020

Teagmháil le Trádálaithe i leith an Bhreatimeachta

- 103,114 litir eisithe chuig gnóthaí atá i mbun trádála leis an Ríocht Aontaithe
- 28,794 gnó aonair a rabhthas i dteagmháil leo trí fheachtas fóin
- 1,758 duine i láthair ag 11 seimineár trádála reáchtáilte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na tíre.
- 24,118 uimhir Clárúcháin agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI) cláraithe

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

- €547.6 milliún mar thoradh ar idirghabhálacha iniúchóireachta agus comhlíontachta — €222.6 milliún ó iniúchtaí agus imscrúduithe agus €325 milliún ó idirghabhálacha neamh-iniúchóireachta (Tábla 11)
- €29 milliún, ús agus pionóis san áireamh, mar thoradh ar shocraíochtaí ar 127 cás seachanta cánach
- €58.7 milliún i socraíochtaí cánach comhaontaithe le 186 cáiníocóirí agus foilsithe in Iris Oifigiúil in 2019 (Tábla 14)

Urghabhálacha

- 10,279 urghabháil drugaí, ar luach €23.6 milliún (Tábla 16)
- 13.4 milliún toitín agus 3,564kg de thobac urghafa, ar luach €8.6 milliún agus €2 milliún faoi seach (Tábla 17)
- 1,565 feithicil urghafa
- 99,895 lítear de bhreosla neamhdhlisteanach urghafa
- 52 urghabháil airgid arbh fhiú €809,896 iad
- €587,367 d'orduithe forghéillte airgid ceadaithe ag an gCúirt Chuarda in 37 cás
- 259 meaisín cearrbhachais urghafa in 2019

Ionchúisimh/Pionóis

- 15 chiontú choiriúla de bharr imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta (Tábla 20)
- 679 ciontú agus fíneáil arbh fhiú €2.8 milliún iad de bharr raon ciontuithe achoimre éagsúla (Tábla 20)
- €2.8 milliún a d'eascair as 704 pionós mar thoradh ar thuairisceáin neamhthíolactha (Tábla 21)

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta

- 74 Comhaontú um Chánachas Dúbailte sínithe (73 i bhfeidhm) agus 26 Comhaontú um Malartú Faisnéise Cánach (Comhaontuithe CMFC) i bhfeidhm ag deireadh 2019
- Daingniú iomlán ar an gCoinbhinsiún Iltaobhach chun Bearta a bhaineann le Comhaontuithe Cánachais a Fheidhmiú d'fhonn BEPS a Sheachaint (MLI)

- 1,901 iarratas ar chúnamh frithpháirteach faighte agus 672 iarratas eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (Tábla 22) lena n-áirítear iarratais a bhaineann le deacrachtaí cánachais dhúbailte a réiteach (seachas deacrachtaí praghsála aistrithe)
- 11 Nós Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (nósanna imeachta NICF) curtha i gcrích tar éis teagmhála le hÚdaráis Inniúla i ndlínsí eile chun deireadh a chur le cánachas dúbailte maidir le díospóidí cánach idirnáisiúnta (nósanna imeachta NICF) agus 2 Réamh-Chomhaontú Praghsála (réamh-chomhaontuithe RCP) ceadaithe chun díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a thagann aníos a chosc (Táblaí 23 & 24)

Ár bhFeidhmíocht a Thagarmharcáil

- Bhí Éire ar an tír ba éifeachtaí san AE ó thaobh cánacha gnó a íoc agus an 4ú tír ba éifeachtaí ar fud an domhain, an rangú a bhí againn anuraidh coinnithe againn dar leis an tuairisc PwC/World Bank Group Paying Taxes 2020[1] a foilsíodh i mí na Samhna 2019
- Éire rangaithe sa 20% is fearr ar fud an domhain ó thaobh “Éifeachtúlacht Imréitigh Teorann” in 2019 de réir The Global Competitiveness Report 2019[2] a d’fhoilsigh an Fóram Eacnamaíoch Domhanda i mí Dheireadh Fómhair 2019.

[1] https://www.pwc.com/gx/en/services/tax/publications/paying-taxes-2020.html
[2] https://www.weforum.org/reports/global-competitiveness-report-2019

Struchtúr na hEagraíochta

Coimisinéir Gerry Harrahill

- Rannóg na gCorparáidí Móra
- Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais
- Rannóg na bhFiontar Meánmhéide
- Rannóg na gCustam
- Rannóg Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim
- An Rannóg Imscrúduithe & Ionchúiseamh

Cathaoirleach Niall Cody

- Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Gnó
- Rannóg an Bheartais & na Reachtaíochta Cánacha Indíreacha
- Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Pearsanta
- Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta
- Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Coimisinéir Michael Gladney

- Rannóg na gCánacha Pearsanta
- Rannóg na gCánacha Gnó
- Rannóg an Ard-Bhailitheora
- Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí
- Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus Lóistíochta

Coiste Comhairleach Bainistíochta

Seirbhís chun Tacú le mochúrsaí Féinmheasúnú

2.6 milliún Cáiníocóirí aonair cláraithe

36,964 Clárúchán Nua

793,221 Cláraithe le haghaidh Cáin Ioncaim



14 Milliún Teagmhálacha le Custaiméirí in 2019



Nua-Aoisiú ÍMAT

Éascú Trádála ag Custaim

1.7 milliún Dearbhú Custam

68,874 Idirghabháil Custam

Socruithe Íoca Fiachais

6,358 le luach **€73m**

Seirbhís chun Tacú le Comhlíontacht

Is é ár ról ná cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialuithe Custam a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus éifeachtúil. Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar chun cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú.

Éiríonn linn ár bpríomhchúram chun cánacha agus dleachtanna a bhailiú a bhaint amach trí sheirbhís den scoth a sholáthar chun tacú le comhlíontacht shaorálach. Tá ár samhail seachadta seirbhísí sofhreagrúil, nuálaíoch agus éifeachtúil, agus cinntíonn sé go sáraíonn muid dúshláin na timpeallachta geilleagraí agus gnó atá de shíor ag athrú, agus riachtanais ár gcustaiméirí a shásamh ag an am céanna.

Déanann muid é chomh héasca agus is féidir do cháiníocóirí a bheith comhlíontach go saorálach. Éiríonn linn é seo a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil thar réimse ardán seachadta ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas
- leanúint de leas a bhaint as deiseanna, amhail tuairisciú fíor-ama agus réamhlíonadh tuairisceán cánach, chun feabhas a chur ar eispéireas cáiníocóirí agus an riosca neamhchomhlíontachta de thaisme a íoslaghdú
- cinntiú go dtugann ár samhail seachadta seirbhísí toradh ceart le haghaidh cáiníocóirí agus na gCoimisinéirí Ioncaim araon
- féachaint le costais chomhlíontachta ar cháiníocóirí a íoslaghdú
- laghdú ar an ngá le cáiníocóirí teagmháil a dhéanamh linn.

An tSuim Cheart Cánach a bhailiú ag an Am Ceart

Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim iomlán de €84.2 billiún i bhfáltais chomhlána Státchiste in 2019, lena n-áirítear beagnach €16 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit eile an AE (Tábla 1).

Tháinig méadú 6.7% nó €3.7 billiún ar na glanfháltais Státchiste i gcomparáid le 2018, is é sin €58.3 billiún, agus an méadú is mó ag teacht ó Cháin Ioncaim (39% nó €22.9 billiún), ó CBL (26% nó €15.1 billiún) agus ó Cháin Chorparáide (19% nó €10.9 billiún) (Tábla 2).

I measc na nglanfháltais neamh-Státchiste €15.8 billiún bhí €12.2 billiún i ndáil le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus €758 milliún i ndáil leis an Tobhach Árachais Sláinte. Chomh maith leis sin bhí €473 milliún san áireamh i ndáil leis an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ), cáin atá á riar agus á bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríodh na glanfháltais chuig an gCiste Rialtais Áitiúil.

In 2019 leanadh leis na leibhéil arda comhlíontachta saorálaí in am ag cáiníocóirí ar fud na gcánacha ar fad (Tábla 5), rud a léirigh an fhíric go ndéanann an mhórchuid de cháiníocóirí an rud ceart agus go n-íocann siad an tsuim cheart chánach in am. I gcás cásanna móra agus meánmhéide, bhí ráta comhlíontachta 98% i gceist leis na rátaí comhlíontachta in am agus bhí ráta 91% i gceist leis na cásanna uile eile (Tábla 6). Bhí ráta comhlíontachta 97% i gceist leis an gCáin Maoine Áitiúil.

Ba é €4,301 milliún comhlán suim iomlán an fhiachais, agus tháinig laghdú 11% go €917 milliún comhlán ar shuim an fhiachais a bhí ar fáil le bailiú i gcomparáid le 2018. Ba é €144 milliún luach na bhfiach a díscríobhadh mar fhiacha nárbh fhéidir a bhailiú. In 2019, rinne muid éascú ar shocraíochtaí tráthíocaíochtaí i leith 6,358 gnó agus daoine aonair, arb ionann é agus €73 milliún i bhfiachas.

Tacú le Comhlíontacht Shaorálach

Tacaíonn muid le cáiníocóirí tríd an eolas agus treoir chuí a thabhairt dóibh agus é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach.

Príomhghné dár ról ná cabhrú ar bhealach réamhghníomhach le cáiníocóirí lena ndualgais chánach a chomhlíonadh. In 2019, d'éirigh linn é seo a bhaint amach trí roinnt tionscnamh, lena n-áirítear eolas cuí agus dírithe a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do cháiníocóirí, ag obair le comhlachtaí ionadaíocha gnó chun an tseirbhís a fheabhsú agus é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a ndualgais chánach a thuiscint, a gcuid teidlíochtaí a éileamh agus a gcáin a bhainistiú.

Cabhraíonn muid go réamhghníomhach le cáiníocóirí an tsuim cheart chánach a íoc ag an am ceart agus a gcuid **teidlíochtaí a éileamh.** Fianaise air seo is ea ár bhfeachtais dhírithe bholscaireachta, agus, go háirithe ár bhfeachtas bliantúil le meabhrú do cháiníocóirí ÍMAT maidir leis an teorainn ama ceithre bliana ar chreidmheasanna cánach agus faoisimh a éileamh.

Ó 2015 i leith, tá feachtas bliantúil curtha i gcrích againn chun feasacht cáiníocóirí a ardú maidir lena dteidlíochtaí agus cinntiú nach n-íocann siad ach an tsuim cheart chánach agus meabhrú dóibh go bhfuil teorainn ceithre bliana ar éilimh a thíolacadh. I mí na Samhna 2019, scríobh muid chuig breis agus 134,000 oibrithe ÍMAT a d'íoc cáin sna ceithre bliana roimhe gan creidmheasanna nó faoisimh bhreise a éileamh. Tharraing an feachtas aird ar an spriocdháta d'éilimh i leith 2015 (is é sin 31 Nollaig 2019) agus mhol sé do cháiníocóirí ár seirbhísí ar líne a úsáid lena gcuid teidlíochtaí a éileamh.

Tá freagra láidir dearfach tagtha ó cháiníocóirí mar gheall ar na feachtais seo, agus spreagann siad mórán díobh chun teidlíochtaí a éileamh nó ioncam breise a dhearbhú. Tar éis anailís ar ár bhfeachtas in 2018, tá sé le sonrú go ndearna 14% de cháiníocóirí a ndearnadh teagmháil leo teidlíocht a éileamh, athbhreithniú ar a stádas cánach a iarraidh nó ioncam breise a dhearbhú taobh istigh de 6 mhí ón litir a fháil. Mar thoradh ar na héilimh seo, d'aisíoc muid €32.1 milliún, é sin agus de bharr dearbhuithe i leith ioncam breise, íocadh beagnach €1 milliún i gcáin bhreise.

Is léir tionchar dearfach den chineál céanna i leith ár bhfeachtais in 2019: léirítear san anailís tosaigh, thar mhíonna na Samhna agus na Nollag 2019, gur thíolaic na daoine a ndearnadh teagmháil leo breis agus 30,000 tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT i leith 2015, arb ionann é agus 7% den iomlán a tíolacadh i leith na bliana sin. Sa tréimhse chéanna, rinne na cáiníocóirí a ndearnadh teagmháil leo breis agus 85,000 tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT i leith na mblianta 2016–2018. Ós rud é nach raibh, sna ceithre bliana roimhe, aon teidlíochtaí éilithe ná dliteanais bhreise dearbhaithe acu siúd a ndearnadh teagmháil leo, féadfaidh muid a bheith réasúnta muiníneach de go raibh an cinneadh tuairisceáin Cánach Ioncaim ÍMAT ina thoradh díreach ar an litir mheabhrúcháin agus an feachtas meán cumarsáide a ghabh leis.

Tacaíonn muid le agus éascaíonn muid leibhéal ard comhlíontachta saorálaí trí **fhaisnéis ardchaighdeáin, shaincheaptha, shoiléir, leanúnach a chur ar fáil** do cháiníocóirí agus a ngníomhairí, a n-ionadaithe agus a gcomhlachtaí tionscail. Chomh maith le hardáin thraidisiúnta faisnéise amhail ár suíomh idirlín, leanann muid d'fheabhas a chur ar eispéireas cáiníocóirí agus an riosca neamhchomhlíontachta a laghdú trí theagmháil chomhoibríoch. Tá achoimre ar roinnt samplaí dár dteagmháil trí réimse fóram agus imeachtaí sna hailt seo a leanas.

Tá muid ag leanúint le teagmháil ghníomhach a dhéanamh le hinstitiúidí airgeadais trí fhóraim éagsúla chun comhlíontacht le riachtanais tuairiscithe an **Mhalartaithe Uathoibríoch Faisnéise** a chinntiú. In 2019, thug muid cur i láthair do Chomhdháil Bhliantúil Irish Funds mar chuid dár straitéis for-rochtana chun feasacht, tráthúlacht agus caighdeán an tuairiscithe ag institiúidí airgeadais a fheabhsú.

Le linn 2019, bhí muid i dteagmháil le hearnáil na Seirbhísí Poiblí trí cheithre **Sheimineáir do Chomhlachtaí Poiblí** a thionól. I measc na n-ionadaithe ó na Ranna Rialtais bhí an earnáil

oideachais, an earnáil sláinte agus na húdaráis áitiúla. Ar an iomlán, bhí tuairim is 250 toscairí i láthair, agus is ionann é sin agus 152 comhlacht poiblí ar an iomlán. Tugadh achoimre sna seimineáir ar na rioscaí reatha cánach i ngach earnáil, forbairtí cuí amhail an Nua-Aoisiú ÍMAT agus an Bhreatimeacht agus na tacaíochtaí sonracha ó na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú leis an gcomhlíontacht shaorálach.

Le linn 2019, thug muid seisiúin eolas agus cur i láthair ag réimse imeachtaí gnó, lena n-áirítear:

- Clinicí comhairle ar an gclár Springboard mar chuid d'imeachtaí tacaíochta d'fhiontraithe arna reáchtáil ag Oifigí Fiontair Áitiúla
- Brainsí áitiúla an ACCA agus an ACA
- 'Ceardlann faoin Tionscadal Diaspóra' mar chuid d'imeacht arna reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun tacú le himircigh a fhilleann chun na tíre le gnó a aistriú go hÉirinn.

Comhairle agus Tacaíocht in Am is i dTráth a Chur ar Fáil

I gcúinsí áirithe, féadann cáiníocóirí agus a ngníomhairí teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun tuairim nó deimhniú a fháil sa chás go bhfuil amhras ann maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánach i leith idirbheart nó cásanna áirithe. Is é **Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS)** atá mar mheicníocht don teagmháil seo.

Mar aitheantas don tábhacht straitéiseach atá leis an RTS do cháiníocóirí agus a ngníomhairí, bhunaigh muid foireann thiomnaithe in 2019 chun soláthar seirbhíse níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chinntiú.

Sa mhéid agus a bhaineann sé le cásanna nach cásanna móra iad, cuireann an fhoireann seo an RTS a car fáil ar bhonn náisiúnta. Faoin struchtúr nua seo, tá *Foireann Bainistíocht Fiosruithe* thiomnaithe ann a chinntíonn leanúnachas an chuir chuige i leith fiosruithe agus a fheabhsaíonn bealaí cumarsáide le cáiníocóirí agus le gníomhairí a bhaineann úsáid as an tseirbhís. Baineadh amach feabhsuithe suntasacha sa seachadadh seirbhísí in 2019. Mar shampla, tháinig laghdú 46% ar líon na gcásanna oscailte ag deireadh 2019 i gcomparáid le 2018. Ina theannta sin, bhí feabhsú 11% i gceist in 2019 le líon na bhfiosruithe a ndéileáladh leo taobh istigh de 20 lá, i gcomparáid le 2018.

Le linn 2019, ba é 409 líon iomlán na dtuairimí/na ndearbhuithe a cuireadh ar fáil tríd an RTS.

Mar chuid den phróiseas gnó don RTS, sainaithníonn muid deiseanna chun ár n-ábhar treorach, atá ar fáil ar ár suíomh idirlín, a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta. I gcaitheamh 2019, de bharr na bhfiosruithe RTS a fuarthas, rinneadh nuashonrú ar ár *Lámhleabhair Chánach agus Dhleachta* thar réimse leathan agus éagsúil ábhar. Leis an ábhar treorach feabhsaithe seo, éascaítear an chomhlíontacht shaorálach agus cealaítear an gá do cháiníocóirí nó gníomhairí fiosrú teicniúil a chur isteach ar ábhar comhionann.

In Eanáir 2019, d'eisíomar meabhrúchán (eBrief Uimhir 12 de 2019), maidir leis an uastréimhse bailíochta cúig bliana a bhaineann le tuairimí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus mhol muid go mbeadh tuairimí a tugadh fáil idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2013 faoi réir athbhreithnithe. Aon cháiníocóirí ar mian leo leanúint ar aghaidh ag brath ar thuairimí den chineál sin, iarradh orthu iarratas a dhéanamh ar a athnuachan nó síneadh a chur leo ar an 29 Márta 2019 nó roimhe sin. Fuair muid iarratais chun 12 thuairim dá leithéid sin a athnuachan nó síneadh a chur leo.

Mar thuairimí/deimhnithe atá éagsúil ón méid a chuirtear ar fáil tríd an RTS, is éard is **Tuairimí Cánach Iomchuí** ann ná iad siúd nach gcuirtear ar fáil ach amháin do chuideachtaí agus

eintitis eile (ní do dhaoine aonair ná chun tairbhe daoine aonair) agus a bhaineann le cánacha díreacha amháin (mar shampla Cáin Chorparáide, Cáin Ioncaim Gnó, Dleacht Stampa, CGC). Le linn 2019, thug muid 194 tuairim den chineál seo do chuideachtaí agus eintitis eile maidir le ceisteanna casta teicniúla (Tábla 10).

I mí an Mhárta 2019, sheol muid ár bhfeidhmchlár nua Seirbhísí Bainistithe Fiachais (DMS) a thugann seirbhís níos éifeachtúla trí áis **Socraíochta Tráthíocaíochtaí ar Líne** chun tacú le gnóthaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí íoca cánach acu. Tá an tseirbhís seo ar fáil 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain, tugann sé eolas cothrom le dáta ar dhliteanais agus tuairisceáin amuigh agus treoraíonn sé an cáiníocóir tríd an bpróiseas iarratais le Socraíocht Tráthíocaíochtaí a fháil. In 2019, phróiseáil muid 4,950 tíolacadh tráthíocaíochtaí a rinneadh tríd an áis nua ar líne. Ón uair a cheadaítear é, tá solúbthacht mhór ag cáiníocóirí an sceideal íocaíochta a fhéinbhainistiú ar aon dul le riachtanais gnó a bhíonn i gcónaí ag athrú. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí iomlán de 6,358 socraíocht tráthíocaíochtaí á bainistiú go gníomhach tríd an gcóras DMS.

Maidir lenár ngrúpaí corparáidí móra, cuireann muid chun cinn agus feidhmíonn beartas um chomhlíontacht chomhoibríoch trínár **gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (an CCC)**. Is é is cuspóir leis sin ná ár gcaidreamh le gnóthaí móra corparáideacha a bhainistiú ionas gur féidir linn oibriú le chéile chun an leibhéal is airde comhlíontachta saorálaí a bhaint amach ar fud na gcánacha agus dleachtanna uile. Tugann an CCC deis do ghnóthaí corparáideacha atá páirteach ann idirphlé a dhéanamh linn, rud a chabhraíonn leo cinnteacht fhadtéarmach a bhunú maidir le nochtuithe cánach agus dleachta, chomh maith le tuairim mhaith a bheith acu roimh ré faoinár seasamh maidir le gnéithe áirithe d'oibleagáidí cánach agus dleachta. Mar chuid den CCC, reáchtáiltear cruinnithe athbhreithnithe riosca go bliantúil le gnóthaí rannpháirteacha. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí 116 grúpa corparáideach ag obair linn sa CCC, agus mar thoradh ar na cruinnithe seo agus rannpháirtíochtaí eile faoin CCC, rinne na grúpaí seo nochtuithe de bheagnach €20 milliún.

Saoráidí Féinseirbhíse Feabhsaithe

An sprioc atá againn ná chun samhail seirbhíse a chur in oiriúint do riachtanais ár gcáiníocóirí, chun é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach. Tá muid ag leanúint orainn de bheith ag méadú agus de bheith ag feabhsú an réimse seirbhísí ar líne atá ar fáil ar bhonn 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain, rud a chiallaíonn go bhféadfaidh cáiníocóirí agus gnóthaí a n-idirghníomhú linn a bhainistiú ag am a oireann dóibh agus ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais.

In 2019, thosaigh muid ar an bpróiseas an tsraith iomlán tuairisceán scairscéime a aistriú ó thuairisceáin páipéir chuig tuairisceáin ar líne. Chun an t-athrú seo a éascú, d'fhorbair muid áis do **Dhualgais Tíolactha Scairscéime** laistigh de ROS. I mí an Mheithimh 2019, cuireadh na tuairisceáin RSS1 (Tuairisceán i leith Scair-roghanna agus Cearta eile) agus KEEP1 (Clár Rannpháirtíochta um Príomhfhostaithe) ar fáil chun iad a thíolacadh ar líne trí ROS.

Chun cur le comhlíontacht shaorálach a chumasú agus an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontacha a íoslaghdú, tá córais oibre um **réamhlíonadh tuairisceán cánach** (Foirm 11, Foirm 12, CT1) forbartha againn a úsáideann sonraí ó réimse foinsí. Leis an gcóras oibre seo, tá sé níos éasca ar cháiníocóirí tuairisceáin chánach a chomhlánú, íoslaghdaítear an scóip le haghaidh earráidí agus easnaimh, laghdaítear an gá le teagmháil dhíreach a dhéanamh linn agus cuirtear dlús leis an bpróiseas chun tuairisceán cánach a thíolacadh.

Baineann muid úsáid as réimse leathan sonraí le tuairisceán cánach a réamhlíonadh, lena n-áirítear:

- pá comhlán tuilte an fhostaí, cáin agus MSU asbhainte, mar atá tuairiscithe ag fostóirí

- sonraí faoi phinsin agus sochair eile curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)
- sonraí ar íocaíochtaí le fochonraitheoirí a fhaightear ó thuairisceáin Cánach Conarthaí Iomchuí (CCI) (baineann sé seo go príomha leis an earnáil tógála)
- Eolas maidir le faoiseamh cánach na Dreasachta Athchóirithe Tí (DAT) a thíolacann conraitheoirí a dhéanann athchóiriú cáilitheach
- sonraí ar íocaíochtaí scéimeanna AE d'fheirmeoirí agus tairbhithe eile curtha ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- sonraí ar Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta a dhéanann údaráis áitiúla le tiarnaí talún
- sonraí ar thionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

Is pointe rochtana aonair é **moChúrsaí** dár seirbhísí slán ar líne do dhaoine aonair. Tá sé ar fáil 24/7 i gcaitheamh na bliana uile agus tá sé go hiomlán inrochtana ar gach gléas móibíleach agus cliste. Is é an bealach is tapúla, is éasca agus is áisiúla é do dhaoine aonair rochtain a fháil ar a dtaifid chánach agus a ndualgais chánach a bhainistiú.

Leis an athchóiriú ar an gcóras ÍMAT, go háirithe faisnéis párolla fíor-ama a fháil, tá sé curtha ar ár gcumas breis seirbhísí ar líne a chur ar fáil do cháiníocóirí ÍMAT in moChúrsaí. Mar shampla, in 2019, chuir muid saoráid ar fáil do cháiníocóirí ÍMAT féachaint ar sonraí bpá agus asbhaintí don bhliain mar a thuairiscíonn a bhfostóirí iad. Tá tuilleadh eolais faoi na seirbhísí breise ar líne do cháiníocóirí ÍMAT ar fáil san alt ar an Nua-Aoisiú ÍMAT ar leathanach 23.

Féadann feirmeoirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh CBL aiséileamh a dhéanamh ar CBL a thabhaítear ar chaiteachas áirithe, lena n-áirítear tógáil foirgneamh feirme, míntíriú talún agus fálta. I mí Eanáir 2019, chuir muid seirbhís nua ar líne ar fáil chun **Aisíocaíochtaí CBL le Feirmeoirí Neamhcláraithe** a éascú. Tá an tseirbhís aisíocaíochtaí ar fáil in ROS agus in moChúrsaí araon agus mar thoradh ar an tseirbhís tá laghdú 40% tagtha ar an am a thógann sé éilimh aisíocaíochta a phróiseáil nuair a chuirtear i gcomparáid é le 2018. In 2019, phróiseáil muid beagnach 37,000 éileamh aisíocaíochta CBL a cuireadh isteach ar líne tríd an tseirbhís nua seo agus aisíocadh breis agus €83 milliún le feirmeoirí.

In 2019, sheol muid **córas nua iarratais ar líne le haghaidh Carthanas agus Comhlachtaí Spóirt** chun ligean d'eintitis den chineál seo iarratas a dhéanamh ar líne le haghaidh díolúine chánach don Scéim Tabhartas Carthanúil (carthanais amháin) agus chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi charthanas nó comhlacht spóirt a bheith ag scor a n-oibríochtaí. Tá an córas nua ar fáil in ROS agus tá próiseas iarratais éasca ann agus áis chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn iarratais. Mar thoradh ar an úsáid is fearr is féidir a bhaintear as an uathoibriú sa dearadh, tá seirbhís fheabhsaithe ann do cháiníocóirí, tá laghdú tagtha ar na hagaí próiseála d'iarratais agus tá úsáid fheabhsaithe á baint as ár n-acmhainní. Agus díothú déanta ar nósanna imeachta láimhe, is féidir próiseáil aon lae a dhéanamh ar iarratais iomlána.

Seirbhís chuí, chost-éifeachtúil a chur ar fáil

Tá ár n-**áiseanna ar líne agus féinseirbhíse** ar fáil 24/7 an bhliain uile agus is é seo an bealach is tapúla, is éasca, is áisiúla agus is cost-éifeachtúla don chuid is mó de cháiníocóirí chun a gcúrsaí cánach a bhainistiú. Tuigeann muid, áfach, nach bhfuil an uile cháiníocóir in ann leas a bhaint as na seirbhísí seo, ná teacht orthu ná iad a úsáid.

Féadann cáiníocóirí a bheith i mbun comhfhreagrais linn tríd an bpost, é sin nó féadann siad úsáid a bhaint as ár **seirbhís coinní** atá ar fáil anois in 18 n-oifig phoiblí. Trí choinne a dhéanamh, cuirtear deireadh le hagaí feithimh agus féadann cáiníocóirí am a roghnú atá

oiriúnach dóibh bualadh le duine dár mbaill foirne. Chabhraigh muid le breis agus 96% de cháiníocóirí i ndáil lena bhfiosruithe ag an tráth a d'iarr siad coinne, rud a bhain an gá leis an am a chaitheamh chun freastal go pearsanta ar oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

In 2019, d'aistrigh muid oibriú na **seirbhísí fóin** ÍMAT agus Cánacha Gnó ó bheith ina seirbhísí ar bhonn réigiúnach go seirbhísí ar bhonn náisiúnta, rud a chiallaíonn anois go dtagann ár samhail soláthair seirbhíse lenár struchtúr eagraíochta. Leis an gcur chuige seo, tá ár bhfoirne seirbhísí do chomhlíontacht ar fud na tíre in ann déileáil le gach cáiníocóir a dhéanann teagmháil linn, is cuma cén áit a bhfuil siad. Chomh maith leis sin, aistríodh ár seirbhísí fóin ó na huimhreacha costasacha 1890 go huimhreacha náisiúnta (01) ar chostas níos ísle, rud a laghdaíonn an costas orthu siúd a dhéanann teagmháil linn.

Déanann muid monatóireacht ghníomhach ar na bealaí teagmhala gnóthacha seo agus cuireann muid a oiread dár n-acmhainní agus a theastaíonn chun freastal ar an éileamh mar dhianiarracht chun seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil do cháiníocóirí. Déanann muid meastóireacht ar chaighdeán na bhfreagraí agus leanann muid d'infheistiú a dhéanamh oiliúint agus forbairt foirne chun seirbhís chuimsitheach, ghairmiúil a chur ar fáil agus chun ár mbunsprioc inghnóthaithe a bhaint amach, is é sin ceist an chustaiméara a réiteach ag an gcéad phointe teagmhála.

Tá muid tiomanta go gníomhach chun **laghdú a dhéanamh ar an ualach comhlíontachta ar cháiníocóirí a bhfuil suimeanna beaga ioncaim féinmheasúnaithe acu.** Anuraidh, thug muid achoimre ar na torthaí ónár suirbhé ar cháiníocóirí inar iarradh go sonrach tuairimí cáiníocóirí a bhfuil suimeanna beaga ioncaim féinmheasúnaithe (is é sin ioncam ó fhéinfhostaíocht) acu. Chun gníomhú i leith thorthaí an tsuirbhé, rinne muid anailís ar ár mbonn cásanna d'fhonn custaiméirí a aithint a d'fhéadfadh a ndualgais tíolactha cánach a chomhlíonadh ar bhealach níos simplí. Ag eascairt ónár n-anailís, d'aithin muid cáiníocóirí a raibh an tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) á chomhlánú acu, ar tuairisceán níos faide agus níos mionsonraithe é, agus d'fhéadfadh na cáiníocóirí sin an tuairisceán cánach ioncaim níos giorra agus níos simplí atá ar fáil in moChúrsaí a thíolacadh.

Mar chéim thosaigh, scríobh muid chuig breis agus 700 cáiníocóirí chun iad a chur ar an eolas go raibh a gclárúchán Cánach Ioncaim á scor againn agus go raibh eolas breise á chur ar fáil againn dóibh chun cabhrú leo a ndualgais chánach a chomhlíonadh ar bhealach níos simplí. Bunaithe ar thuairisceáin Cánach Ioncaim a tíolacadh do na trí bliana atá caite, d'aithin muid grúpa eile cáiníocóirí le haghaidh roghanna níos simplí chun cáin ioncaim a thíolacadh. Agus muid ag feitheamh ar bhreis anailíse, tá súil againn laghdú a dhéanamh ar an ualach comhlíontacha do na cáiníocóirí seo in am trátha.

Nua-Aoisiú ÍMAT

Tá an Nua-Aoisiú ÍMAT ar an athchóiriú is suntasaí ar an gcóras Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT) ó tugadh isteach ar dtús é in 1960. Ó 1 Eanáir 2019 i leith, tá fostóirí agus soláthraithe pinsin ag tuairisciú sonraí pá agus asbhaintí reachtúla fostaithe agus faighteoirí pinsin do na Coimisinéirí Ioncaim gach uair a íoctar iad. Leis ha hathruithe seo, tá éifeachtúlacht agus feabhsú suntasach ann ó thaobh cruinnis agus trédhearcachta do thuairim agus 180,000 fostóirí agus soláthraithe pinsin, agus do 2.6 milliún fostaithe agus faighteoirí pinsin, agus do na Coimisinéirí Ioncaim. Le linn 2019, rinne fostóirí agus soláthraithe pinsin 6.1 milliún tíolacadh párolla, agus thuairiscigh pá comhlán agus pinsin de €98.2 billiún.

Tuairiscíodh iomlán de €31.6 billiún i gCáin Ioncaim, MSU agus asbhaintí ÁSPC don bhliain tríd an gcóras, agus is ionann é seo agus barrachas €178 milliún ar sprioc 2019. Mar thoradh ar bhearta na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis fheidhmiú an Nua-Aoisithe ÍMAT (ón 1 Eanáir 2019), meastar go bhfuil €52 milliún breise i gCáin Ioncaim bailithe go díreach ó fhostóirí in 2019.

Léirítear sástacht fostóirí leis an Nua-Aoisiú ÍMAT i dtorthaí suirbhé ar fhostóirí a rinneadh in 2019. Mar shampla, d'aontaigh 78% d'fhostóirí go dtógann sé níos lú ama anois an párolla a rith, agus d'aontaigh 80% go reáchtáiltear an párolla níos réidhe anois mar gheall ar an gcóras nua. Tá sonraí breise ar fáil ar leathanach 27.

Leis an athchóiriú ar an gcóras ÍMAT, go háirithe faisnéis párolla fíor-ama a fháil, tá sé curtha ar ár gcumas breis seirbhísí ar líne a chur ar fáil d'fhostaithe in moChúrsaí, lena n-áirítear:

- An tsaoráid curtha ar fáil d'fhostaithe a sonraí pá agus cánach, mar atá tuairiscithe ag a bhfostóirí, a fheiceáil i rith na bliana i bhfíoram. Leis seo tá trédhearcacht ann d'fhostaithe gur tuairiscíodh do na Coimisinéirí Ioncaim na hasbhaintí a rinne a bhfostóirí agus a ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
- Nuair a iarrtar é, féadtar iarratas a dhéanamh go bhfaighfí achoimre thréimhsiúil den phá agus asbhaintí reachtúla. Is doiciméad slán é seo a fhéadann fostaí a chur ar fáil d'aon duine nó comhlacht amhail institiúid airgeadais, dlíodóir nó udarás áitiúil mar chruthúnas ar ioncam nó cáin a íocadh chun críocha iarratas a dheanamh ar iasacht, morgáiste, deontais srl.
- Ag deireadh na bliana, Achoimre Sonraí Fostaíochta ina dtugtar achoimre ar phá agus asbhaintí reachtúla an fhostaí don bhliain, mar atá tuairiscithe a bhfostóirí nó a soláthraithe pinsin. Tá na sonraí ar fáil i gcónaí don fhostaí agus féadtar é a shábháil mar dhoiciméad chun féachaint air nó chun é a phriontáil de réir mar a theastaíonn. Féadtar an doiciméad a úsáid mar chruthúnas ar ioncam nuair a theastaíonn tríú páirtithe é.
- Ag deireadh na bliana, réamh-ríomh deireadh bliana ina léirítear do gach fostaí an bhfuil an tsuim cheart chánach agus MSU íoctha acu don bhliain. Tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a choinnítear ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadann fostaithe breis creidmheasanna a éileamh, amhail costais sláinte, nó ioncaim bhreise a dhearbhú, agus eiseofar Ráiteas Dliteanais mar aon le haon aisíocaíocht chánach nó MSU más cuí.

Ag deireadh Aibreán 2020, fuair muid breis agus 583,000 tuairisceán ó cháiníocóirí ÍMAT, agus is ionann é seo agus méadú 50% nuair a chuirtear i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. D'eisigh muid aisíocaíochtaí le 545,000 cáiníocóirí ar luach €302 milliún. Tá Achoimre Sonraí Fostaíochta cruthaithe ag breis agus 270,000 fostaithe agus tá 284,000 fostaithe tar éis féachaint ar a sonraí pá agus cánach don bhliain.

Tá leathnú déanta againn ar ár mbonneagar TFC chun bheith mar thacaíocht chun breis agus 3.2 milliún réamh-ríomh deireadh bliana a chruthú le haghaidh an 15 Eanáir 2020. Leis an mbonneagar feabhsaithe seo, gach uair a thugtar taifead an fhostaí cothrom le dáta, déanfar ríomh fíorama cothrom le dáta a bheidh ar fáil don fhostaí in moChúrsaí.

Idir fhógairt an Nua-Aoisithe ÍMAT i mí Dheireadh Fómhair 2016 go dtí an dáta seolta beo i mí na Nollag 2018, thóg sé breis agus 2 bhliain é a sheachadadh agus é an tionscadal tras-Rannóige ba mhó a rinne na Coimisinéirí Ioncaim riamh. Agus é faoi lán seoil, bhí tuairim agus 100 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus conraitheoirí seachtracha ag obair go lánaimseartha ar an tionscadal.

Buaiteoir Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, 2019 sa chatagóir 'Scoth na Státseirbhíse'

Sa ghrianghraf (ó chlé go deas): Martin Frazer, Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh; Paschal Donohoe, An tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Conor McDonough; Michelle Carroll; Bríd Reddan; Marie McGuirk; Sinead Sweeney agus Lucy Fallon Byrne, Stiurthóir Oifig Athchóirithe agus Seachadadh, RCPA.

Reáchtáladh Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, 2019, ar an 19 Samhain i Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí dhá ainmniúchán againn ar an ngearrliosta i mbliana:

- An Cháin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe – idir an beartas ardleibhéil a dhearadh agus a fheidhmiú
- Nua-Aoisiú ÍMAT

Bhí áthas an domhain orainn gur éirigh linn sa chatagóir Scoth na Státseirbhíse dár dtionscadal "Nua-Aoisiú ÍMAT". Thug an tionscadal seo isteach an t-athchóiriú is suntasaí riamh ar an gcóras ÍMAT ó tugadh isteach é in 1960. Ciallaíonn na hathruithe seo go mbeidh ar fhostóirí nó soláthraithe pinsin a sonraí pá agus asbhaintí reachtúla a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfíoram gach uair a íocann siad a bhfostaithe nó a bhfaighteoirí pinsin. Feidhmíonn an claochlú seo mar fhreagra ar chastacht phatrúin fostaíochta an lae inniu, laghdaíonn an t-ualach riaracháin trí fhoirmeacha a dhíothú amhail an P35, P30, P45 agus P60, baintear leas as feabhsuithe teicneolaíochta agus méadaítear trédhearcacht do cháiníocóirí. Seoladh an ÍMAT fíor-ama ar dháta gabh-beo amháin d'fhostóirí agus soláthraithe pinsin agus tá an córas comhtháite isteach sa chóras párolla anois, rud a dhéanann na próisis ghnó níos éifeachtaí agus a laghdaíonn costais. Chomh maith leis sin, tá na seirbhísí ar líne níos simplí do cháiníocóirí agus tá siad in ann féachaint ar a gcuid sonraí pá/pinsin agus asbhaintí mar a thuairiscigh a bhfostóirí nó soláthraithe pinsin iad in moChúrsaí.

Gradaim 2019 Women in IT

Sa ghrianghraf (ó chlé go deas): Kathriona Devereux, Óstach, Ruth Kennedy agus Olena Redrugina, Bainisteoir um Chlaochlú agus Athrú, Vizor Software.

Tar éis éirí rath an tionscadail Nua-Aoisithe ÍMAT sa chatagóir Scoth na Státseirbhíse de *Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse*, aithníodh ról Ruth Kennedy sa thionscadail leis an duais *Ceannaire na Bliana um Chlaochlú* ag searmanas na ngradam Women in IT le déanaí. Leagtar béim ar mhná atá ina gceannródaithe sa réimse teicneolaíochta i gclár na ngradam Women in IT.

Thug na moltóirí faoi deara go raibh tasc ollmhór ag Ruth córas a bhunathrú a raibh tionchar aige ar 2.6 milliún daoine ar fud na tíre. Is é an fáth ar bronnadh Ceannaire na Bliana um Chlaochlú ar Ruth ná mar gheall ar í a bheith ag obair faoi réir spriocdhátaí dochta, an bealach comhtháite a thug sí an iomad geallsealbhóirí le chéile (inmheánach agus seachtrach araon) agus a dearcadh an-dearfach i bhfianaise dúshlán ollmhór.

Riachtanais Cáiníocóirí a Thuiscint

Bíonn muid i dteagmháil go leanúnach le cáiníocóirí chun a riachtanais éagsúla agus athraitheacha a thuiscint. Bíonn muid ag plé go forleathan le gníomhairí, ionadaithe tionscail agus gnó trí réimse tionscnamh agus fóram, chun comhoibriú, tacú, comhairle a thabhairt, éisteacht agus foghlaim. Cabhraíonn sé seo linn ár straitéisí seirbhíse, cainéil teagmhála, córais agus seirbhísí tacaíochta a chur in oiriúint chun leibhéal ard comhlíontachta saorálaí a bhaint amach.

Mar chuid dár **gCláir For-Rochtana** freastalaíonn muid ar roinnt imeachtaí ina dtugann ár bhfoireann seirbhísí faisnéise, tacaíochta agus comhairle ar fáil do dhaoine aonair agus do ghnóthaí. I measc na n-imeachtaí seo tá an taispeántas *Ideal Homes*, an *Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta* agus *Taking Care of Business*.

Chomh maith leis seo tá clár for-rochtana leanúnach bunaithe againn leis an *Ionad Eolais do Shaoránaigh (CIC)* i nDún Dealgan. Uair sa mhí, cuireann ár bhfoireann comhairle ar chúrsaí cánach ar fáil do dhaoine den phobal, agus ag an am céanna baineann úsáid as an deis foireann an CIC a chur ar an eolas maidir le haon fhorbairtí suntasacha maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim, amhail na hathruithe don chóras ÍMAT. Rinneadh píolótú ar an gclár i dtosach dhá bhliain ó shin agus is deis dúinn é anois chun bheith i dteagmháil le custaiméirí agus muid ag cabhrú 145 cliant de chuid an CIC i rith 2019. Tá machnamh gníomhach á dhéanamh ar an tseirbhís a leathnú amach chuig Clinicí Eolais do Shaoránaigh eile.

Ar bhonn leanúnach, bíonn muid i dteagmháil agus ag dul i gcomhairle le réimse **cleachtóirí agus comhlachtaí ionadaíocha gnó**. Mar shampla, tríd an *gCoiste Idirchaidrimh um Riarachán Cánach (TALC)* déanaimid athruithe praiticiúla a phlé, a athbhreithniú agus a mholadh chun riar níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach sa chóras cánach.

Is rannpháirtí cuiditheach muid sa phróiseas Dócmhainneachta Pearsanta agus tá ionadaíocht againn ar *Fhóram Comhairliúcháin na Seirbhíse Dócmhainneachta (ISI)* agus ar an *gCoiste Maoirseachta Prótacail araon.*

Chomh maith leis sin, tá ionadaíocht againn ar fhochoiste Dócmhainneachta Corparáidí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí (CLRG). Tá freagracht ar an gcoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí taobh istigh den réimse dócmhainneachta corparáidí le cinntiú go dtéann sé i ngleic le haon ábhair imní de chuid na ngeallsealbhóirí agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. In 2019 d'iarr an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta ar an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar rialáil glacadóirí. San áireamh le seo tá athbhreithniú ar mhaoirseacht agus cáilíochtaí glacadóirí, an t-eolas ba chóir a chur ar fáil don chuideachta agus dá cuid creidiúnaithe ar bhainistíocht an ghnó/dhul chun cinn na glacadóireachta agus ar thrédhearcacht tháillí an glacadóra.

Cuireann an **Coiste Sainchomhairleachta Custam (CSC)** fóram dhá bhealach ar fáil dúinn chun tuairimí a phlé agus a mhalartú maidir le cánachas Custam ar iompórtálacha agus easpórtálacha le heagraíochtaí ionadaíocha. Déanann an fóram comhoibríoch athbhreithniú ar fhorbairtí agus tograí i réimse na gCustam, go háirithe ar leibhéal AE agus tá sé mar aidhm aige tacú le hiomaíochas na hÉireann trí comhairle a thabhairt faoi dhearadh na gcóras Custam in Éirinn a éascóidh an trádáil dhlisteanach a mhéad is féidir. In 2019, bhí an plé dírithe ar ullmhúcháin don Bhreatimeacht ag leibhéil náisiúnta agus AE, ar nuashonruithe TF agus ar aird a tharraingt ar nósanna imeachta agus simplithe atá ar fáil faoi Chód Custam an Aontais chun cabhrú le trádáil dhlisteanach agus gluaiseacht éifeachtúil earraí a éascú. Chomh maith leis sin, cuireadh tús in 2019 le teagmháil lucht trádála maidir le heisiúint ár Córas Iompórtála Uathoibríoch (CIU) náisiúnta nua. Trí leas a bhaint as teicneolaíocht nuálaíoch agus nua-aoiseach, cuirfidh an CIU ar chumas na gCoimisineirí Ioncaim trádáil dhlisteanach a éascú, teorann a chur ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha agus neamhchomhlíontacha, an eagraíocht a oiriúnú ó thaobh reachtaíocht síor-athraitheach agus feabhas a chur ar éifeachtacht ghinearálta

ár réiteach custaim agus muid ag cur seirbhís phoiblí ar fáil don am romhainn.

Rinneamar **suirbhéanna bliantúla ar cháiníocóirí** le deich mbliana anuas chun tuiscint níos fearr a fháil ar iompar cáiníocóirí, ar ionchais na gcáiníocóirí uainn agus ar an leibhéal sástachta leis an tseirbhís a chuireann muid ar fáil. Sa bhliain 2019 rinneamar suirbhé ar fhostóirí. Chomh maith le sástacht ghinearálta na bhfostóirí, lorg an suirbhé a gcuid dtuairimí freisin ar thabhairt isteach an Nua-Aoisithe ÍMAT.

Léirítear sna torthaí go bhfuil leibhéal ard sástachta ag cáiníocóirí leis an tseirbhís a chuireann muid ar fáil, agus 75% d'fhostóirí ag léiriú go raibh siad sásta nó an-sásta (léirigh 20% eile go raibh siad pas beag sásta). Fiafraíodh d'fhostóirí chomh maith an raibh feabhas tagtha ar ár seirbhís do chustaiméirí le bliain anuas: Thuairiscigh 43% go raibh feabhas tagtha, thuairiscigh díreach os cionn leath nach raibh aon athrú agus thuairiscigh 3% go raibh meath sa tseirbhís do chustaiméirí. I measc na bpríomhthorthaí eile, dúirt 87% de na freagróirí go bhfuil sé éasca úsáid a bhaint as ár suíomh idirlín agus dúirt 71% go raibh siad sásta go raibh siad ag fáil cothrom na Féinne i dtaobh ár bhfreagra maidir le deacrachtaí íoca cánach (léirigh 20% eile go raibh siad pas beag sásta).

Tá na leibhéil sástachta seo ar aon dul leo siúd a léirítear sna suirbhéanna ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, cáiníocóirí ÍMAT agus comhairleoirí/gníomhairí cánach a rinneadh le blianta beaga anuas, chomh maith le suirbhéanna maidir le sástacht custaiméirí a rinneadh don Státseirbhís ar an iomlán.

Pléitear torthaí an tsuirbhé maidir leis an Nua-Aoisiú ÍMAT ar leathanach 23 agus tá tuarascáil ar an suirbhé ar fáil ag https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/surveys/index.aspx.

Tacú le Beartas Cánach

Leanfaidh muid orainn ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun cur le meastóireacht, forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais cánach náisiúnta chomh maith leis an AE agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann leis an digitiú agus leis an gcánachas idirnáisiúnta ar chomhlachtaí. Áirítear leis seo anailís agus costálacha staitistiúla agus eacnamaíocha a chur ar fáil don Roinn Airgeadais agus don Rialtas agus don Oireachtas.

D'oibrigh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar fhaoiseamh ó **dhleacht ghealltóireachta** agus ó **dhleacht ar idirghabhálaithe gealltóireachta** a fhorbairt ar bhealach a thacaíonn leis an gcóras cánach agus a chomhlíonann rialacha cúnaimh Stáit an AE. Tháinig an faoiseamh nua i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020 agus ligeann sé do dhaoine faoi dhliteanas na dleachta gealltóireachta (geallghlacadóirí agus cian-gheallghlacadóirí) agus na dleachta ar idirghabhálaithe gealltóireachta (cian-idirghabhálaithe gealltóireachta, ar a dtugtar mhalartáin ghealltóireachta chomh maith) chun a gcuid dliteanas cánach a laghdú trí fhaoiseamh a éileamh ón dleacht sin suas le teorainn €50,000 in aon bhliain féilire amháin.

Leanfaidh muid orainn le tacaíocht a thabhairt agus páirt gníomhach a ghlacadh leis an Roinn Airgeadais i dtaobh polasaithe um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt. Bhí gealltanas i bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide chun ráta **Cánach Carbóin** €80 ar a laghad in aghaidh an tonna a fheidhmiú i leith CO_2 a astaítear. Rinneadh foráil san Acht Airgeadais, 2019 do mhéadú €6 ar gach tonna CO_2 a astaítear, is é sin ráta €26 anois ar gach tonna. Tá sé seo le sonrú anois i méaduithe ar an gcáin ar thráchtearraí sonracha thar réimse breoslaí, lena n-áirítear peitreal, díosal, ola théimh, gás nádúrtha agus breosla soladach, bunaithe ar a n-astuithe carbóin. Tháinig an méadú i bhfeidhm le héifeacht ón mBuiséad maidir le breosla tiomána, leis na hardaithe eile ag teacht i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2020.

Rinneadh foráil san Acht Airgeadais, 2019, chomh maith do mhéaduithe sa tsuim lacáiste

iníoctha faoin **Scéim Lacáiste Díosail**, ag brath ar phraghas miondíola díosail. Tháinig an t-athrú seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020.

Rinneadh foráil sa Acht Airgeadais chomh maith do thabhairt isteach gné nua sa Cháin Cláraithe Feithiclí (CCF) bunaithe ar **astuithe ocsaíde nítrigine (NO_x) na feithicle**. Tá Cáin Cláraithe Feithiclí comhdheánta de dhá chomhpháirt ar leithligh: an muirear bunaithe ar CO_2 agus an muirear bunaithe ar NO_x. Tugadh breis agus 20,000 luach carr cothrom le dáta sa bhunachair luachála carranna atá á choinneáil ag na Coimisineirí Ioncaim chun chomhpháirt CO_2 den CCF a ríomh go léireofaí tionchar an mhuirir bhreise ar luachanna carranna. Cuireadh tús leis an struchtúr nua muirir CCF ar an 1 Eanáir 2020 do charranna nua agus carranna athláimhe araon.

Tá muid ag leanúint de bhainistiú a dhéanamh agus comhairle a chur maidir le **cásanna achomhairc CBL**, ag leibhéal náisiúnta agus AE, a bhfuil luach tábhachtach fasaigh ag baint leo nó a chabhraíonn i léirmhíniú na reachtaíochta naisiúnta CBL i bhfianaise bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Tá méadú de thimpeall 500% ar líon na gcásanna den chineál seo le blianta beaga anuas. Chomh maith leis sin, oibríonn muid go dlúth le comhlachtaí eile Rialtais agus muid ag cosaint léirmhíniú na hÉireann ar an Treoir CBL ag éisteachtaí CBAE nuair a bhíonn an léirmhíniú á cheistiú.

Leagtar amach i **dTreochlár na hÉireann ar Cháin Chorparáide**[3] atá foilsithe ag an Rialtas, céimeanna atá le tógáil i bhfeidhmiú na ngealltanas déanta trí Threoracha AE agus tuairiscí Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) an OECD agus na moltaí atá i léirmheas Coffey, is é sin *Review of Ireland's Corporation Tax Code*[4]. D'oibrigh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar cheapadh polasaí, trí chomhairle agus ionchur a chur ar fáil agus reachtaíocht a dhréachtú, maidir le feidhmiú na mbeart seo a leanas in 2019 dá bhforáiltear i dTreochlár na hÉireann ar Cháin Chorparáide:

- **Hibridí** - Ag tógáil ar an obair a rinneadh ag leibhéal an OECD maidir le BEPS, chuir Choimisiún an AE ar aghaidh a dTreoir in Aghaidh Seachaint Cánach ('TASC') in 2016. Leasaíodh an TASC ó thaobh le neamhréireanna hibridí agus d'aontaigh gach Ballstát leis an Treoir leasaithe seo agus ghlac Comhairle Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais an Aontais Eorpaigh leis go foirmiúil ar an 27 Bealtaine 2017. Aistríodh na rialacha frith-hibride go dlí na hÉireann leis an Acht Airgeadais, 2019

- **DAC 6** – Le Treoir DAC 6, a aontaíodh in 2018, tugtar isteach córas nochta éigeantaigh do shocruithe trasteorann a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh dianphleanáil cánach. Tiocfaidh an córas nochta i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2020. Tar éis an dáta sin roinnfear an fhaisnéis nochta idir córais riartha cánach Bhallstáit an AE. Aistríodh an Treoir go dlí na hÉireann leis an Acht Airgeadais, 2019 agus le Rialacháin 2019 an AE (Comhoibriú Riaracháin i Réimse na Cánach) (arna leasú). San áireamh sa chóras nua tá riachtanas tuairiscithe "aisamhairc", rud a bheidh i bhfeidhm ar shocruithe intuairiscithe trasteorann, agus cuireadh an chéad céim i bhfeidhm idir an 25 Meitheamh 2018 agus an 30 Meitheamh 2020.

- ***Feidhmiú Threoir an AE maidir le Meicníochtaí Réitigh Díospóidí*** – Aontaíodh an Treoir seo, a bhfuil sé mar aidhm aige dlús a chur le réiteach díospóidí i measc Bhallstáit an AE a thagann aníos mar gheall ar léirmhíniú agus feidhmiú comhaontuithe um chánachas dúbailte (díospóidí maidir le praghsáil aistrithe agus leithdháileadh brabúis idir Éire agus Ballstáit eile), i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus aistríodh go dlí na hÉireann í trí Rialacháin 2019 an Aontais Eorpaigh (Meicníochtaí Réitigh Díospóidí Cánach).

- *Nua-aoisiú Rialacha Praghsála Aistrithe* San Acht Airgeadais 2019 rinneadh nua-aoisiú agus nuashonrú ar rialacha praghsáil aistrithe, a éilíodh go mbíonn bearta bhuíon gaolta á

[3] https://assets.gov.ie/4158/101218132506-74b4db520e844588b3d116067cec9784.pdf
[4] https://assets.gov.ie/4220/111218110322-f8ed72acfe914120830b22a5377356e1.pdf

phraghsáil mar a bheadh siad á dhéanamh ag buíon neamhghaolta i bhfad amach, de réir athbhreithnithe Coffey.

I rith 2019, leanamar orainn ag obair chun gréasán conarthaí cánach na hÉireann a leathnú trí idirbheartaíocht a dhéanamh ar Chomhaontuithe nua um Chánachas Dúbailte (CCD). Chomh maith leis sin, táimid ag tabhairt roinnt Comhaontú CCD cothrom le dáta trí idirbheartaíocht a dhéanamh i leith na bprótacal chun bearta frith-BEPS a fheidhmiú, é sin nó idirbheartaíocht iomlán. Tá comhaontú CCD sínithe ag Éirinn le 74 tír agus clúdaíonn siad an Cháin Ioncaim, an Muirear Sóisialach Uilíoch agus Cáin Gnóthachan Caipitiúil. As na comhaontuithe CCD a síníodh, tá 73 cinn díobh i bhfeidhm faoi láthair.

Feidhmíonn na Coimisineirí Ioncaim mar an **Údarás Inniúil** chun críocha díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith faoisimh cánachais dúbailte faoi chomhaontuithe CCD na hÉireann a réiteach. Le linn 2019, ba é an toradh ar an teagmháil a bhí againn le hÚdaráis Inniúla tíortha eile chun cánachas dúbailte a dhíothú ná gur cuireadh 11 chás i gcrích. Bhain 5 cinn díobh siúd le leithdháileadh brabúis idir Éire agus an tír eile i gceist (praghsáil aistrithe) agus 6 cinn le díospóidí praghsála aistrithe. Mar chuid den obair sin, bhí idirbheartaíocht maidir le Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (nósanna imeachta NICF), dá bhforáiltear faoinár ngréasán de chomhaontuithe CCD agus faoi Coinbhinsiún Eadrána an AE (Tábla 25).

Bhí idirbheartaíocht againn le hÚdaráis Inniúla tíortha eile maidir le Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (réamh-chomhaontuithe RCP) déthaobhacha chun deimhniú a fháil, roimh an tréimhse chuntasaíochta i gceist, maidir le bunús comhaontaithe le haghaidh praghsáil aistrithe trasteorann idir comhlachtaí. Féachann na hidirbheartaíochtaí RCP seo chun díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a chosc. In 2019, fuair muid 10 iarratas ar RCP agus ceadaíodh 2 RCP tar éis idirbheartaíocht le hÚdaráis Inniúla tíortha eile (Tábla 24). Le blianta beaga anuas, de bhun na hoibre déanta ag leibhéal an OECD i leith BEPS, tá méadú tagtha ar an líon nósanna imeachta NICF agus ar líon na n-iarratas ar réamh-chomhaontuithe RCP.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, seoladh tionscnamh na hÉireann **Tiomsú Acmhainní Baile (DRM)** ag an mBanc Domhanda i Washington, DC. Is comhoibriú Rialtais iomlán é an tionscnamh DRM idir an Roinn Airgeadais, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus na Coimisineirí Ioncaim, a bhfuil sé mar aidhm aige cumas córais riartha cánach a neartú i dtíortha atá ag forbairt. Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo ná tacaíocht a thabhairt d'údaráis chánacha comhpháirteacha agus feabhas a chur ar chumas DRM inbhuanaithe. Faoin tionscnamh DRM, tabharfaidh Éire tacaíocht do chomhpháirtithe riartha cánach trínár dtaithí a roinnt trí chomhpháirtíochtaí éifeachtacha domhanda. [5]

Tá an reachtaíocht mháil á rialú trí shraith Treoracha ón AE trína mbunaítear an scóip, na faoisimh cheadaithe agus na íos-rátaí dleachta do tháirgí alcóil, tobac agus fuinnimh. Le linn 2019 d'oibrigh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais, an Coimisiún AE agus Ballstáit eile ar athbhreithnithe sonracha ar na **Treoracha Ginearálta maidir le Mál agus Táirgí Alcóil**. Thángthas ar chomhaontú ar an Treoir Ghinearálta maidir le Mál, rud a ndéanfaí nua-aoisiú ar an gcóras dlíthiúil don trádáil idir-AE a nua-aoisiú chomh maith le riachtanais riaracháin don chánachas ar tháirgí dá leithéid. Chomh maith leis sin bhí ionchur againn ar na hathbhreithnithe leanúnacha ar na Treoracha reatha maidir le Cáin ar Fhuinneamh agus Cáin ar Tháirgí Tobac. Chomh maith leis sin, chuaigh muid i mbun plé ar leibhéal AE faoi thaithí na hÉireann maidir le déileáil le calaois bhreosla agus tabhairt isteach an chomharthóra breosla chomhpháirtigh (leis an Ríocht Aontaithe) ó 2015.

[5] https://www.irishaid.ie/news-publications/publications/publicationsarchive/2019/october/domestic-resource-mobilisation.html

Lean muid orainn le páirt a ghlacadh agus ionchur a thabhairt do réimse leathan ábhar cánach agus dleachta idirnáisiúnta ag leibhéal an **Choimisiúin Eorpaigh** agus é mar aidhm aige tionchar a imirt ar an dearadh agus tacaíocht a thabhairt i dtaobh creataí éifeachtacha polasaí a fhorbairt. San áireamh leo seo in 2019, bhí an méid seo:

- Dúshláin chánach ag eascairt as digitiú an gheilleagair
- Grúpa Cód Iompair (Cánachas Gnó) an AE
- Comhbhonn Cánach Corparáide.

Scéim Cúitimh CBL le haghaidh Carthanas

Fógraíodh Scéim Cúitimh CBL le haghaidh Carthanas mar chuid de Bhuiséad 2018 agus é mar chuspóir aige an t-ualach CBL ar charthanais a laghdú agus chun cúiteamh i bpáirt a thabhairt dóibh i dtaobh an CBL a chaitear i leith caiteachais laethúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Baineann sé le CBL a íocadh ar chaiteachas cáilitheach ar an 1 Eanáir 2018 nó dá éis. Féadann carthanais iarratas amháin a tíolacadh in aghaidh na bliana maidir leis an CBL a íoctar ar chaiteachas cáilitheach sa bhliain roimhe.

Tá teorann €5 milliún sa bhliain ar an gciste don scéim. Sa chás gurb mó líon iomlán na n-iarratas a fhaightear in aon bhliain amháin ná an tsuim theoranta, aisíocfar carthanais ar bhonn pro rata.

D'fhéadfadh sé gurb idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2019 a rinneadh na héilimh faoin scéim nua seo i leith CBL a íocadh ar chaiteachas cáilitheach in 2018. Le linn na tréimhse seo, rinne carthanais breis agus 1,143 iarratas ar fiú beagnach €40 milliún iad. As na hiarratais seo fuarthas 61% díobh ó charthanais a thugann tacaíocht don phobal, 16% ó charthanais reiligiúnda, 15% ó charthanais a thacaíonn le hoideachais agus 8% ó charthanais bainteach le bochtanas a laghdú.

Tar éis dáta dúnta na n-iarratas ar éilimh, thug muid faoi phróiseas athbhreithnithe rioscabhunaithe. Sa chás gur sainaithníodh suimeanna neamhbhailí nó earráidí, nó sa chás gur ghá iarratas a choigeartú, chuaigh muid i dteagmháil leis an gcarthanas ábhartha chun na deacrachtaí i gceist a mhíniú.

Eisíodh na chéad íocaíochtaí faoin scéim nua seo do charthanais i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bunaithe ar luach fhoriomlán na n-iarratas bailí a chuir na carthanais isteach, íocadh na haisíocaíochtaí ar bhonn pro rata 13.4%.

An Breatimeacht

Leanadh le hobair fhairsing mhionsonraithe ar ullmhacht agus teagmhasacht do gach cás den Bhreatimeacht ar fud gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais i rith 2019. Mar cuid den ullmhúchán leanúnach seo, bhí páirt ghníomhach againn ag leibhéal naisiúnta san obair idir-Rannach atá á comhordú ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus oibrímid go dlúth leis an Roinn Airgeadais, an Roinn a shocraíonn an beartas fioscach.

Lean muid de pháirt ghníomhach a ghlacadh chomh maith sa Ghrúpa Oibre de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinntigh go raibh an bonneagar criticiúil ar fáil do gach dáta garspriocanna don Bhreatimeacht in 2019. Thug muid comhairle agus tacaíocht theicniúil do na foirne Breatimeachta i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus sa Roinn Airgeadais, de réir mar a theastaigh.

Ag leibhéal Eorpach, bhuaileamar le húdaráis chánach agus custam i mBallstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun pleanáil agus ullmhúchán éifeachtach a dhéanamh don Bhreatimeacht.

Ag féachaint ar ár ról, tá ár bpleanáil ullmhachta agus teagmhasachta don Bhreatimeacht dírithe go mór ar rialuithe custam a chur i bhfeidhm ar bhealach a spreagann trádáil dhlisteanach agus a fheabhsaíonn iomaíochas agus a thacaíonn le gnó fad is bhíonn rioscaí comhlíontachta á mbainistiú.

I rith 2019, lean muid lenár **dteagmháil le ghnóthaí** tríd an gCoiste Sainchomhairleachta Custam agus trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí eagraithe ag gníomhaireachtaí eile Stáit (Fiontraíocht Éireann, an Bord Bia, mar shampla), an 'Mol Breatimeachta' ag an gComórtas Treabhdóireachta, imeachtaí eagraithe ag lucht tionscail, agus cruinnithe le grúpaí ionadaíochta.

Chomh maith leis sin, agus chun dlús agus leathnú a chur lenár gcaidreamh le gnóthaí, d'fhorbair muid Clár cuimsitheach Caidrimh do Thrádálaithe. Tríd an gclár seo, thug muid treoir phraiticiúil do ghnóthaí Éireannacha ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht agus chabhraigh muid leo céimeanna a shainaithint le tógáil chun ullmhú don Bhreatimeacht.

Reáchtáil muid 11 cheann de sheimineáir custam ar fud na tíre dírithe ar eolas faoin mBreatimeacht, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), dírithe ar ghnóthaí, go háirithe gnóthaí lóistíochta agus iompair a dhéanann trádáil le, ó nó tríd an Ríocht Aontaithe. D'fhreastail beagnach 2,000 ionadaithe gnó ar na seimineáir seo. Chomh maith le heolas cuí a chur i láthair, thug muid an deis do ghnóthaí a bheith i dteagmháil lenár saineolaithe custam, duine ar dhuine. Bhí muid i dteagmháil dhíreach le gníomhairí custam agus le soláthraithe bogearraí custam.

Is príomhfhoinse eolais don trádáil agus do ghnóthaí é ár suíomh idirlín agus coinnítear cothrom le dáta é le heolas sonrach ina dtugtar achoimre, ar bhealach soiléir, ar na dualgais ar ghnóthaí ar fud an tslabhra soláthair agus tugtar treoir ann ar chéimeanna a chaithfear a thógáil chun a gcuid dualgas tar éis an Bhreatimeachta a chomhlíonadh.

Chomh maith leis na seimineáir seo, scríobh muid chuig breis agus 100,000 gnó a rinne trádáil leis an Ríocht Aontaithe in 2018 agus 2019, ar gnóthaí iad a sainaithníodh trínár n-anailís ar thuairisceáin sa Chóras Malartaithe Faisnéise CBL (VIES). Rinne muid fiosrú an athuair ar na litreacha seo trí theagmháil dhíreach ar an bhfón a dhéanamh le beagnach 30,000 gnó a sainaithníodh go raibh luach gníomhaíochtaí trádála de bhreis agus €5,000 acu leis an Ríocht Aontaithe in aghaidh na bliana nó minicíocht iompórtála nó easpórtála a léirigh go raibh an Ríocht Aontaithe ina cuid lárnach den slabhra soláthair. Mar thoradh air seo agus na tionscnamh idirchaidrimh uile eile, chuir breis agus 24,000 gnó isteach ar uimhir faoin gCóras um Chlárú agus Aithint Oibreoirí Eacnamaíochta (EORI) le linn 2019, méadú 710% i gcomparáid le clárúcháin 2018.

Tar éis anailís mhionsonraithe, shainaithin muid ár **riachtanais foirne** chun bainistiú a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraing siar ar bhealach eagraithe ón AE. Ceapadh 588 baill foirne nua faoi deireadh Dheireadh Fómhair 2019, agus oiliúint orthu agus iad réidh chun cur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim leanúint de ghluaiseacht trádála dlisteanaí a éascú tar éis an Bhreatimeachta, chomh fada agus is féidir.

Tá na córais TF ag croílár ár n-oibríochtaí uile , agus tá siad lárnach chomh maith sa chaoi a ndéanann Éire agus an AE éascú ar fhoirmiúlachtaí custam a chur i gcrích go tapa agus go héifeachtúil. Le linn 2019, rinne muid próiseáil ar 1.7 milliún **dearbhú custam** iompórtála agus easpórtála trínár gcórais leictreonacha. Tar éis an Bhreatimeachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh méadú suas le 20 milliún sa bhliain i gceist le dearbhuithe iompórtála agus easpórtála. Le hullmhúcháin a dhéanamh don mhéadú a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh dearbhuithe custam, rinne muid obair shuntasach chun cur le cumas ár gcórais chun freastal ar an trádáil leis an Ríocht Aontaithe mar thriú tír. Déileálfaidh ár gcórais go rathúil leis an leibhéal méadaithe idirbheart a thiocfaidh aníos mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Staidreamh agus Taighde na gCoimisinéirí Ioncaim

Paul Morrin ón bPríomhoifig Staidrimh ag déanamh cur i láthair ag seimineár de chuid na gCoimisineirí Ioncaim i mí Iúil

Tacaíonn muid leis an bpróiseas ceaptha polasaí cánach trí staitisticí agus taighde a fhoilsiú a chuireann faisnéise agus sonraí ar fáil le bheith mar bhonn eolais faoi chinntí. I mí Iúil 2019, reáchtáil muid den dara huair Seimineár Staidrimh agus Taighde na gCoimisinéirí Ioncaim ar an téama " Staitisticí agus Taighde a Úsáid chun Éifeachtacht a Fheabhsú". Reáchtáladh é seo i Leabharlann Chester Beatty i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus d'fhreastail breis agus 80 duine ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim, na Seirbhíse Poiblí agus na hearnála príobháidí ar an Seimineár.

Chlúdaigh na cuir i láthair úsáid foinsí iomadúla sonraí chun anailíse a dhéanamh ar CBL, lena n-áirítear ríomh chion na hÉireann don AE faoi Acmhainní Féin CBL, chomh maith lenár dtaighde a dhéanann iarracht tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin do dhaoine íseal-ioncaim féinfhostaithe agus iad ag comhlíonadh a ndualgais chánach agus ár straitéis chun tacú leis na cáiníocóirí seo. Thug Paul Morrin ón bPríomhoifig Staidrimh (POS) achoimre ar an úsáid fhorleathan a bhaineann an POS as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus na pleananna chun cur leis seo i bhforbairt Bonneagar Náisiúnta Sonraí na hÉireann.

Tá na sleamhnáin ón seimineár foilsithe ar ár suíomh idirlín: https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/statistics/about/combined-seminar-presentations-july2019.pdf.

Chomh maith leis an seimineár lean muid orainn ag foilsiú toirt sonraí atá i gcónaí ag méadú, Staitisticí Oifigiúil creidiúnaithe agus taighde ar fháltais chánach agus costálacha an pholasaí cánach. Foilsíonn muid ar bhealach chomh hoscailte agus chomh háisiúil agus is féidir, ag baint úsáid as formáidí Sonraí Oscailte nuair is féidir. Tá ár gcuid eolais faoinar staitisticí foilsithe ar fáil ar Revenue.ie (https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx) agus ar na leathanaigh taighde (https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/index.aspx).

Chomh maith leis sin in 2019, fuair ár bpáipéar taighde ar chánacha caipitiúla (https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/research/capital-taxes-profile.pdf) gradam 'Ardmholadh' amach ó Fhoras an Léinn Fhioscaigh. Fuair ár gcuid oibre ar ríomh Acmhainní Féin CBL na hÉireann gradam Sármhaitheasa agus Nuálaíochta de chuid na Státseirbhíse.

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Idirghabhálacha Iniúchóireachta agus Comhlíontachta

566,282 Idirghabháil le Toradh **€547.6m**

Seachaint Cánach

127 Cás Socraithe

Toradh **€29 milliún**

Urghabhálacha

17,849 Urghabháil Custam/Máil

Ar luach **€50.7 milliún**

Ionchúisimh

15 Ciontú i leith Imghabháil & Calaois Thromchúiseach

679 Ciontú Achomair

Ainmneacha Foilsithe

186 Cás Foilsithe le Socraíochtaí d'iomlán **€58.7 milliún**

Forfheidhmiúchán Fiachais

63,772 Cás

Toradh: **€274.2 milliún**

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Is é ár bpríomhchúram ná cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Éiríonn linn é seo a bhaint amach trí sheirbhís den scoth a sholáthar chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus freagra láidir a thabhairt ar neamhchomhlíontacht. Tá an chuid is mó dár gcáiníocóirí comhlíontacht go saorálach ó thaobh cánach agus dleachta, agus comhlíonann siad a ndualgais tíolactha agus íoca in am agus tíolacann siad tuairisceáin agus dearbhuithe cruinne.

Molann muid do cháiníocóirí a gcuid cúrsaí cánach a choinneáil faoi athbhreithniú agus dul i dteagmháil linn má bhíonn aon bhotúin nó easnaimh ina gcuid tuairisceán cánach, in ainneoin a gcuid iarrachtaí comhlíontachta. Má thagann cáiníocóir ar earráidí nó easnaimh, tá buntáistí suntasacha i gceist má théann siad i dteagmháil linn sula dtugann muid faoi Idirghabháil Comhlíontachta. Trí 'nochtadh cáilitheach' a dhéanamh, féadann cáiníocóirí leas a bhaint as pionóis laghdaithe, foilsiú ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach a sheachaint, agus ionchúiseamh féideartha a sheachaint.

Tacaíonn muid leis an gcultúr láidir seo de chomhlíontacht shaorálach trínár gcreat comhlíontachta rioscabhunaithe cuimsitheach, Tá muid tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar an uile chineál neamhchomhlíontachta. Baineann muid úsáid as réimse leathan sonraí, faisnéise agus teicneolaíochtaí anailíseacha chun riosca a shainaithint, díriú air agus aghaidh a thabhairt air go héifeachtach. Tá muid dírithe ar ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta cáiníocóirí aonair agus a ngnóthaí a neartú, agus nuair is féidir cur in aghaidh dianphleanáil cánach.

Tugann muid aghaidh chomhsheasmhach ar an neamhchomhlíontacht agus cinntíonn go gcinneann iompar cáiníocóirí an cineál, an réimse agus na hiarmhairtí atá i gceist lenár n-idirghabhálacha comhlíontachta. Tá réimse leathan idirghabhálacha againn a fhéadtar a chur i bhfeidhm ag brath ar na rioscaí a shainaithnítear in aon chás ar leith. D'fhéadfadh idirghabhálacha neamhiniúchóireachta comhlíontachta a bheadh ann, idir sheiceálacha dearbhaithe, fhiosruithe gné, agallaimh phróifíle agus iniúchtaí nó imscrúduithe. I gcásanna calaoise cánach agus dleachta tromchúisí, atreoraíonn muid na cásanna chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh ionchúiseamh coiriúil. Ós rud é go bhfuil córas féinmheasúnaithe á oibriú againn, tugann muid aird ar leith orthu siúd nach dtuairiscíonn a gcuid tuairisceán cánach in am. Téann muid sa tóir orthu siúd nach dtíolacann agus muid ag feidhmiú réimse pionós, chomh fada le hionchúiseamh agus é sin san áireamh.

In 2019, ba é €547.6 milliún an toradh a bhí ar 566,282 idirghabháil neamhchomhlíontachta san iomlán. San áireamh leis sin tá 3,029 iniúchadh agus imscrúdú, ar a raibh toradh €222.6 milliún (Tábla 11). Chomh maith leis sin, cuireadh i gcrích 563,253 idirghabháil comhlíontachta eile, idir bhreis agus 22,719 seiceáil ar cháiníocóirí ÍMAT agus bhreis agus 375,000 seiceáil riosca thar gach idirbheart, lena n-áirítear éilimh aisíocaíochta CBL.

Rinne muid urghabháil ar 3229kg de dhrugaí, ar a raibh luach sráide measta de bhreis agus €23.63 milliún. Rinne muid 4,737 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha, ar luach measta de bhreis agus €10.6 milliún, urghabháil ar 543,000 lítear d'alcól neamhdhlisteanach ar luach measta €3.3 milliún agus urghabháil ar 1,565 feithicil i leith cionta éagsúla (Táblaí 16 agus 17). Anuas air sin, mar chuid de thionscadal comhlíontachta náisiúnta ar an earnáil cearrbhachais agus siamsaíochta, rinneadh urghabháil ar 259 meaisín cearrbhachais.

In 2019, tháinig €2.8 milliún as fíneálacha Cúirte a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar ionchúisimh arna dtionscnamh ag na Coimisinéirí Ioncaim in 679 cás achoimre, chomh maith le 704 pionós sibhialta mar thoradh ar thuairisceáin neamhthíolactha ar luach €2.8 milliún ar an iomlán, agus 15 chiontú choiriúla de bharr calaois chánach agus custam thromchúiseach (Tábla 21). Ag deireadh na bliana, bhí 61 cás coiriúil eile os comhair na Cúirte (Tábla 20).

Cláir Chomhlíontachta

Tá sé mar aidhm ag ár gcreat oibre comhlíontachta rioscabhunaithe íoslaghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar an gcáiníocóir comhlíontach agus tosaíocht a thabhairt dár n-acmhainní comhlíontachta i leith an cháiníocóra neamhchomhlíontach.

In 2019 bhí baint ag ár ngníomhaíochtaí comhlíontachta le gach earnáil den gheilleagar, ach bhí roinnt réimse a raibh fócas áirithe orthu. San áireamh leo seo bhí an earnáil tógála, dochtúirí leighis ionaid, lóistín gearrthéarmach agus an ríomhthráchtáil. Leagtar amach i dTábla 15 sonraí maidir lenár ngníomhaíochtaí comhlíontachta de réir earnála.

Go stairiúil, bhí rioscaí suntasacha don chóras cánach i gceist leis an **earnáil tógála**, agus fianaise air seo is ea torthaí ár gclár comhlíontachta sa réimse seo thar roinnt blianta. I bhfianaise an mhéid seo, agus leathnú na hearnála ar aon dul leis an bhfás láidir geilleagrach, bhí an earnáil tógála le sonrú go láidir arís inár n-idirghabhálacha in 2019. Bhain toradh de bhreis agus €41 milliún leis an earnáil tógála, agus is ionann é agus beagnach 8% den toradh iomlán a tháinig as na hidirghabhálacha uile. Bhí na hidirghabhálacha seo dírithe go príomha ar rioscaí CBL, CCI agus PREM.

Ag baint úsáid as tuairisceáin a thíolaic tríú páirtithe dúinn, leanadh ar aghaidh lenár dtionscnamh náisiúnta comhlíontachta ar an earnáil **dochtúirí leighis ionaid** in 2019. Is é príomhfhócas an tionscadail seo ná an riosca cánach a bhaineann le dochtúirí leighis ionaid a chuireann a gcuid gnó i gcrích trí eintiteas corpraithe. Cuireadh tús le réimse idirghabhálacha comhlíontachta lena n-áirítear 247 iniúchadh, agus táthar ag súil leis go leanfar leis an tionscadal i rith 2020.

Mar a tuairiscíodh in 2018, scríobh muid chuig tuairim is 12,000 duine atá ag fáil ioncaim ó **lóistín gearrthéarmach a sholáthar** le meabhrú dóibh chun é a chur san áireamh ina gcuid tuairisceán cánach. Le linn 2019 chuir muid tús le clár píolótach comhlíontachta, agus scríobh muid cáiníocóirí a bhí ag fáil an ioncaim seo le cinntiú go dtuairiscítear an t-ioncam i gceart. Tá an clár seo fós idir lámha.

Tá muid ag leanúint lenár dtionscnamh gnó a fhorbairt chun feasacht a ardú i measc cáiníocóirí agus ár bhfoirne faoin timpeallacht **ríomhthráchtála**, agus na rioscaí a bhaineann leis agus na himpleachtaí cánach. In 2019 d'oibrigh muid le córais eile riartha cánach chun dualgais tuairiscithe tríú páirtí a bhrú ar aghaidh i gcás soláthraithe seirbhísí íocaíochta, rud a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 agus a chuirfidh lenár n-anailísíocht sonraí le haghaidh sainaithint riosca a bhaineann le trádáil ar líne.

Tá muid tiomanta do **chomhlíontacht CBL a chinntiú i measc trádálaithe ar líne neamhchónaithe** a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí digiteacha do chustaiméirí Éireannacha. I measc phríomhchuspóirí na hoibre seo, tá clárú gnóthaí ar líne a bhfuil leibhéal ard gníomhaíochtaí acu in Éirinn nó a sholáthraíonn earraí ardluach/toirt íseal do mhargadh na hÉireann. Is é an aidhm ná cinntiú go bhfuil na trádálaithe seo ar an eolas faoi agus comhlíontach lena gcuid dualgas CBL agus go bhfuil siad cláraithe go héigeantach in Éirinn i gcúinsí áirithe. Le linn 2019, rinneadh próifíliú ar bhreis agus 3,100 trádálaithe ar líne agus bhí thart ar 200 trádálaithe ar líne cláraithe le haghaidh CBL in Éirinn le breis CBL dearbhaithe pas beag faoi €3 milliún acu.

Tá muid ag leanúint d'aghaidh réamhghníomhach a thabhairt ar dhúshláin na timpeallachta idirnáisiúnta cánach, lena n-áirítear **iniúchtaí praghsála aistrithe rioscabhunaithe a dhéanamh chomh maith le hidirghabhálacha eile comhlíontachta praghsála aistrithe**. Faoi dheireadh 2019, bhí 24 iniúchadh praghsála aistrithe tosaithe againn, agus 7 gcinn díobh tugtha chun críche le toradh €136,000 agus le teorainn €26.6 milliún ar chaillteanais trádála i gceist (éifeacht chánach: €3.3 milliún). Chomh maith leis seo rinneadh measúnuithe leasaithe Cánach Corparáide agus is ionann tuairim agus €144 milliún agus iomlán na Cánach Corparáide gearríoctha a sainaithníodh. Tá formhór na measúnuithe leasaithe faoi hachomharc faoi láthair.

Faoi Alt 1086 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, foráiltear go bhfoilseoidh na Coimisinéirí Ioncaim **Liosta Mainnitheoirí Cánach** in Iris Oifigiúil, laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh gach ráithe ina dtagtar ar shocraíochtaí comhaontaithe nó ina gcuireann na Cúirteanna Cinntí Pionóis i bhfeidhm. Is díspreagadh tábhachtach é seo inár dtroid in aghaidh na neamhchomhlíontachta cánach. In 2019, comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach €58.7 milliún iad, le 186 cáiníocóirí, agus foilsíodh iad. Tugtar sonraí na bhfoilseachán sin in 2019 i dTáblaí 14 agus 15, lena n-áirítear miondealú de réir ráithe agus na hearnálacha is coitianta a foilsíodh.

Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht

Baineann muid úsáid as ár gcumas anailísíochta sonraí agus as ár gcórais measúnaithe riosca chun rioscaí a aithint ar bhealach níos éifeachtaí agus díriú air ar bhealach níos fearr, agus chun tionchar ár gcuid gníomhaíochtaí i leith an iompair comhlíontachta a mheas. Tá muid tiomanta d'uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid sonraí agus anailísíocht agus cuir chuige measúnaithe riosca chun teagmhasacht, scála agus suntasacht na neamhchomhlíontachta a shainaithint agus chun ár gcuid acmhainní a dhíriú chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar na rioscaí sin agus iad a shárú.

Cuireann an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 dualgas ar réimse leathan tríú páirtithe, faighteoirí marsantacha, comhlachtaí Rialtais, institiúidí airgeadais agus cineálacha áirithe idirghabhálaithe san áireamh, chun tuairisceáin eolais a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim. Go hiondúil, is éard a thugtar sna tuairisceáin a fhaightear ná sonraí faoi íocaíochtaí a dhéantar nó sócmhainní a choinnítear thar ceann cáiníocóirí Éireannacha. Déanann muid bainistiú gníomhach ar an gcomhlíontacht leis na riachtanais seo le cinntiú go bhfaigheann muid eolas cuimsitheach ardchaighdeáin.

Déantar na sonraí a bhailítear i d**tuairisceáin tríú páirtí** a mheaitseáil lenár dtaifid agus baintear úsáid astu chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cros-sheiceáil a dhéanamh ar dhearbhuithe cáiníocóirí agus súil a chaitheamh ar aon mhíréir le hathbhreithniú.
- iad siúd nach dtíolacann a aithint agus a d'fhéadfadh a bheith fós i mbun gníomhaíochtaí trádála
- díriú isteach ar thionscadail shonracha chomhlíontachta, mar shampla, cónaitheoirí Éireannacha a fhaigheann ioncam ó shócmhainní thar lear.

Tá muid ag baint úsáid as eolas tríú páirtí níos minice chun tuairisceáin cánach ioncaim a réamhlíonadh. In 2019 rinne muid réamhlíonadh ar bhreis agus 85,000 tuairisceán Cánach Ioncaim le faisnéis ar íocaíochtaí déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, réamhlíonadh ar bhreis agus 81,000 le faisnéis ar thionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, agus réamhlíonadh ar bhreis agus 15,000 le faisnéis ar Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta déanta ag údaráis áitiúla.

Baineann muid úsáid fhorleathan as faisnéis tríú páirtí inár dtionscadail anailísíochta sonraí, chomh maith le réimse foinsí eile sonraí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. In 2019 rinne muid athbhreithniú ar ár gcórais riosca ÍMAT, agus CBL Fíorama, rud a d'íoslaghdaigh líon na n-idirghabhálacha ar cháiníocóirí comhlíontacha agus an t-ualach oibre ar ár bhfoireann, laghdú measta 70% i gcás d'ÍMAT, agus 46% i gcás Riosca Fíorama CBL. Rinne muid anailís chomh maith ar thorthaí tionscadal comhlíontachta chun sainaithint a dhéanamh ar tháscairí riosca fianaise-bhunaithe, rinne muid meastóireacht tionchair ar rogha tionscnamh comhlíontachta saorálaí, agus thacaigh muid le forbairt uirlisí anailíseacha chun calaois CBL a bhrath agus chun measúnuithe riosca de réir earnála a dhéanamh.

Le hionstraimí éagsúla dlí, foráiltear do **Mhalartú Faisnéise (EOI)** idir córais riartha cánach.

Úsáideann muid an fhaisnéis seo chun imghabháil cánach a bhrath agus a chosc agus chun feidhmiú ceart na reachtaíochta cánach náisiúnta in Éirinn a chinntiú.

Tá reachtaíocht i bhfeidhm chun faisnéis faoi chuntais airgeadais a mhalartú go huathoibríoch, lena n-áirítear sonraí cuntais bainc agus sonraí infheistíochtaí, le breis agus 100 dlínse. In 2019, ghlac 91 dlínse san iomlán páirt sa mhalartú sonraí seo. Tugann sé seo faisnéis dúinn maidir le cuntais arna gcoinneáil thar lear ag custaiméirí Éireannacha, agus déantar an fhaisnéis sin a chrostagairt le tuairisceáin chánach chun a chinntiú go bhfuiltear tar éis sócmhainní agus ioncaim uile thar lear a dhearbhú, de réir mar is cuí.

Tá sé de cheangal ar fhiontair mhóra ilnáisiúnta (fiontair FMI) Tuarascáil de réir Tíre (TdT) a thíolacadh ina dtugtar miondealú ar ioncam, brabúis, cánacha agus táscairí eile ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta, i gcás gach dlínse cánach ina ndéanann an grúpa FMI gnó. Tharla na chéad mhalartuithe sonraí TdT idir córais riartha chánach i mí an Mheithimh 2018 agus baineann muid úsáid as an bhfaisnéis seo mar bhonn eolais faoi mheasúnachtaí riosca ardleibhéil maidir le praghsáil aistrithe agus chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí eile a bhaineann le BEPS. Is ar bhonn ráithiúil a mhalartaítear sonraí TdT. In 2019, mhalartaigh Éire sonraí TdT le 61 dlínse.

De réir ár dtiomantais a chomhlíonadh do thrédhearcacht cánach idirnáisiúnta agus i gcomhréir le tionscnaimh AE agus OECD chun EOI idir údaráis chánach a neartú i réimse na rialuithe cánach, chuir muid sonraí 118 tuairim ar fáil in 2019.

Áirítear le **Cúnamh Frithpháirteach** malartú faisnéise a iarradh go sonrach idir Ballstáit an AE agus tíortha eile. Soláthraíonn agus baineann muid leas as cúnamh frithpháirteach trí fhaisnéis den chineál seo a roinnt agus trí fhiosruithe comhoibríocha. In 2019, fuair muid 1,901 iarratas ar chúnamh frithpháirteach ó thíortha eile agus rinne muid 672 iarratas den chineál seo (féach Tábla 22).

Le linn 2019, rinne muid 25,411 **Tuairisc ar Idirbhearta Amhrasta (tuairiscí TIA)** ó institiúidí airgeadais agus comhlachtaí eile ainmnithe a bhfuil ceanglas orthu faoin dlí tuairiscí mar sin a dhéanamh. Scrúdaítear agus úsáidtear tuairiscí TIA a fhaightear chun neamhchomhlíontacht a aithint agus aghaidh a thabhairt uirthi. In 2019, ba é €7.6 milliún an toradh ar idirghabhálacha comhlíontachta a raibh baint dhíreach acu le tuairiscí TIA. D'fhéadfadh an fíorthoradh ó thuairiscí TIA a bheith níos airde mar gheall go bhféadfadh an fhaisnéis a fuarthas a bheith mar gné lárnach de phróifíl riosca an cháiníocóra aonair agus d'fhéadfadh cur le haon toradh breise a fhaightear.

Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar

Mar fhianaise ar ár dtiomantas dúshlán a chur roimh gach cineál gníomhaíochta scáthgheilleagair agus chun srian a chur le deiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta lán-toiliúil a dhéanamh, reáchtáladh réimse leathan idirghabhálacha a dhíríonn ar an gcalaois, trádáil aindleathach, smuigleáil agus coiriúlacht eagraithe.

Tá an t**Aonad Comh-Imscrúduithe (ACI)** ag leanúint d'ionchur suntasach a thabhairt dár stráitéis fhoriomlán idirghabhálacha agus díríonn ar ghníomhaíochtaí scáthgheilleagair. Reáchtálann oifigigh an ACI idir oibríochtaí 'aonair' de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus oibríonn go han-éifeachtach le hoifigigh de chuid an Aonaid Imscrúduithe Speisialta (AIS) sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS), agus nuair a theastaíonn sna cúinsí, leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) chun aghaidh a thabhairt ar réimsí imní coiteanna, thar réimse earnálacha sa gheilleagar. Earnáil amháin is ea an earnáil tógála.

In 2019, thug oifigigh an ACI, mar aon le baill foirne eile sna Coimisinéirí Ioncaim, 829 cuairt neamhspleácha ar láithreáin tógála, chuir agallamh ar 3,476 conraitheoirí, fo-

chonraitheoirí agus fostaithe ar na láithreáin chun iad a chur ar an eolas maidir lena ndualgais chomhlíontachta agus reachtúla eile. Chomh maith leis sin thug siad 844 cuairt eile ar láithreáin tógála i gcomhar leis an RGFCS nó CCÁO, agus 39 cuairt san áireamh leis an dá eagraíocht araon agus cuireadh 3,176 duine eile faoi agallamh.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, cláraíodh 297 duine mar fhostaithe nua faoin gcóras ÍMAT agus athrangaíodh 97 fo-chonraitheoirí eile mar fhostaithe.

Tá muid ag leanúint de bhearta a fhorbairt chun an riosca **calaoise CBL** a chomhrac agus de dhul i mbun caidrimh le gníomhaireachtaí agus fóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear EUROFISC agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCóras Riartha Cánach (IOTA) chun eolas a roinnt i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus an dea-chleachtas. Gné thábhachtach i mbainistiú riosca ná an comhoibriú déthaobhach le Ballstáit ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha trasteorann CBL.

In 2019, d'fheabhsaigh muid ár gcumas anailíse i gcás riosca CBL a aithint agus cásanna a roghnú. Chomh maith leis seo, gineadh measúnuithe sa bhreis ar €16 milliún mar gheall ar ár bhfócas ar chur isteach ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha CBL, agus cuireadh 41 clárúchán CBL ar ceal go héigeantach sa chás go raibh táscairí ann de ghníomhaíochtaí calaoiseacha. Chuir muid fógra ar 244 soláthraithe eachtracha gan na trádálaithe úd lena CBL curtha ar ceal a sholáthar.

I gcás drugaí rialaithe a bheartaítear iad a smuigleáil, nó a iompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil amach as an Stát go neamhdhleathach, tá príomhfhreagracht orainn na **drugaí rialaithe sin a chosc, a bhrath, a idircheapadh agus a urghabháil**. Tacaíonn ár straitéis drugaí le straitéis náisiúnta drugaí na hÉireann, is é sin *Díobháil a Laghdú, ag Tacú leis an Athshlánú: Freagra sláinte-bunaithe ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017–2025.* [6]

Baineann muid úsáid as cur chuige rioscabhunaithe chun príomh-gheallsealbhóirí a shainaithint taobh istigh de na snáitheanna éagsúla den slabhra soláthair do dhrugaí neamhdhleathacha, agus réimse beart agus idirghabhálacha a thionscnamh, lena n-áirítear oibríochtaí idirghníomhaireachta chun deireadh a chur leis na croí-shlabhraí soláthair. San áireamh sa chur chuige rioscabhunaithe seo, tá forbairt agus úsáid faisnéise i gcomhar le páirtithe idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí.

Oibríonn muid go dlúth leis an nGarda Síochána, go háirithe le Biúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, i gcomhfhiosruithe agus comhoibríochtaí. Ghlacamar páirt i 19 oibríochtaí mar iad i rith na bliana. Gabhadh ar 45 duine mar thoradh ar 68 seachadadh comhimeachtaí rialaithe leis an nGarda Síochána agus tá na cásanna seo leis an SIP faoi láthair. Oibríonn muid go dlúth chomh maith leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte, leis an tSeirbhís Chabhlaigh, agus le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) i Liospóin, Europol, Interpol, an Eagraíocht Dhomhanda Custam agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dtíortha eile.

Le linn 2019, rinne muid breis agus 10,279 urghabháil arb ionann é agus 3,229kg de dhrugaí, ar luach measta de níos mó ná €23.63 milliún (Tábla 16).

[6] http://www.drugs.ie/downloadDocs/2017/ReducingHarmSupportingRecovery2017_2025.pdf

Iompórtáil cannabais luibhe ag dronga coireachta eagraithe

I mí Eanáir 2019, bhraitheadh tuairim is 35kg de channabas luibhe ar neasluach €700,000 i mBaile Átha Cliath a bhí coinsínithe d'áitreabh tráchtála i mBéal Feirste. Ba muid a thionscain go ndéanfaí seachadadh rialaithe mar chuid d'oibríocht de Thascfhórsa na nGníomhaireachtaí Comhpháirteacha Trasteorann. Braitheadh 10kg eile de channabas luibhe mar chuid de sheachadadh rialaithe, agus in éineacht urghabhadh iomlán de 45kg sa chomhoibríocht seo ar neasluach €900,000. Bhí sé de thoradh ar an oibríocht chomh maith gur gabhadh ceathrar i dTuaisceart Éireann.

Tá ceangal díreach idir an urghabháil shuntasach seo ar dhrugaí le roinnt iarrachtaí rathúla in aghaidh drong coireachta eagraithe (DCE) atá ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Ó thús 2019 i leith, an toradh atá air seo ná go bhfuil braith shuntasacha eile déanta ar channabas luibhe i roinnt láithreacha i gceantair Bhaile Átha Cliath, Cill Dara agus Baile Átha Luain. De bharr na n-imscrúduithe go dtí seo tá cion coiriúil amháin tugtha. Gearradh pianbhreith trí bliana príosúnachta ar an duine, agus an 18 mí dheireanacha ar fionraí ar an gcoinníoll go bhfágfadh an duine an Stát agus gan teacht ar ais ar feadh 15 bliana.

De bharr idirghabhálacha dírithe mar chuid den imscrúdú go dtí seo, rinneadh urghabháil ar thimpeall 90kg de channabas luibhe a raibh neasluach €1.8 milliún air agus a bhain go díreach leis an DCE idirnáisiúnta seo. Tá ár n-imscrúduithe fós ar bun agus trí chomhoibríocht leanúnach leis an gGarda Síochána agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile forfheidhmiúcháin dlí, tá muid ag obair i bpáirt chun cur isteach tuilleadh ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha an DCE aitheanta seo.

98kgs de channabas luibhe gafa ag trádstóras in iarthar Bhaile Átha Cliath.

I mí an Mheithimh 2019, tar éis foláireamh ón Ionad Náisiúnta Próifílithe, thionscain muid comhoibríocht leis an nGarda Síochána a raibh sé de thoradh air gur braitheadh 98kg de channabas luibhe ar luach measta €1.9 milliún ag trádstóras in eastát tionsclaíoch in iarthar Bhaile Átha Cliath. Bhí sé de thoradh ar an seachadadh rialaithe seo gur braitheadh na drugaí, gur idircheapadh dhá fheithicil agus gur gabhadh beirt. Creidtear go raibh na drugaí beartaithe le haghaidh DCE bunaithe i dTuaisceart Éireann.

An gradam Bonn don Bharr Feabhais – Lárionad Oibríochtaí agus Anailíse Muirí (Támhshuanaigh)

Andrew Ryan (ar chlé) agus Mick Gilligan ag searmanas MAOC-N i Liospóin ar an 30 Deireadh Fómhair 2019

Is éard atá sa Lárionad Oibríochtaí agus Anailíse Muirí (Támhsuanaigh), (MAOC-N), ná Eagraíocht Forfheidhmiúcháin Dlí idirnáisiúnta bunaithe i Liospóin. Is éard atá ann ná pearsanta Forfheidhmithe Dlí agus Mhíleata ó sheacht gcinn de thíortha Eorpacha, Éire san áireamh. Sanntar oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus comhalta den Gharda Síochána go lánaimseartha mar oifigigh náisiúnta idirchaidrimh don MAOC-N i Liospóin. Is é ról an MAOC-N ná gáinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí ar an mhuir isteach san Eoraip. I mbliana, ba é an toradh ar chomhordú idircheapadh lastas cócaoin ó Mheiriceá Theas ná go ndearnadh idirghabhálacha €1.8 billiún san iomlán ó dhronga coireachta eagraithe trasnáisiúnta.

Gach bliain, bronnann an MAOC-N gradam, i bhfoirm boinn do dhaoine a léirigh dúthracht as an ngnáth don chomhrac in aghaidh gáinneáil idirnáisiúnta ar dhrugaí.

Ag searmanas bronnta MAOC-N i Liospóin ar an 30 Deireadh Fómhair 2019, bronnadh Bonn don Bharr Feabhais de chuid MAOC-N ar Andrew Ryan, an Bainisteoir Oibríochtaí Muirí, Aonad Muirí na gCoimisinéirí Ioncaim i Rannóg na gCustam agus ar Mick Gilligan, Príomhoifigeach Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is léiriú an-dearfach iad na Boinn don Bharr Feabhais de chuid MAOC-N ar an ionchur idirnáisiúnta atá ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an gcomhrac in aghaidh na gáinneála idirnáisiúnta ar dhrugaí.

Is é an straitéis atá againn chun dul i ngleic leis an **trádáil neamhdhleathach tobac** ná díriú ar gach céim den slabhra soláthair. Is éard atá i gceist leis seo ná smuigleáil, dáileadh agus díol táirgí tobac aindleathacha a aithint agus díriú orthu. An sprioc atá againn ná na táirgí aindleathacha a urghabháil agus, nuair is féidir, iad siúd atá freagrach as a ionchúiseamh. San áireamh leis an stratéis ilgnéitheach seo tá an méid seo:

- anailís a dhéanamh ar chineál agus méid na faidhbe
- faisnéis a fhorbairt agus a roinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- teicneolaíocht anailísíochta, phróifílithe agus bhraith a úsáid chun lastais, feithiclí, bagáiste agus pacáistí poist a shainaithint agus a scagadh d'fhonn an soláthar táirgí tobac aindleathacha a idircheapadh
- cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní ag pointí iompórtála agus laistigh den tír.

Tá gné trasnáisiúnta agus trasteorann ag baint le mórán de na gníomhaíochtaí coiriúla seo agus, in éineacht le comhoibriú leanúnach leis an nGarda Síochána sa réimse seo, oibríonn muid go dlúth lenár gcomhghleacaithe i ndlínsí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Europol agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam (WCO).

In 2019 thionscain muid ***Tionscadal Náisiúnta Tobac*** chun díriú isteach orthu siúd páirteach in iompórtáil, dáileadh agus miondíol táirgí tobac aindleathacha chomh maith leo siúd atá ag éascú na trádála aindleathaí seo. Ba é an toradh ar ár ngníomhaíochtaí dírithe ná gur urghabhadh breis agus 13 milliún toitín aindleathacha agus 3,534kg tobac, a bhfuil luach de bhreis agus €10.6 milliún in éineacht orthu.

Sa Suirbhé Taighde ar Tháirgí Neamhdhleathacha Tobac, 2019, arna reáchtáil ag Ipsos/MRBI thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus Oifig Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte um Rialú Tobac, rangaítear mar neamhdhleathach 15% de phacaí toitíní i seilbh caiteoirí tobac agus go raibh 9% eile de na pacaí dleathacha le dleacht-íoctha neamh-Éireannach (a cheannaítear go dleathach thar lear de ghnáth). Fuarthas sa suirbhé go bhfuil 12% de na pacaí 'rolladh do chuid féin' i seilbh lucht caite tobac ina bpacaí neamhdhleathacha, agus tá 7% eile díobh ina bpacaí dleathacha dleacht-íoctha neamh-Éireannacha. I gcomparáid le 2018 tá méadú beag i sciar an mhargaidh neamhdhleathaigh toitíní. I gcás pacaí 'rolladh do chuid féin', áfach, meastar go bhfuil laghdú suntasach ó 21% tagtha ar an sciar den mhargadh neamhdhleathach. Tá an laghdú seo ag teacht sna sálaí ar mhéadú ar mhéid an tsuirbhé in 2019. Tá torthaí an tsuirbhé foilsithe ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/surveys/tobacco-consumption-survey/index.aspx. Tá muid ag leanúint ar aghaidh de bheith réamhghníomhach sa chomhrac in aghaidh calaois tobac.

Aimsiú monarchan toitíní góchumtha

I mí an Mhárta 2019, reáchtáil oifigigh dár gcuid, mar aon le comhaltaí den Gharda Síochána, comhoibríocht a raibh cuardach ar aonad tionsclaíoch i nDroichead an Chnoic, Contae Lú mar chuid de. Ar an áitreabh seo, fuarthas go raibh monarcha toitíní góchumtha ó cheann go ceann ar scála tráchtála á bunú. Urghabhadh innealra chun na toitíní a tháirgeadh agus a phacáil, mar aon le hábhar neamhthobac amhail pacáistiú toitíní, páipéar toitíní, scagairí toitíní agus fillteáin ceallafáin. Cé nach raibh an táirgeadh tosaithe, urghabhadh 33 tona de thobac amh a bhféadtar 33 milliún toitín ar a laghad a dhéanamh as. Aimsíodh monarcha buidéalaithe alcóil chomh maith agus tarraingíodh óna chéile é ar an láthair.

Cur isteach ar an slabhra soláthair tobac aindleathaigh

In 2019, ba é an toradh ar ár n-imscrúduithe ar an slabhra soláthair táirgí tobac aindleathacha ná gur sainaithníodh smuigléir tobac, dáileoir agus díoltóir táirgí aindleathacha tobac i gContae Loch Garman. Ag eascairt ó roinnt cuardach ar áitribh, urghabhadh 38,000 toitín agus 26kg de thobac. Tá ionchúiseamh ar na daoine i gceist ar feitheamh faoi láthair.

I mí na Bealtaine 2019, sheol muid **stampa nua cánach tobac**, rud a tháinig in áit an stampa a bhí in úsáid ó 2015 i leith. Tá an stampa cánach tobac mar chuid dár straitéis níos forleithne chun an soláthar agus díol toitíní neamhdhleathacha a chomhrac agus feabhsaíonn sé ár gcumas dul i ngleic le gníomhaíochtaí coiriúla sa réimse seo. Mar gheall ar fheabhsuithe sa teicneolaíocht, tá dearadh nua ar an stampa agus tá gnéithe iomadúla casta slándála ann chun cosaint a thabhairt in aghaidh an ghóchumtha agus na trádála aindleathaí. Leis na gnéithe nuálacha slándála teicneolaíochta seo in úsáid, féadann ár n-oifigigh fíorú go bhfuil an stampa ina stampa fírinneach agus stampa góchumtha a shainaithint i bhfíoram. Agus an stampa cánach seo ar tháirgí tobac, tugtar dearbhú do thomhaltóirí gur íocadh cáin ar an táirge atá ceannaithe acu, agus dá réir go bhfuil an trádáil dhlisteanach agus fáltais an Státchiste á gcosaint. Tá an stampa cánach ríthábhachtach do bhailiú na Cánach ar Tháirgí Tobac ar thoitíní agus tobac mínghearrtha agus cuireann sé ar chumas an phobail idirdhealú a dhéanamh idir an táirge smuigleáilte agus an táirge ar íocadh dleacht ina leith. Tá sé seo tábhachtach mar gheall go bhfuil an chuid is mó de dhaoine comhlíontach ó thaobh cánach agus nach mian leo tacú le neamhchomhlíontacht agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Sa chás nach bhfuil stampa cánach ar phaca toitíní nó ar phaca tobac mínghearrtha atá beartaithe le haghaidh miondíola in Éirinn, beidh an táirge faoi réir urghabhála.

Córais Inrianaitheachta agus Gnéithe Slándála do Tháirgí Tobac

Foráiltear le Treoir 2014 an AE um Tháirgí Tobac (Treoir 2014/40 ón AE) go dtabharfaí isteach córas 'inrianaitheachta' mar aon le 'gné slándála' do tháirgí tobac a sholáthraítear ar mhargaí an AE. Le gné na 'hinrianaitheachta', iarrtar go marcálfaí 'aitheantóir uathúil' ar gach táirge toitín agus gach táirge rolladh do chuid féin agus a tháirgtear san AE nó a iompórtáiltear isteach san AE ón 20 Bealtaine 2019. Ag gach céim sa slabhra soláthair táirgí tobac dlisteanacha, déanann an t-oibreoir eacnamaíochta i gceist (an t-iompórtálaí, an mórdhíoltóir, an dáileoir, srl) an marc seo, ar Maitrís Sonraí, nó Cód QR nó DotCode é, a scanadh chomh fada leis an bpointe deireanach roimh an miondíol. Leis an 'ngné slándála' seo, féadtar fíordheimhneacht aon táirge tobac a fhíorú leis an stampa cánach a úsáidtear mar an ngné slándála i mórán ballstát AE, Éire san áireamh.

D'oibrigh muid go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le Coimisiún an AE (DG SANTÉ) ar fheidhmiú na ngnéithe inrianaitheachta agus slándála do tháirgí tobac in Éirinn. In 2018, ainmníodh na Coimisinéirí Ioncaim mar an Údarás Inniúil chun críocha feidhmeanna áirithe sainithe faoin gcóras seo.

Thar 2019, thug muid faoi thionscadal chun na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích chun na feidhmeanna seo a fheidhmiú. Ina measc seo bhí:

- an t-eisitheoir aitheantais a cheapadh don chóras inrianaitheachta in Éirinn
- comhordú a dhéanamh thar thréimhse naoi mí ar thabhairt isteach an phróisis eisiúna aitheantais ag táirgeoirí / iompórtálaithe táirgí tobac
- stampa cánach sonrach a cheadú le húsáid mar ghné slándála le haghaidh táirgí tobac saor ó dhleacht
- cinntiú go raibh an t-eolas iarrtha uile ag iompórtálaithe, mórdhíoltóirí, dáileoirí agus ionadaithe miondíola chun tacú le comhlíontacht leis na córais seo.

Ón 20 Bealtaine 2019 i leith, cuirtear aitheantóir uathúil aitheantais agus gné slándála ar gach táirge toitín agus táirgí rolladh do chuid féin a sholáthraítear ar an margadh in Éirinn. Tá córas i bhfeidhm chun oibreoirí eacnamaíochta san earnáil tobac in Éirinn a chlárú, tá marcáil chuí á déanamh ar tháirgí tobac a thagann isteach sa Stát agus tá siad á scanadh de réir mar a bhogtar tríd an slabhra soláthair iad. Iompraíonn na táirgeoirí tobac agus na hiompórtálaithe na costais.

Le tabhairt isteach an chórais inrianaitheachta ar bhonn uile-AE, bhíothas in ann stór sonraí uile-AE a chruthú trína mhéadófar caighdeán na faisnéise atá ar fáil ar an slabhra dlisteanach táirgí tobac ar gach margadh san AE. Leis an gcóras inrianaitheachta, beidh údaráis i ngach ballstát in ann monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tobac agus measúnú a dhéanamh ar aon luaineachtaí gan choinne i soláthar nó in atreorú táirgí ón slabhra soláthair dlisteanach. Le himeacht ama, cuirfidh sé seo faisnéis ar fáil chun cabhrú le himscrúduithe ar an tobac mídhleathach in Éirinn agus i mballstáit eile an AE.

In 2019, bhí méadú i líon na n-urghabhálacha móra ar **alcól aindleathach** ag ár bpríomhchalafoirt agus aerfoirt. Bhí sé seo amhlaidh mar gheall ar an méadú sa chomhoibriú agus malartú faisnéise idir Éire agus Ballstáit eile an AE, i ndáil le gluaiseacht táirgí idir banna-thrádstórais san AE. Urghabhadh iomlán de 543,194 lítear alcóil ar luach measta €3.3 milliún le linn 2019. Is ionann é seo agus méadú beagnach 700% i gcainníocht an alcóil aindleathaigh nuair a dhéantar comparáid le 2018.

Chomh maith, ghlac Éire páirt i roinnt oibríochtaí ilnáisiúnta le Ballstáit eile, ag díriú isteach ar ghluaiseachtaí calaoiseacha táirgí alcóil.

Bunaithe ar an bhfianaise go dtí seo, tá muid sásta go bhfuil ár straitéis fhoriomlán an-éifeachtach ó thaobh an **trádáil aindleathach i dtáirgí breosla** a chomhrac. In 2019,ní dhearna muid aon sciúrlanna breosla a bhrath ach tá muid ag leanúint de bheith ar an airdeall go háirithe i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus bagairtí sa réimse seo. Tar éis anailís ar riosca agus ar an slabhra soláthair, thionscain muid Tionscadal Náisiúnta Ola Mianra in 2019 agus sainaithníodh 224 trádálaithe le haghaidh idirghabhála. Chomh maith leis sin, roghnaíodh 25 trádálaithe ola a dhéanann trádáil i mbreoslaí soladacha chomh maith, le haghaidh idirghabhála mar chuid den tionscadal seo. Leanfar le hobair ar an tionscadal amach uaidh 2019.

In 2019, reáchtáil muid an Clár Náisiúnta Samplála Randamaí an athuair, agus tástáil déanta againn ar 123 trádálaithe ceadúnaithe breosla agus 109 trádálaithe san earnáil iompair. Léiríodh fianaise sa chlár seo go raibh breosla sciúrtha á dhíol ag 2 cheann de na 123 ionad miondíola a ndearnadh tástáil orthu. Fuarthas fianaise ar mhí-úsáid breosla ar ráta laghdaithe in 1 cheann de na trádálaithe san earnáil iompair a ndearnadh tástáil orthu. Léirítear i dtorthaí an chláir samplála seo gur fánach a dhíoltar breosla aindleathach go córasach trí ionaid mhiondíola agus a úsáidtear é san earnáil iompair, ach ní léiriú é sin go bhfuil díothú iomlán déanta ar an trádáil aindleathach i mbreosla. Tá torthaí an chláir samplála foilsithe sa rannán Taighde ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/research-reports/excise-and-vat.aspx.

Faoi **fhorálacha urghabhála airgid thirim** san Acht um Fháltais ó Choireacht (arna leasú), 2005, coinníonn muid suimeanna airgid de €10,000 nó níos mór a bhfuiltear ina amhras gur fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla iad, nó atá beartaithe lena n-aghaidh. Nuair a choinnítear airgead tirim, le ceadú ó na Cúirteanna, reáchtáiltear imscrúdú cuimsitheach d'fhonn an t-airgead a fhorghéilleadh don Stát, nuair is cuí. In 2019, fuair na Coimisinéirí Ioncaim ceadú Cúirte in 52 cás ar bhain luach €809,896 i suimeanna airgid thirim leo a imscrúdú (Tábla 19).

I gcásanna inar bunaíodh naisc leis an gchoiriúlacht, rinneamar iarratas chun na Cúirte chun ordú forghéillte a fháil. Le linn 2019, cheadaigh na Cúirteanna orduithe forghéillte maidir le 37 cás urghabhála coiriúla airgid thirim, ar luach €587,367 milliún iad (Tábla 19).

Coinneáil airgid thirim €177,330

Ar an 6 Iúil 2019, choinnigh oifigigh in Aerfort Bhaile Átha Cliath €177,330 in airgead tirim de chuid náisiúnach den Afraic Theas a bhí ag taisteal amach go Düsseldorf. Bhí an chuid is mó den airgead tirim á cheilt i mbagáiste seiceáilte isteach na daoine i gceist, is é sin €15,000 i mbearta folúsphacáilte. Tá imscrúdú ar bun faoi láthair, a bhfuil comhlachtaí agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon páirteach ann, d'fhonn an t-airgead a fhorghéilleadh don Stát.

Forghéilleadh airgid tirim de bhreis agus €50,000

Ar an 16 Deireadh Fómhair 2019, rinneadh iarratas i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar fhorghéilleadh i ndáil le €50,590 a d'urghabh oifigigh in Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an 13 Meán Fómhair 2013 ó dhuine a bhí ar tí bordáil ar eitilt go dtí an Bhruiséil. Aimsíodh tuairim is €44,000 den airgead tirim mbagáiste seiceáilte isteach an phaisinéara, agus an t-iarmhéid á iompar aige féin. Urghabhadh an t-airgead tirim mar gheall go rabhthas in amhras gur fáltas coire a bhí ann nó go raibh sé beartaithe é a úsáid in iompar coiriúil. D'áitigh an duine sa Chúirt gur thug sé cuairt ar Bhaile Átha Cliath chun scrúdú a dhéanamh ar áitreabh gnó custaiméirí de chuid a chomhlachta bunaithe sa Bheilg, agus le linn na cuairte sin fuair sé íocaíochtaí in airgead tirim le haghaidh lastais roimhe seo d'earraí chuig custaiméirí bunaithe in Éirinn. Bréagnú ar an áiteamh seo ba ea an fhianaise a chur an Stát ar fáil agus níor ghlac an Chúirt leis an áiteamh. Ar deireadh, chinn an Chúirt, ba dhóichí gur fáltais choire é an t-airgead tirim, agus/nó go raibh sé beartaithe é a úsáid in iompar coiriúil agus rinne ordú é a fhorghéilleadh don Státchiste.

Tá foráil sna Rialacháin an AE dár ngníomhaíochtaí in aghaidh **earraí góchumtha, bréagacha nó bradacha**. Déanaimid braith rialta ar earraí góchumtha ag calafoirt, aerfoirt agus moil phoist na tíre mar thoradh ar phróifíliú riosca. Déantar mórán de na hearraí góchumtha a bhraitear agus a choinnítear a idircheapadh i moil phoist nó cúiréara, agus iad seolta chuig daoine a cheannaigh iad ar an idirlín. Ó am go ham, braitear coinsíneachtaí níos mó i dtaisceadáin loingseoireachta mar thoradh ar fhaisnéis agus próifíliú riosca.

Le linn 2019, bhraith muid 61,483 earra góchumtha amhrasta ar luach breis agus €5 milliún. I measc raon na n-earraí góchumtha a urghabhadh, tá earraí leictreonacha, cosmaidí, fóin phóca/oiriúintí, éadaí agus seodra, agus is ón tSín agus ón Tuirc a thagann an chuid is mó díobh.

Cothromaíocht, trédhearcacht agus éifeachtacht a chinntiú

Tá sé tábhachtach dúinn go gcinntíonn muid go bhfuil an córas custam cothrom, trédhearcach agus éifeachtach. Chun torthaí cánach a chosaint agus chun cothroime an chórais cánach a chaomhnú, sainaithníonn agus cuireann muid dúshlán go réamhghníomhach roimh **scéimeanna seachanta cánach** agus roimh an reachtaíocht, faoisimh agus liúntais eile a úsáid ar bhealach seachas an bealach atá beartaithe. In 2019 socraíodh 127 cás seachanta canach le toradh tuairim agus €29 milliún i gcáin, ús agus pionóis. Chomh maith leis sin, ag deireadh 2019, bhí dúshlán gníomhach á chur againn roimh 469 cás ina raibh seachaint cánach fhéideartha iontu a bhain le 27 idirbheart. Tá samplaí de dhá idirbheart atá á fhiosrú leagtha amach thíos.

Seachaint Cánach – caillteanais trádála

Bunaíodh 27 sindeacáit san iomlán, agus bhí gach ceann díobh páirteach i sócmhainní airgeadais a fháil, lena n-áirítear comhlachtaí in Oileáin Bhriotanacha na Maighdean. Ba é an toradh ná go raibh caillteanas trádála inchurtha i leith gach ceann de chomhaltaí na sindeacáite, rud a d'úsáid siad le fritháireamh in aghaidh foinsí eile ioncaim, agus dá réir a nochtadh do cháin ar a n-ioncam a laghdú. Ar an iomlán tá 231 duine aonair sna 27 sindeacáit. Tá muid ag cur in aghaidh asbhainteacht na gcaillteanas sindeacáite agus tá measúnuithe ginte againn i leith chomhaltaí na sindeacáite. Rinneadh achomharc ar na measúnuithe seo dá éis. Tar éis éisteacht triúr comhaltaí den sindeacáit ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach (TAC), rinneadh cinneadh i bhfábhar na gCoimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2019. Tá achomharc chun na hArd-Chúirte taiscthe in aghaidh chinneadh an TAC. Go dtí seo, tá socraíocht déanta i leith 12 chás de na 231 cás agus dliteanais €1.8 milliún i gceist leo.

Seachaint Canach – caillteanais chaipitil

Sna blianta 2007 go 2009, shainaithin muid 28 duine aonair a raibh gnóthachan suntasach déanta ag gach duine díobh ar idirbheart caipiteal agus a d'éiligh caillteanas suntasach caipitil le fritháireamh in aghaidh an ghnóthachain. Laghdaigh sé seo an dliteanas cánach gnóthachan caipitiúil a tháinig aníos ar an ngnóthachan suntasach seo acu, agus laghdú iomlán déanta i roinnt cásanna. Bhí neasluach €550 milliún ar iomlán na gcaillteanas caipitiúil a gineadh. Chuir muid in aghaidh na caillteanais chaipitil a bheith incheadaithe, leis an reachtaíocht ginearálta um fhrithsheachaint in Alt 811 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Tionscnaíodh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim agus rialaigh an Ard-Chúirt inár bhfábhar i mí na Samhna 2012. Dheimhnigh an Chúirt Uachtarach an rialú seo i mí an Mheithimh 2016. Caitheadh amach dúshlán eile Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a rinne 15 de na daoine in 2019. Táthar ag súil leis go n-éistfidh an TAC roinnt de na cásanna seo in 2020. Go dtí seo, tá socraíocht déanta ag naonúr de na 28 duine i leith dliteanais €36.4 milliún.

Mar thoradh ar aistriú Treoir DAC 6, ar an 1 Iúil 2020, tiocfaidh córas nochta éigeantaigh i bhfeidhm i leith socruithe trasteorann a d'fhéadfaí a úsáid go féideartha le haghaidh dianphleanáil cánach. San áireamh sa chóras nua tá riachtanas tuairiscithe "aisamhairc", rud a bheidh i bhfeidhm ar shocruithe intuairiscithe trasteorann, agus cuireadh an chéad céim i bhfeidhm idir an 25 Meitheamh 2018 agus an 30 Meitheamh 2020.

Cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an **imghabháil eischósta** a shainaithint, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi. Gné bhunúsach dár gcuid oibre ina leith seo ná an úsáid is fearr a bhaint as na sonraí ar fad atá ar fáil dúinn chun an neamhchomhlíontacht a bhraith agus díriú uirthi. Folaíonn sé seo sonraí a fhaightear faoi shocruithe idirnáisiúnta chun faisnéis a roinnt go huathoibríoch a úsáidtear chun daoine a shainaithint agus dul sa tóir orthu, ar daoine iad a rinne iarracht cuntais, struchtúir nó sócmhainní eischósta a úsáid chun a gcuid dualgas cánach a imghabháil nó a sheachaint.

In 2019, thug muid 104 idirghabháil chun críche ar chásanna a roghnaíodh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin *Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach (FATCA)*. Is éard is FATCA ann ná comhaontú roinnte faisnéise idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ba é an toradh a bhí ar na cásanna seo ná breis agus €2.2 milliún i gcáin, ús agus pionóis agus foilsíodh 10 gcinn de na 104 cás ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach.

Thionscain muid cláir chomh maith in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear faoi na cláir idirnáisiúnta malartaithe faisnéise i leith riosca cánach faoin *Treoir um Chomhoibriú Riaracháin 1 (DAC 1) agus faoin Treoir um Chomhoibriú Riaracháin 2 (DAC 2)*.

Tugann muid faoi imscrúduithe nuair a thagann muid ar chásanna d'imghabháil cánach agus dleachta thromchúiseach, agus féachann muid leis na smachtbhannaí iomlána dlíthiúil atá ar fáil a fheidhmiú ar léiriú iad ar a thromchúisí is atá an imghabháil i gceist.

In 2019, d'atreoraigh muid 14 cás d'imghabháil thromchúiseach amhrasta do Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí chun féachaint le h**imeachtaí coiriúla**. Sa tréimhse chéanna, thug Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí treoir go dtionscnófaí imeachtaí coiriúla in 8 gcás.

Chomh maith leis sin, daingníodh 15 **chiontú i leith imghabháil thromchúiseach cánach**

agus dleachta os comhair na gCúirteanna in 2019.

- Gearradh 8 gciontú i leith cionta tromchúiseacha cánach. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 16 mhí agus 2 bhliain i 5 cinn de chásanna. Cuireadh na pianbhreitheanna ar fionraí i 3 cinn de na cásanna sin, agus gearradh 240 uair an chloig de sheirbhís phobail chomh maith in 2 cheann de na cásanna sin. Gearradh iomlán de €2,500 i bhfíneálacha i 3 chás.
- Gearradh 7 gciontú i leith cionta tromchúiseacha dleachta. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 9 mí agus 2 bhliain i 4 cinn de chásanna. Gearradh pianbhreith ar fionraí iomlán in 1 chás amháin chomh maith le 240 uair an chloig de sheirbhís phobail. Cuireadh an phianbhreith ar fionraí go páirteach in 2 cheann de na cásanna seo. Gearradh iomlán de €8,500 i bhfíneálacha i 3 chás.

Ag deireadh 2019, bhí 61 cás i leith imghabháil nó calaois thromchúiseach faoi imscrúdú agus 26 cás eile os comhair na gcúirteanna (Tábla 20).

Bailiú Fiachais

Chun maoiniú an Státchiste a chosaint agus chun ár misean a sheachadadh chun cánacha agus dleachtanna a bhailiú go cóir agus go héifeachtúil agus rialuithe custam a fheidhmiú, tá ríthábhacht ag baint le bailiú éifeachtach fiachais, lena n-áirítear meicníochtaí forfheidmithe láidre ach solúbtha.

Tá ár struchtúr bainistíochta cásanna deighilte ar bhealach a fheabhsaíonn ár gcumas ár bhfreagra a oiriúnú bunaithe ar iompar cáiníocóirí agus cuireann sé solúbthacht níos fearr ar fáil ó thaobh acmhainní bainistíochta fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim a mheaitseáil le riachtanais ghnó, rud a chuireann le torthaí láidre comhlíontachta. Agus fócas soiléir riosca in úsáid againn, tá clár struchtúrtha i bhfeidhm againn le cinntiú, i gcás gach cás atá neamhchomhlíontach ar aon bhealach, go ndéantar iad a scrúdú agus go mbeadh siad faoi réir idirghabháil chuí chun an cás a thabhairt chun comhlíontachta iomláine sa tréimhse is giorra ama is féidir.

Leis an bhfeidhmchlár *Seirbhísí Bainistithe Fiachais (DMS)* a tugadh isteach i mí an Mhárta 2019, foráiltear do phróifíliú sofaisticiúil a dhéanamh ar chásanna agus cuireann sé breis cumais ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe. Le forbairt an *DMS*, tá athmhúnlú ó bhonn agus feabhsú suntasach déanta ar ár gcumas bainistithe fiachais. Ó seoladh é, tá an clár bainistithe fiachais á leathnú go sciobtha againn sa chaoi go bhfuil, ó dheireadh mhí na Samhna 2019, stádas comhlíontachta gach gnó faoi réir athbhreithniú rialta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an cumas againn anois monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach ceann de na 1.35 milliún clárúchán gnó.

Leis an gcumas méadaithe, in éineacht le struchtúr cásbhainistíochta níos solúbtha agus freagrúil, féadfaidh muid ár bhfreagra d'iomar custaiméirí a chur in oiriúint go sciobtha. Leis seo, féadann cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a bheith i dteagmháil linn ag tráth níos luaithe. I gcás iad siúd a loiceann freagra a thabhairt, féadfaidh muid bogadh ar aghaidh go sciobtha chun gníomh forfheidhmiúcháin a thógáil. Leis an méadú seo i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear atreoraithe chuig sirriaim agus dlíodóirí seachtracha, táthar ag súil leis go mbeidh méadú sna torthaí rathúla comhlíontachta agus bailithe.

Tugann muid faoi réimse gníomhartha forfheidhmiúchán fiachais chun aisghabháil a dhéanamh ar fhiachas cánach, ús san áireamh, sa chás go loiceann cáiníocóir nó gnó cloí lena gcuid dualgas ar bhealach sásúil i ndáil leis an bhfiachas cánach sin. Leagtar amach i dTáblaí 7, 8 agus 9 sonraí ár gclár forfheidhmithe bailithe agus staitisticí dócmhainneachta i leith 2019.

Comhoibriú

Comhoibrímid go héifeachtúil le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun an imghabháil cánach den uile chineál a chomhrac, lena n-áirítear calaois, smuigléireacht agus cineálacha eile coiriúlachta agus chun tacú le agus éascú a dhéanamh ar an trádáil dhlisteanach agus cuspóirí rialála.

Comhoibriú Náisiúnta

- ✓ Oibríonn muid go han-dlúth leis an nGarda Síochána, leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis na Fórsaí Cosanta, agus cuireann tacaíocht fhrithpháirteach oibríochtúil, faisnéise agus ábhair ar fáil.
- ✓ Glacaimid páirt san Fhóram Maoirseachta ar Dhrugaí, atá faoi threoir na Roinne Sláinte, agus a dhéanann maoirsiú ar fheidhmiú Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le Drugaí 2017–2025.
- ✓ Tá ionadaithe againn ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, a éascaíonn comhoibriú idir údaráis phoiblí i réimse an fhorfheidhmithe dramhaíola.
- ✓ Oibríonn ár nAonaid Chomh-Imscrúduithe (aonaid ACI) go dlúth le roinnt Roinn Rialtais agus gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Aonad na nImscrúduithe Speisialta sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar, agus chun cur isteach ar na gníomhaíochtaí. Tá torthaí suntasacha i gceist leis an gcomhoibriú éifeachtach agus dírithe seo i dtéarmaí monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíontacht le cáin, ÁSPC agus cearta oibrithe.
- ✓ Rinne muid comhordú ar fhorfheidhmiú agus idircheapadh táirgí toirmiscthe agus srianta thar ceann ár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara , in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, san Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.
- ✓ Comhoibríonn muid le Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe agus gníomhaireachtaí eile i ndáil le trádáil neamhdhleathach ainmhithe.
- ✓ Oibríonn muid i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le Údarás Sábháilteacha Bia na hÉireann agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Scéim Táscaire Gheografaigh don Fhuisce agus don Phoitín Éireannach.
- ✓ Oibríonn muid go dlúth leis an Roinn Sláinte chun an inrianaitheacht agus córais gnéithe slándála a thabhairt isteach do tháirgí tobac faoi mhí na Bealtaine 2019, mar a iarrtar faoi dhlí an AE.
- ✓ Bhí ionchur againn ar obair an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach ar Cearrbhachas a raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina cathaoirleach air (RDCC). Bunaíodh an grúpa seo d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna beartais a bhaineann leis an reachtaíocht nua molta chun an earnáil cearrbhachais a rialáil, agus clúdaíonn sé geallghlacadóireacht, cluichí, crannchuir, siamsaíocht agus gníomhaíochtaí eile bainteacha. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa i mí an Mhárta 2019. Chomh maith leis sin ghlac muid páirt i seimineár dá éis sin i mí na Bealtaine 2019 arna reáchtáil ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an gceadúnúchán agus rialáil amach anseo ar an gcearrbhachas in Éirinn.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

- ✓ Oibríonn muid go han-dlúth le mórán comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta

agus glacann muid páirt i nGrúpa Oibre an AE um Chomhoibriú Custam. Tá oifigigh tugtha ar iasacht againn do EUROPOL sa Háig, Ambasáid na hÉireann sa Ríocht Aontaithe, agus san Ionad Oibríochtaí Anailíse Muirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) atá bunaithe i Liospóin. In 2019, is í Éire an Cathaoirleach ar an mBord Feidhmeannach in MAOC-N agus tá oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag feidhmiú mar ionadaí sa ról seo. Faoin gcomhoibriú fadréimseach seo, foráiltear do rochtain ar ghníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus seirbhísí custam i mBallstáit eile agus i dtuilleadh áiteanna nach iad.

- ✓ Ghlacamar páirt i roinnt clár faoin gClár Oibre Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, arna bhainistiú ag Europol agus arna chomhordú ag an leibhéal náisiúnta ag an nGarda Síochána.
- ✓ Glacann muid páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí na hEagraíochta Domhanda Custam, atá dírithe ar dhul i ngleic leis na bagairtí a thagann ó chalaois agus smuigléireacht.
- ✓ Oibríonn muid ar bhonn comhtháite leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus leis an nGarda Síochána i réimse an fhorfheidhmiúcháin cógais aindleathacha agus, ar cuireadh ón WCO, thug muid cur i láthair mionsonraithe ar ár gcomhoibriú idirghníomhaireachta sa réimse seo ag comhdháil Pangea (Cógais Aindleathacha) sa Bhruiséil a raibh toscairí ó 48 tír i láthair ann agus raon gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin dlí.
- ✓ Oibríonn muid go dlúth leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, agus roinneann faisnéis agus eolas agus déanann imscrúdú ar mhírialtachtaí lena mbaineann imghabháil dleachta ar iompórtálacha isteach san AE, lena n-áirítear taraif choiteann custam, dleacht frithdhumpála agus dleacht frithchúitimh.
- ✓ Ghlac muid páirt i sainghrúpa Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhrac i gcoinne trádáil neamhdhleathach tobac, arna bhunú i mí na Bealtaine 2017.
- ✓ Oibríonn muid go dlúth le Her Majesty's Revenue and Customs (HMRC) agus le gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú dlí i dTuaisceart Éireann. Is ar réimse na calaoise fioscaí is mó a thugann an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta trasdhlínse aird, a bunaíodh faoin gComhaontú um Thús Nua. Faoin gcreat seo, oibríonn muid le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, an Garda Síochána, HMRC, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta.
- ✓ Táimid ar cheann de na príomhpháirtithe ag an gComhdháil Bhliantúil um Choiriúlacht Trasteorann, ar imeacht chomhoibríoch í idir ionadaithe na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus eagraíochtaí gaolmhara i réimse an chomhraic in aghaidh na coiriúlachta eagraithe ar an dáta thaobh den teorainn.
- ✓ Oibríonn muid go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC) i ndáil le feidhmiú na Treorach ón AE um Thaifid Ainmneacha Paisinéirí, rud a chabhraíonn le cionta sceimhlitheoireachta agus coiriúlacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Mar Údarás Inniúil faoin Treoir seo, tá baill foirne tugtha ar iasacht againn don Aonad Faisnéise Paisinéirí Éireannacha san RDCC.
- ✓ Tá muid ag leanúint orainn de bheith i mbun caidrimh le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile AE ar fheidhmiú leanúnach na gcóras Inrianaitheachta agus Gnéithe Slándála do tháirgí tobac, mar a iarrtar faoi dhlí an AE. Rinne muid maoirseacht ar thabhairt isteach na gcóras seo le héifeacht ó Bhealtaine 2019.
- ✓ Ghlac muid páirt, in éineacht leis an Roinn Airgeadais, i gcomhráite Ghrúpa Oibre Chomhairle an AE ar roinnt moltaí reachtúla i ndáil le struchtúr na gcánacha alcóil agus leis an gcreat oibre dlíthiúil ginearálta don dleacht mháil. Thángthas ar chomhaontú ag leibhéal an AE ar an Treoir ghinearálta Mháil go déanach in 2019.

Meastóireacht ar Bhearta Comhlíontachta Buiséid

Bhí mír faoi "bearta comhlíontachta" i mBuiséad 2018 agus Buiséad 2019 i measc na n-athruithe don pholasaí cánachais. Bhí tuar leis ag am an dá Bhuiséid go mbeadh toradh €100 breise don Státchiste in 2019 as na bearta ginte ioncaim seo, agus €50 milliún eile in 2019.

Tá taighde foilsithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ina bhfuil luacháil déanta ar an toradh ó na bearta seo sa dá bhliain. Cé nach bhfuil sé indéanta a dtionchar a dheighilt go críochnaitheach ó ghníomhartha eile a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, ó athruithe iompair ag cáiníocóirí agus ó ghníomhaíochtaí ginearálta eacnamaíochta, déanann an anailís measúnú ar an tionchar is dóchúla agus tugann le fios torthaí a bheadh réasúnach a chur i leith na mbeart.

Léirítear san anailís seo gur sáraíodh an sprioc fhoriomlán €100 milliún ó Bhuiséad 2018, agus táthar ag súil le toradh breise amach anseo mar gheall ar nádúr fadtéarmach na n-infheistíochtaí seo.

Léirítear an méid seo san anailís ar na comhchodanna aonair de bhearta Bhuiséad 2018.

- Mar thoradh ar bhearta na gCoimisinéirí Ioncaim roimh thabhairt isteach an Nua-Aoisithe ÍMAT, bailíodh €53.8 milliún breise ar a laghad i gCáin Ioncaim go díreach ó fhostóirí in 2018. Bhí barrachas €290 milliún sa Cháin Ioncaim ÍMAT in 2018. Fiú mura raibh ach €23 milliún de seo (deichiú den bharrachas, lúide an toradh breise díreach) inchurtha i leith an Nua-Aoisithe ÍMAT, in éineacht leis an €53.8 milliún, sáraíonn sé seo an sprioc €50 milliún ó Bhuiséad 2018 le haghaidh an bhirt seo.
- Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, bailíodh €7.8 milliún breise i CBL ó ghnóthaí cian-díolacháin in 2018. Mar thoradh ar straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim comhlíontacht ríomhthráchtála a fheabhsú, tá méadú €25.5 milliún tagtha ar fháltais CBL. Tá sé seo beagáinín faoin sprioc €30 milliún ó Bhuiséad 2018 i leith an bhirt seo.
- Bhí méadú €3.3 milliún i bhfáltais in 2018 inchurtha go díreach i leith ghníomhaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le frithsheachaint agus praghsáil aistrithe. Bhí coigiltis sa bhreis ar €20 milliún thar sprioc Bhuiséad 2018 i leith an bhirt seo ann mar gheall ar chásanna eile comhlíontachta agus obair idirnáisiúnta praghsála aistrithe atá fós ar bun.



Chomh maith leis sin, léirítear in anailís na gCoimisinéirí Ioncaim gur sáraíodh sprioc fhoriomlán €50 milliún ó Bhuiséad 2019.

- Mar thoradh ar bhearta na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis fheidhmiú an Nua-Aoisithe ÍMAT (ón 1 Eanáir 2019), meastar go bhfuil €52 milliún breise i gCáin Ioncaim bailithe go díreach ó fhostóirí in 2019. Bhí barrachas €178 milliún sa Cháin Ioncaim ÍMAT in 2019. Fiú mura raibh ach €12.6 milliún de seo (deichiú den bharrachas, lúide an toradh breise díreach) inchurtha i leith an Nua-Aoisithe ÍMAT, in éineacht leis an €52 milliún, sáraíonn sé seo an sprioc €50 milliún ó Bhuiséad 2018 le haghaidh an bhirt seo.

Léirítear san anailís seo, i gcás bhearta comhlíontachta Bhuiséad 2018 agus 2019 araon, gur bhain na Coimisinéirí Ioncaim sprioc an toraidh bhreise amach sa dá bhliain, agus gur dóichí gur sáraíodh an toradh, bunaithe ar thoimhde choimeádach agus chúramach. Tá tabhairt isteach an Nua-Aoisithe ÍMAT, roimh a fheidhmiú agus tar éis a fheidhmithe araon, lárnach ó thaobh na bhfáltas breise a bailíodh don Státchiste.

Tá tuairiscí ina dtugtar cuntas ar na torthaí seo foilsithe ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar: https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/reviews/index.aspx

Iniúchadh an AE ar an gClár Fíorúcháin Táscairí Geografacha don Fhuisce Éireannach agus Poitín

Iniúchadh an AE ar an gClár Fíorúcháin Táscairí Geografacha don Fhuisce Éireannach agus Poitín.

Tá Táscairí Geografacha (GI) ina gcineál cosanta ar mhaoin intleachta ar tháirgí a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag iarraidh a chosaint i gcomhaontuithe trádála idirnáisiúnta. Ar an 29 Eanáir 2016, d'aontaigh an Coimisiún Eorpach go gcuirfí Fuisce na hÉireann agus Poitín na hÉireann san áireamh mar tháirgí le bheith faoi chosaint ag stádas GI. Ciallaíonn sé seo nach bhféadtar Fuisce na hÉireann ná Poitín na hÉireann a lipéadú ná a dhíol ach amháin fuisce agus poitín a tháirgtear ar oileán na hÉireann de réir na sonraíochtaí teicniúla aontaithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Coimisiún Eorpach.

De chun Meamram Tuisceana sínithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBA), Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an gClár Fíorúcháin Táscairí Geografacha don Fhuisce Éireannach agus don Phoitín Éireannach araon.

Tá an méid seo i measc ár gcuid freagrachtaí:

- foirmeacha iarratais ó tháirgeoirí le bheith san áireamh sa scéim GI a phróiseáil
- táillí fíorúcháin a bhailiú, agus
- cuairteanna Táscairí Geografacha a thabhairt chun críocha fíorúcháin.

I mí an Mhárta 2019, thug DG Santé (Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Shláinte agus Sábháilteacht Bhia) le fios go raibh sé de rún aige iniúchadh a dhéanamh ar rialuithe agus próisis fíorúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim um Tháscairí Geografacha don Fhuisce Éireannach agus Poitín Éireannach. Cuireadh tús oifigiúil le hiniúchadh DG Santé i mí Mheán Fómhair 2019 ag roinnt drioglann. Ag cruinniú clabhsúir an iniúchta, chuir foireann iniúchta DG Santé in iúl dúinn go raibh sí sásta go raibh caighdeán ard i gceist leis na seiceálacha fíorúcháin Táscaire Geografaigh iarrtha a bhí á ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Eiseoidh DG Santé tuarascáil iomlán ar an iniúchadh in am trátha.

Ag Dul i mBun na hOibre

Líon na Foirne

6,959 Ball Foirne

Mná	**63%**
Fir	**37%**

Earcaíocht agus Arduithe Céime

899 Ball Foirne Earcaithe

506 Ardú Céime Inmheánacha sna Coimisinéirí Ioncaim

Oiliúint & Forbairt

46,415
Lá Oiliúna

194
Céimithe

351
Cáilíocht ITI

Mná ag Leibhéil Bhainistíochta

PO	**50%**
POC	**52%**
OR/AOF	**53%**

Deimhniúchán Córas TF Inmheánach

ISO 27001 Certified

ISO 22301

Deimhniúcháin Caighdeán Tástála Idirnáisiúnta Bogearraí:

ISO/IEC/IEEE 29119

Ag dul i mbun na hoibre: Ár nDaoine agus Struchtúir

Tá ár n-éifeachtúlacht maidir le tacú leis an gcomhlíontacht agus dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht ag brath ar ár n-infheistíocht leanúnach inár bhfoireann agus inár dteicneolaíocht, úsáid a bhaint as earcaíocht dhírithe, cultúr láidir rialachais agus cuntasachta mar aon le hinoiriúnaitheacht inár struchtúir.

Is eagraíocht mhór muid a bhfuil **breis agus 6,950 ball foirne inti ag obair i mbreis agus 30 láthair ar fud na tíre**. Braitheann muid ar scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár ndaoine, ar sholúbthacht ár struchtúr agus ar ár cumas leas a bhaint as an nuálaíocht sa teicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó chun ár ról a chur i gcrích agus ár spriocanna a bhaint amach.

Tá muid tiomanta do chaidreamh fiúntach a bheith againn lenár ndaoine agus cinntiú go mbíonn an deis acu cur lenár bhforbairt agus pleanáil eagraíochtúil. Aithníonn muid an gá le cumas, tallann agus ceannaireacht a thógáil go leanúnach in éineacht le hearcaíocht, forbairt phearsanta agus ghairmiúil agus infheistíocht in oiliúint agus sa teicneolaíocht.

Tá muid ag leanúint **dár struchtúir** a fhorbairt go réamhghníomhach le cinntiú go n-ailínítear ár n-acmhainní le riosca, agus go gcuirimid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht cáiníocóirí. I *dTuarascáil Bhliantúil 2018*, rinne muid achoimre ar na hathruithe dár struchtúr oibríochtúil ar léiriú iad ar na hathruithe dár mbonn custaiméirí, ar an timpeallacht síor-athraithe náisiúnta agus idirnáisiúnta cánach agus custam, agus ar bhuntáiste na bhfeabhsuithe teicneolaíochta dár gcóras riartha cánach amhail clár an Nua-Aoisithe ÍMAT.

Le linn 2019, rinne muid beachtú breise ar ár struchtúr, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár mbonn cásanna le haghaidh lucht ardrachmais agus an tairseach chun iad a shainaithint. Mar thoradh air seo, tháinig méadú ó 478 go 2,000 ar líon na gcáiníocóirí á mbainistiú ag Rannóg na gCásanna Móra - Lucht Ardrachmais (féach an gné-alt ar leathanach 53). Chomh maith leis sin, bhunaigh muid struchtúr Tras-Rannóige chun an comhordú ar bhainistiú riosca rachmasbhunaithe a chinntiú ar fud an bhoinn cánach.

Laistigh de chomhthéacs ár gcreata um Pleanáil Lucht Saothair, tá acmhainní breise á gcur ar fáil chun na rioscaí a bhainistiú i gcásanna móra, lena n-áirítear lucht ardrachmais. Anuas air seo, déanfaidh an próiseas seo an leas is fearr a bhaint as ár raon geografach ar fud na tíre agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh éagsúlacht ról agus freagrachtaí ar fud na heagraíochta.

Lucht Ardrachmais – Athbhreithniú ar an mBonn Cásanna

Is próiseas leanúnach é an coigeartú ar ár struchtúr, agus bíonn réimse leathan tosca i gceist leis, go seachtrach agus go hinmheánach. Forbraíonn muid go réamhghníomhach agus go leanúnach le cinntiú go ndéantar optamú ar ailíniú ár n-acmhainní le riosca, agus go gcuireann muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht cáiníocóirí. In 2018, tar éis athbheachtú ar ár struchtúr chun bonn cáiníocóirí deighilte go náisiúnta, bunaíodh Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais (RCM-LA). Is iondúil idirbhearta casta airgeadais a bheith i gceist le duine a rangaítear mar 'dhuine ardrachmais'. Ó thaobh na seirbhíse agus na comhlíontachta de, is é an RCM-LA atá freagrach as na daoine seo uile.

Ag deireadh 2019, is éard a bhí sa bhonn cásanna sa RCM-LA ná:

- 200 duine a raibh glansócmhainní > €50m acu. Tugtar cásanna 'príomha' orthu seo.
- 278 eintiteas a bhfuil dlúthcheangal acu leis na daoine 'príomha', lena n-áirítear daoine muinteartha, comhpháirtíochtaí, cuideachtaí infheistíochta agus iontaobhais. Tugtar cásanna 'tánaisteacha' orthu seo.

Ceann dár dtosaíochtaí le haghaidh 2019 ná athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn cásanna a bhí ann sa RCM-LA cheana féin, agus an tairseach chun daoine a ainmniú mar lucht ardrachmais. Leagadh 12 chritéar shainmhínitheacha amach san athbhreithniú maidir le rangú 'ardrachmais' agus cuireadh iad seo i bhfeidhm ar thrí phríomhfhoinse sonraí:

- sonraí foinseacha na gCoimisinéirí Ioncaim
- sonraí tríú páirtí
- foinsí seachtracha sonraí.

Bhí an méid seo i measc mholtaí ár n-athbhreithnithe:

- go dtabharfaí isteach cur chuige struchtúrtha sainmhínithe chun na daoine ardrachmais a shainaithint
- go laghdófaí an tairseach chun daoine ardrachmais a shainmhíniú, ó ghlansócmhainní > €50 milliún go glansócmhainní ≥ €20 milliún, agus
- go ndéanfaí tuilleadh taighde ar bhonn leanúnach chun critéir bhreise a leagan amach agus chun daoine eile a shainaithint a thagann faoin sainmhíniú ar dhaoine ardrachmais.

Mar thoradh ar fheidhmiú na moltaí, sainaithníodh agus tugadh 475 cás eile de dhaoine ardrachmais 'príomha' agus breis agus 700 cás 'tánaisteach' ardrachmais isteach sa bhonn cásanna daoine ardrachmais. Tá tuairisc mhionsonraithe ar an athbhreithniú seo foilsithe ar ár suíomh idirlín ar: https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/research/case-base-review.pdf

Ó foilsíodh an tuairisc thosaigh seo i mí an Mheithimh 2019, agus mar thoradh ar athbheachtú breise ar na critéir rangaithe i leith 'ardrachmas', tá 360 cás eile ardrachmais 'príomha' sainaitheanta againn. Tá obair fós idir lámha chun na cásanna ardrachmais 'tánaisteacha' a bhaineann leis na cásanna breise seo a shainaithint. Leanfaidh muid orainn ag déanamh athbhreithniú ar an mbonn cásanna agus ar na critéir chun daoine ardrachmais a shainaithint ar bhonn bliantúil.

Tar éis an athbhreithnithe ar an mbonn cásanna RCM-LA, tá athbhreithniú déanta againn ar an modheolaíocht a úsáideann Rannóg na bhFiontar Meánmhéide (RFM) chun a bonn cásanna ardrachmais a shainaithint, rud a sainmhíníodh de bhun tagartha do chritéir rioscabhunaithe. Is iad seo a leanas príomh-mholtaí an athbhreithnithe;

- na critéir rioscabhunaithe, trínar sainaithníodh bonn 450 cás daoine ardrachmais, a choinneáil, agus
- Tairseach rachmhasbhunaithe a ghlacadh trína gcuirtear san áireamh i mbonn cásanna ardrachmais RFM daoine aonair a bhfuil rachmas níos mó ná €10 milliún acu agus nach bhfuil cheana féin in RFM ná in RCM-LA.

Úsáideadh an tsraith chéanna 12 chritéar agus foinsí sonraí san athbhreithniú ar bhonn cásanna RCM-LA agus a úsáideadh chun 529 duine aonair a shainaithint le cur san áireamh sa bhonn cásanna ardrachmais don RFM. Is ionann 979 agus iomlán an bhoinn cásanna ardrachmais san RFM, agus socraíodh é seo le critéir rioscabhunaithe agus rachmasbhunaithe.

Ár nDaoine

Tá ár mbaill foirne ina ndlúthchuid don uile rud a bhaineann muid amach. Ag deireadh 2019, bhí 6,959 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim, arb ionann é agus 6,619 coibhéis lánaimseartha. Díríonn muid ar shofhreagrúlacht i leith dúshláin ag teacht aníos, athruithe sa timpeallacht gnó agus gheilleagrach, agus iompar cáiníocóirí. Infheistíonn muid ar bhonn leanúnach inár bhfoireann chun na dúshláin seo a fhreagairt agus a shárú trí dhaoine éirimiúla a earcú agus trí thógáil ar an gcumas, tallann agus ceannaireacht inmheánach agus iad a choinneáil.

Baineann muid úsáid as **earcaíocht dhírithe** le cinntiú go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn. Le linn 2019, cheap muid 1,092 ball foirne ag gach grád ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil (TLAC).

Ina measc seo bhí: 2 Rúnaithe Cúnta, 6 Príomhoifigeach, 59 Príomhoifigeach Cúnta, 2 Dlíodóirí, 77 Oifigeach Riaracháin, 35 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 210 Oifigeach Feidhmiúcháin, 693 Oifigeach Cléireachais, 6 Oifigeach Seirbhísí agus 2 Oifigeach Seirbhísí.

Tacaíonn muid lenár mbaill foirne agus cuireann muid ar a gcumas a bheith ag feidhmiú chun na leibhéil is airde trí réimse **clár forbartha scileanna agus cumais**. I bhfianaise na timpeallachta a bhíonn de shíor ag athrú, rioscaí oibríochtúla agus caillteanas taithí mar gheall ar scor, aithníonn muid gur gá dúinn scileanna, cumas agus saineolas a fhorbairt go leanúnach. Cinntíonn sé seo go bhfuil ár ndaoine, chomh maith lenár struchtúir, inoiriúnaithe agus solúbtha.

Le linn 2019, chuir Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim 46,415 lá oiliúna ar fáil do bhaill foirne, méadú 16% ar 2018. San áireamh san oiliúint bhí cláir oiliúna teicniúla chun tacú leis an gcomhlíontacht agus chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht, chomh maith le scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus scileanna boga oiliúna d'fhonn scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár bhfoirne a fhorbairt (Tábla 30). Mar gheall ar ár n-infheistíocht san oiliúint in 2019, cabhraíodh linn na dúshláin a shárú a bhí romhainn mar gheall ar an mBreatimeacht, an Nua-Aoisiú ÍMAT agus an t-ailíniú, agus chinntigh sé go bhfuil ár ndóthain ball foirne ar an líne thosaigh a bhfuil oiliúint dhóthanach faighte acu chun teacht in áit an lín shuntasaigh oifigeach atá ag dul ar scor a bhfuil taithí acu.

Le cinntiú go reáchtáiltear ár n-oiliúint inmheánach chun an chaighdeáin is airde, tá creidiúnú seachtrach i bhfeidhm le haghaidh na bpríomhchlár. Chuige seo, cuireann muid cláir éagsúla ar fáil i gcomhpháirt le comhlachtaí gairmiúla agus institiúidí tríú leibhéal. Fuair 351 ball foirne san iomlán gradaim ghairmiúla ó Institiúid Chánach na hÉireann in 2019, méadú 5% ar 2018. Fuair 196 ball foirne eile cáilíochtaí tríú leibhéal ó Ollscoil Luimnigh (OL) in 2019, méadú 22% ar 2018.

Tá ár modúl oiliúna Custam á chreidiúnú ag OL chomh maith, agus bronnadh teastas léinn ar 18 mac léinn i mí Eanáir 2020 a chríochnaigh an clár in 2019. Go dtí seo, chríochnaigh 53 mac léinn an clár go rathúil agus tá 25 mac léinn eile cláraithe faoi láthair don chlár. Chomh maith leis sin, le linn 2019, chuir muid oiliúint ar 372 ball foirne ar an g*Clár Éascaithe Trádála*, 38 ball foirne ar an *gClár Oifigigh Rialúcháin*, 115 ball foirne ó thaobh *Tacaíocht Custam do Thrádálaithe* agus 164 ball foirne ar an *gClár Forfheidhmiúcháin*. Is ionann an soláthar clár oiliúna seo agus céimeanna tábhachtacha le cinntiú gur féidir lenár bhfoireann an trádáil dhlisteanach a éascú leis an gcur isteach is lú is féidir, agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht den uile chineál cibé áit a dtarlaíonn sé.

Teastais Léinn Custam

Bhronn Tom Collins, Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta Léann Cánach *Teastais Léinn* ó Ollscoil Luimnigh ar 18 ball foirne tar éis dóibh an *Clár Oiliúna Teicniúla Custam* a chríochnú go rathúil, clár a dhear agus a d'fhorbair Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gradaim WCO 2020

Tá Lá Idirnáisiúnta na gCustam á chéiliúradh ar fud an domhain in onóir na bhfear agus na mban uile a chosnaíonn ár dteorainneacha agus a chabhraíonn an trádáil a éascú. Reáchtáiltear é ar an lá céanna is a thionóil an Chomhairle um Chomhoibriú Custam (CCC) a céad seisiún in 1953.

Reáchtáladh searmanas bronnta gradam 2020 in Halla Bedford i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 24 Eanáir. Ag freastal ar an searmanas bhí faighteoirí na ngradam, bainisteoirí áitiúla agus aíonna speisialta. Ba é t-aoichainteoir a bhí againn ná an tUasal Philip Kermode, Stiúrthóir in Ard-Stiúrthóireacht Aontas Cánachas agus Custam an Choimisiúin Eorpaigh.

Tiomnaíodh gradaim 2020 d'ionchur na gCustam do thodhchaí inbhuanaithe ina mbeidh ár riachtanais shóisialta, gheilleagracha, sláinte agus chomhshaoil i gcroílár ár mbeart, leis an téama "Custaim ag cothú na hInbhuanaitheachta do Dhaoine, an Rath agus an Chruinne."

Bronnadh Teastais le Tuillteanas ar 71 buaiteoirí ar an iomlán, lena n-áirítear 5 dhuine aonair agus 9 bhfoireann mar aitheantas ar a bhfeidhmíocht eisceachtúil cabhrú le sreafaí leanúnacha trádála dlisteanaí a éascú agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar dhúshláin comhshaoil, gheilleagracha, sláinte agus shóisialta.

Tá muid tiomanta **d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta leanúnach (CPPD)** a chur ar fáil chun cur ar chumas na foirne feidhmiú go héifeachtach agus na dúshláin a bhaineann le feidhmiú i dtimpeallacht a ghluaiseanna ar aghaidh go tapa a shárú. Trínár gclár CPPD, cuireann muid réimse idirghabhálacha ar fáil chun cumas ár bhfoirne a thógáil agus a chothabháil agus cabhrú leo dúshláin athraitheacha a ról a chomhlíonadh. In 2019, bhí sraith chuimsitheach cúrsaí ann a chur ar chumas na foirne freagracht a ghlacadh as a gcuid forbartha féin, a mioneolas agus scileanna a fheabhsú agus a saineolas a fhorbairt. Tá réimse éagsúil maoinithe ina thaca breise dár bhfoireann agus tá cáilíochtaí aitheanta gairmiúla agus acadúla 3ú leibhéal ina dtoradh orthu.

Is cuid lárnach é an ***Córas Bainistíochta 'OneLearning' (LMS)*** den Athnuachan Státseirbhíse agus tá sé mar thaca faoi Straitéis Daoine na Státseirbhíse agus faoinár Straitéis Acmhainní Daonna féin. I mí Dheireadh Fómhair, sheol muid an *LMS OneLearning* sna Coimisinéirí Ioncaim. Is éard atá san LMS ná ardán digiteach trína gcuirtear rochtain ar fáil ar shraith chuimsitheach cúrsaí oiliúna arna soláthar ag *OneLearning*. Ó thairseach deisce, féadann an fhoireann suim a chlárú i scileanna boga agus oiliúint TCF agus féadann siad clárú dóibh ar líne. Faoin gcóras seo chomh maith, éascaítear an riarachán, an rianú agus an tuairisciú ar ghníomhaíochtaí oiliúna na heagraíochta.

De réir fhís *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* chun an bhainistíocht acmhainní daonna straitéiseach a leabú inár seirbhís phoiblí, spreagadh ár bhfoireann chun a gcumas agus a scileanna sa chleachtas acmhainní daonna a fheabhsú. In 2019, bhronn an Foras Riaracháin (IPA) agus an Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanta (CIPD) Teastais ar 11 bhall foirne agus Dioplóma sa Chleachtas Acmhainní Daonna ar bheirt (2).

Aithníonn muid go bhfuil ár ndaoine lárnach inár gcur chuige agus inár n-éifeachtacht tacú leis an gcomhlíontacht agus aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht. Tá **comhpháirtíochtaí oideachais** láidre tógtha againn le hOllscoil Luimnigh agus le hInstitiúid Cánach na hÉireann a chabhraíonn linn infheistiú go leanúnach i riachtanais foghlama agus forbartha ár bhfoirne agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil trína bhfeabhsaítear mioneolas teicniúil, scileanna agus gairmiúlacht ár bhfórsa saothair.

Tá ár gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh, an chéad cheann dá chineál i Státseirbhís na

hÉireann, ann ó 2004, agus cuireann roinnt clár ar fáil ag leibhéal dioplóma agus céime araon. Go dtí seo, tá breis agus 1,500 fostaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis céimniú ó Ollscoil Luimnigh. I mí Eanáir 2020, shínigh Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, Niall Cody, agus Uachtarán Ollscoil Luimnigh, an tUasal Des Fitzgerald, Comhaontú Seirbhíse chun creidiúnú a dhéanamh ar chlár dioplóma ar feadh dhá bhliain eile, ag searmanas i dTeach Plassey, Luimneach. Agus ár gcaidreamh le hOllscoil Luimnigh á láidriú, cabhrófar lenár ndaoine freagairt don timpeallacht ghnó atá ag athrú sciobtha trí infheistiú leanúnach a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha.

In 2019, bronnadh cáilíochtaí gairmiúla agus tríú leibhéal ar bhreis agus 560 dár ndaoine. Is deis iad na searmanais céimnithe dúinn ceiliúradh a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt go poiblí d'éachtaí acadúla ár bhfoirne.

Bhonn Ollscoil Luimnigh 214 cáilíocht tríú leibhéal ar mhic léinn na gCoimisinéirí Ioncaim in 2019. I measc na gcáilíochtaí bhí Dioplóma sa Chánachas Feidhmeach, BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach, Teastais Custam agus MBA.

Ár gCéimithe le hOllscoil Luimnigh (Eanáir 2020)

Bhronn Institiúid Chánach na hÉireann (ITI) cáilíochtaí gairmiúla cánach ar 351 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2019. I measc na gcáilíochtaí bhí Dioplóma sa Cháin chomh maith le Teastais na gCoimisinéirí Ioncaim i mBunús Cánach Ioncaim agus Párolla, CBL agus Cánacha Indíreacha Eile, Cánacha Caipitiúla agus Cáin Chorparáide.

Lean mórán mac léinn ó bhlianta roimhe orthu ag forbairt a scileanna gairmiúla trí bhogadh ar aghaidh chun na cláir Teicneoir Cánach agus Comhairleoir Cánach Cairte a chríochnú.

Próifílí Foirne

Lyndsay Smyth – Príomhoifigeach

Ar iasacht leis an bhFóram ar Chórais Riartha Cánach san OECD.

Tháinig mé ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Oifigeach Riaracháin in 2010 mar iniúchóir i gCeantar Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin. D'aistrigh mé ansin chuig an Rannóg Gnó Corparáidí agus Idirnáisiúnta, mar a tugadh uirthi ag an am, in 2013. Tar éis ardú céime a fháil go Príomhoifigeach Cúnta in 2015, sannadh mé chun oibre sa Bhrainse Malartaithe Faisnéise sa Rannóg Idirnáisiúnta. Sa ról dúshlánach seo, tugadh deis dom ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim ag roinnt cruinnithe idirnáisiúnta, agus bheith ag comhoibriú le comhghleacaithe ar fud roinnt Rannóg chun tionscadail áirithe ar an mór-scála a fheidhmiú le linn tréimhse ina raibh na caighdeáin i réimse an mhalartaithe faisnéise idirnáisiúnta ag athrú ag ráta an-dúshlánach.

Fuair mé ardú céime go Príomhoifigeach in 2017 agus sannadh mé chun na Rannóige Polasaí agus Reachtaíochta Cánacha Pearsanta. Bhí sé an-spéisiúil an scóp a bhí ann taobh istigh de Sheirbhís Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim chun obair a dhéanamh le comhghleacaithe ó áiteanna ar fud na heagraíochta chomh maith le geallsealbhóirí seachtracha mar chuid den timthriall reachtaíochta agus ar ábhair an léirmhínithe, agus mar thoradh air sin bhí an post seo an-éagsúil agus an-suimiúil.

In 2018, fuair mé tairiscint do ról mar Chomhairleoir Sinsearach leis an bhFóram ar Chórais Riartha Cánach san OECD i bPáras. Ceadaíodh saoire speisialta ó na Coimisinéirí Ioncaim dom chun an post seo a dhéanamh. Leis an bpost seo fuair mé taithí an-tairbheach ar fheidhmiú na gcóras riartha cánach ar fud an domhain, agus fuair mé taithí ar na forbairtí is déanaí i gcúrsaí cánach go hidirnáisiúnta ag tráth ina bhfuil athruithe sa pholasaí cánach idirnáisiúnta réidh le tionchar mór a imirt in Éirinn.

Ar feadh mo ghairme beatha sna Coimisinéirí Ioncaim go dtí seo, bhí an t-ádh orm gur oibrigh mé i róil a bhí chomh suimiúil, chomh dúshlánach agus chomh héagsúil is a bhí, agus bhain mé tairbhe i gcónaí as tacaíocht, treoir agus cairdeas ó chomhghleacaithe iontacha. Tá mé ag súil go mór le filleadh ó mo thréimhse saoire speisialta chun an mioneolas agus an taithí atá faighte agam a chur i bhfeidhm, agus chun scéalta a roinnt le mo chomhghleacaithe agus cairde iontacha arís.

Joe Ryan – Attaché Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, An Bhruiséil

Rannóg na gCustam

Tháinig mé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim ón scoil in 1976 agus bhí róil éagsúla agus suimiúla agam sa Roinn Cosanta, i Roinn na Gaeltachta agus i dTithe Oireachtais roimh bhogadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim in 1990.

Bhí mé mo chéad ról leis na Coimisinéirí Ioncaim bunaithe i mBaile Átha Cliath agus mé ag déileáil le fiosruithe faoi chánacha díreacha roimh dhílárnú go dtí an tAonach in 1992. Bhí ráta athraithe 100% sna baill foirne i m'Aonad, agus dá réir bhí an bainistiú ar an bpróiseas dílárnaithe fíordhúshlánach ach bhí an-tairbhe le fáil as, agus ar deireadh is éard a bhí mar thoradh air ná go raibh feabhas suntasach ar an tseirbhís do chustaiméirí agus feabhsaíodh modhanna oibre.

In 1996, tugadh isteach mé go saol na gCustam nuair a bhog mé chuig an Aonad Aicmiúcháin Taraifí. Tar éis sin, fuair mé taithí ar réimse leathan saincheisteanna polasaí agus reachtaíochta Custam, lena n-áirítear obair fhairsing ar an gCód Nua-Aoisithe Custam, Forálacha Forfheidhmithe an Chóid Nua-Aoisithe Custam agus ar Chód Custam an Aontais. D'oibrigh mé ar reachtaíocht náisiúnta chomh maith, go príomha i ndáil le hábhair cúnaimh fhrithpháirtigh Custam.

I mí Lúnasa, ceapadh mé i ról an Attaché Custam ag Ionadaíocht Bhuan na hÉireann chun an Aontais Eorpaigh (AE). Tá an Ionadaíocht Bhuan, mar a thugtar air chomh maith, bunaithe sa Bhruiséil, agus tugtar le chéile ann státseirbhísigh ó bheagnach gach uile Rannóg Rialtais Éireannach faoi aon díon amháin. Is é an príomhfheidhm atá leis ná leasa na hÉireann san AE a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh ina leith. Tá ról lárnach agam ó thaobh suíomh na hÉireann a fhorbairt agus ionadaíocht a dhéanamh uirthi maidir le hábhair Custam, ní amháin san AE, ach taobh istigh den Eagraíocht Dhomhanda Custam (WCO) a bhfuil a ceanncheathrú sa Bhruiséil. Cuid lárnach de mo ról ná caidreamh éifeachtacht agus leanúnach a fhorbairt agus a chothú le réimse leathan oifigeach, go háirithe sa Choimisiún Eorpach, Rúnaíocht Chomhairle an AE, córais eile riartha Custam, leasanna trádála agus an WCO. Bhain mé fíorthaitneamh as an bpost seo agus tá mé bródúil gur chabhraigh mé leasanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus na hÉireann a chur chun cinn ar bhealach praiticiúil agus fóinteach i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

Ar Lá Domhanda na gCustam i mbliana, bhí áthas orm Gradam Tuillteanais Custam a fháil, bunaithe ar ainmniúcháin ó mo chuid comhghleacaithe Attaché, mar aitheantas ar m'ionchur don AE agus don phobal idirnáisiúnta Custam.

Teresa Coughlan – Oifigeach Riaracháin

An Rannóg Pleanála – An Brainse Straitéise, Measóireachta agus Tuairiscithe

Tar éis dom céimniú le Céim Baitsiléara sa Mhargaíocht agus sa Bhainistíocht, chuir mé tús le mo ghairm bheatha rathúil sa mhargaíocht agus sa díolachán sa tionscal Béarla mar Theanga lasachtach (EFL), tionscal ar oibrigh mé ann ar feadh breis agus 10 mbliana. Cé go raibh mé an-sásta ag obair san earnáil phríobháideach, bhí an Státseirbhís i gcónaí tarraingteach dom. Nuair a tháinig deis aníos cur isteach ar phost leis na Coimisinéirí Ioncaim, thapaigh mé í agus thosaigh mé ag obair mar Oifigeach Riaracháin in 2016.

Cláraíodh mé ar an gclár na gCéimithe Oifigigh Riaracháin, rud a thug le chéile an oiliúint i scileanna boga do bhainisteoirí agus cúrsa tosaigh ar an Státseirbhís. Ba mhaith an deis í smaointe a mhalartú, taithí a roinnt agus líonra teagmhálacha a thógáil. Mar gheall ar mo rannpháirtíocht ar an gcúrsa, tugadh bunús maith dom le haghaidh mo ghairme beatha amach anseo leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Sannadh mé chun an Aonaid Feidhmíochta Corparáidí, áit a raibh mé freagrach as tuarascálacha bainistíochta ard-leibhéil a chur ar fáil. Obair fhorleathan a bhí i gceist leis seo, agus bhí orm caidreamh a chothú le gach rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim agus le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht. Bhí an ról seo in oiriúint go mór dom ó thaobh scileanna de mar gheall go raibh cúlra agam i gcaidreamh a chothú agus eolas casta a chur in iúl.

Ar mhaithe le m'fhéinfhorbairt agus mo mhioneolas ar an gcáin a leathnú, chláraigh mé ar an Dioplóma ITI sa Cháin, urraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Feidhmíodh an mioneolas a fuair mé ar an gcúrsa seo i mo ról mar chomhordaitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim don Suirbhé Idirnáisiúnta ar Chórais Riartha Cánach (ISORA). Mar chuid de m'oiliúint, bhí an deis agam taisteal go Búdapeist agus bualadh le mo mhacasamhalacha i ndlínsí eile cánach.

Is sa Bhrainse Straitéise, Measóireachta agus Tuairiscithe i Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí atá mo ról reatha. In 2019, iarradh orm bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar an dearadh agus ar an ábhar le haghaidh an Ráitis Straitéise is deireanaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Fuair mé go raibh an ról seo corraitheach agus dúshlánach. Chabhraigh sé liom scileanna nua a fhorbairt agus caidreamh a chothú le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta ar bhealach fóinteach. Bhí sástacht mhór phoist ag baint leis an ionchur a bhí agam sa tionscadal seo.

Fuair mé tacaíocht eisceachtúil sna Coimisinéirí Ioncaim agus tá mé bródúil a bheith mar chuid den eagraíocht seo. Mholfainn na Coimisinéirí Ioncaim go láidir mar rogha gairme beatha.

David O'Connor – Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Rannóg Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim – Seirbhísí Tacaíochta Oifig Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim

Thosaigh mé ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Eanáir 2016 mar Oifigeach Seirbhísí tar éis dom deich mbliana a chaitheamh i bhFórsaí Cosanta na hÉireann mar mheicneoir.

I measc na bhfreagrachtaí a bhí orm i mo ról mar Oifigeach Seirbhísí ná seachadtaí poist, freastal ar na deasca fáiltithe agus tascanna eile riaracháin. Bhain mé taitneamh as agus bhí mé bródúil as bheith mar an gcéad phointe teagmhála a bhí ag an bpobal leis na Coimisinéirí Ioncaim agus mé ag freastal ar na deasca fáiltithe. I ról an Oifigigh Seirbhísí, fuair mé an deis bualadh le mórán pearsanra éagsúla ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí mé an-tógtha le cultúr na gCoimisinéirí Ioncaim ó thaobh thiomantas agus fhorbairt na foirne. I mí Mheán Fómhair 2016, thosaigh mé i mbun céim dlí LLB (Onóracha) i ranganna oíche, agus fuair mé cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim tríd an Scéim Aisíocaíochta Táillí. In 2018 fuair mé ardú céime go hOifigeach Feidhmiúcháin trí chomórtas oscailte agus sannadh mé chun an Aonaid Tacaíochta Dlí i Rannóg Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim. Sa ról sin bhí mé freagrach as bainistiú a dhéanamh ar na costais dlí a bhain le cásanna cúirte a thóg na Coimisinéirí Ioncaim agus a tógadh in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim a aisghabháil agus a íoc. Fuair mé an deis chomh maith mo mhioneolas ar an dlí a fhorbairt trí thaighde a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla dlíthiúla do na dlíodóirí san oifig. Ba mhór an cúnamh an obair taighde seo dom agus mé ag staidéar le haghaidh mo chéime sa dlí.

Bhí áthas orm gur aithníodh m'obair dhian agus in 2019, fuair mé ardú céime go grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus coinníodh mé i Rannóg Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá mé i m'Oifigeach Bainistíochta Eolais sa Rannóg anois, agus é mar chúram orm struchtúr a chur ar an gcorpas mór eolais atá sa Rannóg le cinntiú go bhféadann an fhoireann uile a theastaíonn sé uathu teacht air. Tá freagrachtaí bainisteora líne orm i leith baill foirne a bhíonn ag déileáil le costais dlí, láithris chúirte agus ábhar taighde.

Bronnadh an LLB Baitsiléara sa Dlí orm in 2019 agus tá sé curtha romham agam a bheith i mo dhlíodóir in am trátha. Mar gheall ar na Coimisinéirí Ioncaim, fuair mé cáilíocht tríú leibhéal, rud a bhí mar sprioc agam ar feadh na mblianta agus tugann na Coimisinéirí Ioncaim gairm bheatha shásúil dom. Mar gheall ar an infheistíocht seo, bhí mé in ann bogadh ó post iontrála go post meánbhainistíochta. Tá a fhios agam go leanfaidh mé d'fhorbairt a dhéanamh go pearsanta agus go gairmiúil leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Ár gCultúr

Tá muid fíorbhródúil as ár gcultúr macántachta, oscailteachta agus cuntasachta. Tacaíonn muid agus bunaíonn muid caidreamh le cáiníocóirí, agus lena chéile, le meas, cuirtéiseacht agus gairmiúlacht agus ag an am céanna nuálaíocht a spreagadh agus glacadh le pearsantachtaí.

Tacaíonn muid lenár ndaoine trí chaidreamh fóinteach leis an bhfoireann, an tsláinte agus an fholláine san ionad oibre a chur chun cinn agus deiseanna le haghaidh forbartha a chur chun cinn. Is príomhthosaíocht dár gcuid é ár dtiomantas chun **rannpháirtíocht fostaithe a dhoimhniú** ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Oibríonn muid le chéile i gcur chuige comhpháirtíochta, cinntíonn muid a oiread rannpháirtíochta is féidir agus tacaíonn muid le caidrimh, nuálaíocht agus ardfheidhmíocht chun tacú lenár bhfeabhsú leanúnach.

Le linn 2019, rinne muid athbhreithniú ar ár ngrúpaí áitiúla comhpháirtíochta chun go dtiocfadh sé lenár struchtúr eagraíochta nua. Tionóladh an *Lár-Choiste Comhpháirtíochta* 5 huaire in 2019. Is é an Cathaoirleach a bhíonn i mbun cathaoirleachta an Choiste agus bíonn an Bord i láthair in éineacht le hionadaithe as measc na mbainisteoirí, na gceardchumann agus na foirne. Chuaigh muid i dteagmháil fhorleathan lenár ndaoine agus ár Ráiteas Straitéise 2020–2022 á chur i dtoll a chéile againn, lena n-áirítear béim an athuair ar ár gcroí-luachanna (féach an gné-alt). Tá ár Ráiteas Straitéise mar bhonn eolais faoinár bpríomhthosaíochtaí corparáideacha gach bliain, agus bíonn ár bhfoireann gníomhach sa phleanáil gnó rannóige mar thaca leis na tosaíochtaí seo.

Tríd an rannpháirtíocht dhearfach agus leanúnach ag gach leibhéal san eagraíocht, leanann muid dár *Luachanna*, ár g*Cairt um Rannpháirtíocht Fostaithe* agus ár n*Dualgais Earnála Poiblí* a leabú trí thacaíocht fhóinteach don fhoireann agus dá leas. Tá muid tiomanta do thacú lenár bhfoireann agus cur ar a gcumas feidhmiú ag an leibhéal is airde agus ról fóinteach a imirt inár n-eagraíocht.

Tá cultúr láidir againn glacadh le daoine agus **cothromas** a bheith i measc ár bhfoirne, agus i leith cáiníocóirí, le cinntiú go dtugtar aird ar **chearta daonna**, agus go bhfeidhmítear ár bPlean Gníomhaíochta um Dhualgais Earnála Poiblí. Tá oiliúint faighte ag ár mbaill foirne uile sa Chothromas agus Éagsúlacht mar chuid dá n-oiliúint ionduchtaithe. In 2019, bhunaigh muid Grúpa Dian-Chomhpháirtíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár Straitéis Cothromais agus Éagsúlachta agus ar ár bPlean Gníomhaíochta Earnála Poiblí.

Mar fhostóir do bheagnach 7,000 ball foirne, aithníonn muid agus tá meas againn ar an **éagsúlacht** san fhéiniúlacht ghnéis agus inscne agus tá muid tiomanta don chuimsiú san ionad oibre a fheabhsú. In 2019, bhunaigh muid *Líonra Foirne LADT+* agus coiste stiúrtha a oibreoidh le Rannóga eile sa Státseirbhís chun *Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+* ar fud na Státseirbhíse, rud atá ina chuid lárnach den *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+*. Den chéad uair i stair na heagraíochta, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt i mBród Bhaile Átha Cliath ar an 29 Meitheamh 2020. Shiúil baill foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le 600 eile státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí taobh thiar den bhratach '*Bródúil a bheith ag obair ar son na hÉireann*'.

Rannpháirtíocht na Foirne a chur i gcroílár Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2020–2022

An tAire Airgeadais, Paschal Donohoe ag caint ag Comhdháil Ardbhainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mheithimh.

Le linn 2019, thosaigh muid ar ár *Ráiteas Straitéise 2020–2022* a fhorbairt, agus achoimre ann ar ár n-aidhmeanna agus cuspóirí do na chéad trí bliana eile. Mar chuid den phróiseas seo, thapaigh muid an deis machnamh a dhéanamh ar ár luachanna agus ár bhfís.

Forbraíodh ár *Ráiteas Straitéise* trí phróiseas comhairliúcháin forleathan le geallsealbhóirí, agus bhí tuairimí ár mball foirne ina lár seo. Tugadh ionchur na foirne le chéile trí Chomhdhálacha Ardbhainistíochta, ceardlanna, cruinnithe foirne agus leathanach gréasáin inmheánach.

Dhírigh mórán den ullmhúchán agus den chomhairliúchán ar ár gcroí-luachanna. Inár *Ráiteas Straitéise* deireanach, rinneadh sainmhíniú ar ocht luach, agus bhain siad uile go mór le riar an chórais cánach agus d'eagraíocht sa Státseirbhís, ach gá le hathnuachan. Tríd an bpróiseas rannpháirtíochta foirne, tháinig comhghleacaithe ar fud na heagraíochta le chéile chun luachanna nua a mholadh don eagraíocht mar chóras riartha cánach nua-aimseartha agus mar fhostóir nua-aimseartha.

Níl an líon céanna luachanna ann ach tá siad níos uileghabhálaí. Leagtar ár gcultúr amach iontu. Is croí-phrionsabail iad a bhfuil ár bhfoireann in ann a thuiscint agus a fhíorú, agus a bhfuil geallsealbhóirí seachtracha in ann a thuiscint agus aird a thabhairt orthu. Leis an bpróiseas rannpháirtíochta foirne, tugadh úinéireacht na gcroí-luachanna dár bhfoireann. Tá siad praiticiúil agus feidhmíonn siad mar threoir dár bhfoireann agus iad ag idirghníomhú le comhghleacaithe agus le cáiníocóirí.

Meas

Glacaimid le hionracas na gcáiníocóirí agus iad ag plé linn. Nuair a bhíonn údar againn a mhalairt a chreidiúint, gníomhaíonn muid dá réir. Caitheann muid le daoine le dínit i gcónaí.

Gairmiúil

Tá muid gairmiúil inár gcuid oibre, díríonn muid ar chaighdeán, tráthúlacht, cruinneas agus comhsheasmhacht.

Comhoibriú

Oibríonn muid i gcomhar le comhghleacaithe, le cáiníocóirí agus le geallsealbhóirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann muid go gníomhach le cuspóirí comhroinnte a bhaint amach ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí.

Sofhreagrúlacht

Tá muid solúbtha agus freagrúil. Tacaíonn muid lenár bhfoireann agus spreagann muid iad a bheith nuálach agus a bheith i gcónaí ag feabhsú an chaoi a n-oibríonn muid.

Macántacht

Tá muid macánta, cuntasach agus trédhearcach. Nuair a dhéanann muid botún, aithníonn muid é agus ceartaíonn muid é.

Cheadaigh na hAirí rialtais Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2020 go 2022 agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilsíodh é i mí na Nollag 2019: https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/sos-2020-2022.pdf.

Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim i láthair ag an gComhdháil Ardbhainistíochta i mí an Mheithimh

Tá muid tiomanta don chothromas agus do thacaíocht ghníomhach a thabhairt do thionscnaimh chun an **cothromas inscne** a fheabhsú ag gach leibhéal agus tá feabhsú suntasach déanta againn ina leith seo le 6 bliana anuas (Tábla 25).

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2018, d'fhógair an Rialtas an Bille um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní. Nuair a achtófar an Bille, beidh sé ina riachtanas d'fhostóirí áirithe faisnéis a fhoilsiú maidir le luach saothair a bhfostaithe de réir inscne. Roimh an mBille seo teacht isteach sa dlí, tá anailís réamhghníomhach déanta againn ar ár sonraí tuarastail agus párolla.

Is é an sainmhíniú ar an mbearna phá idir na hinscní ná an difríocht choibhneasta idir meántuilleamh comhlán bliantúlaithe na mban agus na bhfear taobh istigh den gheilleagar ina iomláine nó taobh istigh d'eagraíocht aonair. Is é an meántuarastal (airmheán) a bhí á fháil ag fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim in 2019 ná €41,400. Is é €38,700 an meántuarastal a bhí mná ag fáil agus ba é €45,900 a bhí fir ag fáil. Nuair a chuirtear an difríocht idir na tuarastail san áireamh, is ionann an mheánbhearna phá idir na hinscní agus €7,200 nó 18% sna Coimisinéirí Ioncaim.

Tá an bhearna phá idir na hinscní éagsúil ó choincheap an phá neamhchothroim. Tá struchtúir phá na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Státseirbhíse go hiomlán trédhearcach agus intuartha, agus ní ligeann siad do phá neamhchothrom a bheith ann mar gheall ar leithcheal inscne. Léirítear ó anailís na gCoimisinéirí Ioncaim ar shonraí inscne agus pá go bhfuil 74% den bhearna phá idir na hinscní ann mar gheall ar dhifríochtaí sa ghrád (tá sciar níos mó ban ag obair sna gráid chléireachais). Tá 24% eile den bhearna phá idir na hinscní ann mar gheall ar dhifríochtaí i bpátrúin oibre (tá dóchúlacht cúige huaire níos mó ann go mbíonn mná sna Coimisinéirí Ioncaim ag obair go páirtaimseartha). Tá an 2% eile den bhearna phá idir na hinscní ann mar gheall ar phá neamh-bhunúsach (is iondúil go dtuileann mná suimeanna níos mó pá neamh-bhunúsach ar an meán, amhail ragobair).

Is éard a léirítear inár n-anailís ná chomh luath agus a chuirtear cúinsí san áireamh amhail obair pháirtaimseartha, dátaí tosaigh ar scálaí pá agus gráid, díothaítear an bhearna a bheag nó a mhór.

Nuálaíocht

Leanann muid d'infheistíocht a dhéanamh inár gcumas TFC, réitigh nuálacha gnó a fhorbairt a chabhraíonn éifeachtúlacht agus caighdeán a bhrú chun cinn tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíocht.

In 2019, lean muid lenár dtionscadal píolótach **Intleachta Saorga** chun cabhair a thabhairt ó thaobh glaonna chuig ár ndeasc chabhrach Imréitigh Cánach. San áireamh sa tionscadal píolótach bhí forbairt agus oiliúint tosaigh ar róbat comhrá chun déileáil le custaiméirí (Gníomhaire Digiteach Fíorúil) dírithe ar sciar de theagmhálacha cáiníocóirí a láimhseáil go huathoibríoch. Déanann an GDF comhtháthú lenár n-ardáin fóin agus lenár lár-chórais cúil, baineann úsáid as moltaí cliste ó thaobh shreabhadh an chomhrá, agus cuireann an cumas ar fáil glao a aistriú chuig oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, más gá. Baineann sé úsáid as teicneolaíochtaí Intleachta Saorga a chuireann roinnt soláthraithe seirbhísí néalbhunaithe ar fáil chun Urlabhra go Téacs a dhéanamh, chomh maith le Próiseáil Teanga Nádúrtha, Sintéis Urlabhra agus Meaisínfhoghlaim.

Baintear úsáid as an GDF chun freagra a thabhairt ar fhiosruithe ó ghlaoiteoirí faoi Imréiteach Cánach, agus theastaigh sraith teicneolaíochtaí nár úsáideadh cheana in aon ghníomhaireacht riartha cánach áit ar bith ar domhan. Tagann faisnéis an chustaiméar aníos láithreach ag tús an ghlao, agus iarrann an GDF ceisteanna iomasacha bunaithe ar an bhfaisnéis sin. Éisteann sé le fiosrú an chustaiméara, agus ansin iompaíonn sé an t-urlabhra isteach ina théacs, baineann ciall as an téacs sin agus cumann freagra cuí leis an teicneolaíocht intleachta saorga is úire.

Ar deireadh, iompaítear téacs an fhreagra isteach ina urlabhra le teicneolaíocht den chineál céanna. Tarlaíonn sé seo beagnach ar an toirt. In 2019, cuireadh timpeall 10,000 glao tríd an GDF.

I mí an Mheithimh 2019, bhuaigh an GDF an gradam *An Úsáid is fearr as Intleacht Shaorga sa Rialtas* ag na gradaim CogX 2019. Tá CogX ar an aonach intleachta saorga is mó chun tosaigh ar domhan agus bíonn breis agus 15,000 duine i láthair ag na leibhéil is airde de chúrsaí gnó, Rialtais, tionscail agus taighde. Déanann na gradaim CogX ceiliúradh ar scoth na dteicneolaíochtaí intleachta saorga agus teicneolaíochtaí ag teacht chun cinn.

Tá sé riachtanach ár gcórais reatha TF a chothabháil, rud a thacaíonn le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim ansin a gcroí-fheidhmeanna gnó a reáchtáil. Dá bhrí sin, leanann muid dár mbonneagar teicneolaíochta a athnuachan chun ár bhfiachas teicniúil a laghdú agus déanann muid ár ndícheall leas a bhaint as deiseanna nua teicneolaíochta cuí chun ár seirbhísí a fheabhsú tuilleadh. In 2019, thionscain muid anailís a dhéanamh ar thacú leis an nua-aoisiú teicneolaíochta seo agus é a chur chun cinn ag ráta a thagann leis an luas síor-mhéadaithe ar an athrú teicneolaíochta. Leis an gclár oibre seo, beidh sé ar ár gcumas infheistiú straitéiseach a dhéanamh inár roghanna teicneolaíochta chun tacaíocht a thabhairt do chórais nuálacha agus dhinimiciúla i réimse na ngníomhaíochtaí fíorama agus clár uathoibrithe.

Mar gheall ar an bhforbairt agus an tacaíocht do “linn sonraí” anailísíochta, tá feabhas suntasach tagtha ar chumais ár n-anailíseoirí sonraí trí na sonraí, na meiteashonraí agus an tsraith uirlisí atá ar fáil le haghaidh iniúchta, léirshamhlú agus anailísíocht thuarthach a leathnú amach.

Tá cothabháil agus feabhsú suntasach déanta ar ár gcórais Custam chun déileáil leis an méadú in idirbhearta a bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an mBreatimeacht agus chun athruithe riachtanacha AE a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, leanadh leis an obair ar fheidhmiú na chéad chéime de na seirbhísí comhlíontach le Cód Custam an Aontais (CCA) tar éis chríochnú an phróisis tairisceana iomaíche. Clár ilbhliantúil AE is ea CCA chun córais riartha Custam ar fud na mballstát a nua-aoisiú. Foráiltear do chreat oibre cuimsitheach ann le haghaidh rialacha agus nósanna imeachta Custam sa limistéar Custam AE a chuirtear in oiriúint do réaltacht na trádála nua-aimseartha agus d’uirlisí nua-aimseartha cumarsáide. Tá sé leathnaithe amach thar 9 mbliana de réir amscálaí an Choimisiúin Eorpaigh lena n-úsáid leis an gcéad seachadadh tionscadail in 2020.

Leanann muid d’áiseanna comhroinnte ríomhaireachta a chur ar fáil, agus de chur leo, do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí, ónár Lárionad Sonraí agus tá breis agus 40 eagraíocht éagsúil ag baint leas as an tseirbhís seo. Leis an tseirbhís óstála seo, meastar go sábháiltear €2 milliún sa bhliain ar a laghad do na heagraíochtaí a bhfreastalaítear orthu. Leanaimid orainn de bheith ag cur seirbhísí priontála agus postais ar fáil do roinnt eagraíochtaí (idir 0.5 agus 1 milliún mír sa mhí).

Rúndacht Cáiníocóirí

Tá sé ina thosaíocht i gcónaí rúndacht ár gcáiníocóirí a chosaint. Tá dualgas dlíthiúil orainn rúndacht fhaisnéis an cháiníocóra a chosaint. Caitear le sonraí pearsanta cáiníocóirí leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta.

Tá **deimhniú ISO27001** ag ár láithreáin idirlín. Déantar iniúchtaí faireacháin gach 6 mhí agus déantar athdheimhniú iomlán gach 3 bliana. Fuarthas an ceann is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2018. Déantar criptiú le deimhniú Bailíochtaithe Breise (EV) SSL 256 giotán agus é sínithe ag údarás deimhniúcháin faoi iontaoibh an phobail. Féadann cáiníocóirí a fhíorú go bhfuil an leathanach slán trí fhéachaint le haghaidh dheilbhín an ghlais ina mbrabhsálaí.

Foilsíonn muid lear mór staitisticí agus taighde atá i gcónaí ag méadú, ar fháltais chánach agus

costálacha roghanna polasaí cánach (tá plé breise air seo sa ghné-alt ar leathanach 32). Agus é seo á dhéanamh againn, tá gá le cothromaíocht a bhaint amach idir ionchais an phobail, na dtaighdeoirí, an Rialtais agus an Oireachtais le haghaidh faisnéise agus ár gcuid riachtanas ó thaobh rialacha cosanta sonraí agus an gá le rúndacht faisnéise cáiníocóirí a chosaint.

Le cinntiú go bhfuil an chosaint rathúil ar shonraí cáiníocóirí ina chuid lárnach d'fhoilsiú na staitisticí, tá polasaí Rialaithe Staidrimh[7] á chothabháil againn agus tá sé foilsithe ar ár suíomh idirlín ar https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/statistics/about/statistical-disclosure-control.pdf.

Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí & Athnuachan na Státseirbhíse

Tá ról gníomhach againn i gcur i bhfeidhm leanúnach Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus san Athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí

I measc na n-éachtaí a bhaineann leis na torthaí ardleibhéil don tseirbhís phoiblí in 2019, tá:

- Buaiteoir Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, 2019 sa chatagóir 'Scoth na Státseirbhíse' dár dtionscadal Nua-Aoisiú ÍMAT.
- tabhairt isteach an Chórais Bainistíochta Fiachais nua chun éascú a dhéanamh ar bhainistíocht níos éifeachtaí ar fhiachas leis na Coimisinéirí Ioncaim
- tabhairt isteach próiseas tosaíochtaí píblíne TFC trína gcuirtear bealach ar fáil chun measúnú le haghaidh forbartha a dhéanamh at thionscadail bheaga, nuálaíocha straitéiseacha
- Straitéis Acmhainní Daonna nua agus Plean Gníomhaíochta.

[7] https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/statistics/about/statistical-disclosure-control.pdf.

Cór na gCoimisinéirí Ioncaim

Cór na gCoimisinéirí Ioncaim le Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Paul McAuliffe

Tá Cór na gCoimisinéirí Ioncaim ar an bhfód le 15 bliana anuas i mbliana. Tá 40 comhalta sa chóir, idir bhaill foirne atá i mbun seirbhíse agus iad siúd ar scor, agus idir dhaoine sna 20í agus sna 80í ina measc agus gach aois idir eatarthu. Thar na blianta tá an cór imithe ó neart go neart agus is teist é seo ar thiomantas chomhaltaí an chóir agus a lucht tacaíochta.

Le blianta beaga anuas bhí an deis ag Cóir na gCoimisinéirí Ioncaim canadh do lucht féachana áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta in ionaid an-mhór le rá, lena n-áirítear Teach Farmleigh, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Ardeaglais Chríost agus an Ceoláras Náisiúnta mar chuid den cheiliúradh ar Lá Bliantúil na Seirbhísí Náisiúnta. Canann an cór ag imeachtaí éagsúla de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear Gradaim Fadseirbhíse na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gach bliain, tiomsaíonn an cór airgead a bhfuil géarghá leis le haghaidh carthanais ainmnithe go háitiúil trí cheolchoirmeacha a léiriú ag an Nollaig agus roimh an samhradh. Tacaíonn comhghleacaithe, cairde agus clanna leis na ceolchoirmeacha seo agus tá iomlán de €68,000 bailithe thar na blianta.

Rialachas

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, arna gceapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine amháin díobh mar Chathaoirleach. Tá freagracht reachtúil ar an mBord a chuid feidhmeanna a chur i gcrích. Deartar ár struchtúir rialachais chun ligean dúinn ár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach, ár gcláir ghnó a chur i gcrích go cost-éifeachtúil, agus ár gcuid riachtanas rialála uile a chomhlíonadh.

Tugtar ár *gCreat Rialachais Chorparáidigh*[8] cothrom le dáta go minic agus tá sé foilsithe ar ár suíomh idirlín. Leagtar amach ann an creat prionsabal, struchtúr agus próiseas a rialaíonn agus a threoraíonn an bealach a théann muid i mbun gnó. Déanann sé an chomhfhealsúnacht, na comhchleachtais agus an comhchultúr taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim a stiúradh, rud a dheimhníonn, i dteannta ár struchtúr agus socruithe, an chaoi a dtugann muid aghaidh ar ár Misean agus torthaí ardchaighdeáin a chinntiú.

Foilsíodh ár *Ráiteas Straitéise 2020–2022*[9] i mí na Nollag 2019.

I rith 2019, rinne ár g**Coiste Bainistíochta Riosca** monatóireacht ghníomhach ar ár g***Creat Riosca Chorparáidigh*** le cinntiú gur tógadh bearta cuí chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach. Thug an coiste riosca faoi chlár seisiún feasacht le gach rannóg go déanach in 2019 chun úinéireacht agus bainistíocht éifeachtach rioscaí a chinntiú.

Tá an Bord tiomanta d'fheidhm **Iniúchta Inmheánaigh** a chothabháil agus a thacú. Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh an fheidhm seo i gcrích faoi údarás díreach an Bhoird agus faoi mhaoirseacht agus treoir ghinearálta an Choiste Iniúchóireachta. Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh i gcomhlíontacht leis na Caighdeáin um Iniúchóireacht Inmheánach arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dearbhú oibiachtúil neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil bainistiú cuí agus éifeachtach á dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá mar bhonn dár ngníomhaíochtaí, é sin nó bearta ceartúcháin a mholadh de réir mar is cuí.

Mar bhonn eolais faoinár gclár iniúchóireachta inmheánaí tá ár nUilíocht Iniúchóireachta Inmheánaí, an Clár Rioscaí Corparáideacha, Tosaíochtaí Corparáideacha Bliantúla agus Ráiteas Straitéise. In 2019, tugadh chun críche 33 iniúchadh, lena n-áirítear 15 iniúchadh inmheánacha agus 18 n-iniúchadh athleantacha.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirsiú ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí sna Coimisinéirí Ioncaim agus cuireann comhairle ar an mBord maidir lena feidhmiú agus a forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Chathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus déanann measúnú ar shocruithe rialachais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha. Tháinig an Coiste le chéile 5 huaire in 2019.

Comhaltaí an Choiste Iniúchta

- John Murphy, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An tOllamh Barbara Flood, Lán-Ollamh Cuntasaíochta, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Helen Hall, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Póilíneachta
- An Dochtúir Paul Lyons, Ollamh Taca Cúnta, Scoil Ghnó na Tríonóide, Coláiste na

[8] https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/governance-framework.pdf
[9] https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/sos-2020-2022.pdf

Tríonóide, Baile Átha Cliath

- Gerard Moran, Rúnaí Cúnta, An Rannóg Polasaí agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha, Na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Cothaíonn muid timpeallacht chuí dár n-oibrithe chun cúiseanna imní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre agus cuireann muid an tacaíocht riachtanach ar fáil d'oibrithe a ardaíonn fíorchúiseanna imní. Fuarthas nochtadh cosanta amháin ó bhall foirne in 2019.

'Duine forordaithe' is ea ár Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. Fuair an Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí nochtadh seachtrach amháin in 2019.

Tá '*Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Nochtuithe Cosanta a Thuairisciú san Ionad Oibre*'[10] foilsithe ar ár suíomh idirlín.

In 2019, chuaigh muid leis an gclár *Ionracas ag an Obair*, ar tionscnamh é de chuid *Transparency International Ireland* chun timpeallacht thacúil oibre a chur chun cinn do dhuine ar bith a thuairiscíonn cúiseanna imní faoi éagóir. Trínár mballraíocht sa chlár seo, tá gealltanas poiblí déanta againn chun ionad oibre eiticiúil a chothú ina bhféadann an fhoireann a bhrath go bhfuil siad sábháilte cúiseanna imní a ardú maidir le héagóir fhéideartha agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do bhaill foirne a ardaíonn fíor-chúiseanna imní. Mar chuid dár ngealltanas oibrithe a ardaíonn cúiseanna imní faoi éagóir a chosaint, shínigh na Coimisinéirí Ioncaim an Gealltanas um Ionracas ag an Obair i mí na Bealtaine 2019 le cinntiú nach ngearrfaí pionós ar oibrithe a thuairiscíonn éagóir agus go ngníomhófar i leith na gcúiseanna imní a ardaítear.

Eitic, Caighdeáin agus Iompar

Cloíonn gach oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leis na prionsabail, caighdeáin agus luachanna atá leagtha amach in *Cód Eitice na gCoimisinéirí Ioncaim* agus *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*. In 2019, thíolaic baill foirne ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh i bpoist ainmnithe áirithe, Ráiteas Leasanna faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

De réir Alt 6(4) den ***Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015***, foilsítear ar ár suíomh idirlín ainm, grád agus sonraí gairide faoi ról/freagrachtaí na "nOifigeach Poiblí Ainmnithe" sna Coimisinéirí Ioncaim.

Tá muid tiomanta dár n**dualgais cosanta sonraí** a chomhlíonadh agus próiseálfaidh muid sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta ar chosaint sonraí.

Cosnaíonn muid sláine na sonraí a chuireann ár gcáiníocóirí agus tríú páirtithe ar fáil dúinn agus, in 2019, lean muid d'fheasacht a ardú agus comhlíontacht a fheabhsú i ndáil leis an gcosaint sonraí i measc ár mball foirne.

Tá ár **nOifig Clár-Bhainistíochta (PMO)** freagrach as cinntiú go nglactar le cur chuige leanúnach rialachais ar fud gach tionscadal TF. Is struchtúir ar leibhéal tionscadail iad an Bord Tionscadail agus an Coiste Stiúrtha atá freagrach as an gcur chuige seo, agus cinntítear dá réir go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú cruinn ar thionscadail TFC le himeacht ama.

[10] https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/protected-disclosures/protected-disclosure.pdf

De réir Ghníomh 17 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse chun ár gcumas bainistíochta tionscadail a fheabhsú, cuireann ár nAonad Bainistíochta Tionscadail Gnó comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le rialachas agus bainistíocht tionscadail do Thionscadail Ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Tuairiscíonn an fhoireann go díreach don Fheidhmeannach Bainistíochta Gnó maidir le tionscadail ghnó dá leithéid. Cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht chruinn ar na sochair phleanáilte oibríochtúla agus gnó ó thionscadail mhóra ghnó agus TFC.

Saoráil Faisnéise

In 2019, fuair muid 337 iarratas Saorála Faisnéise (Tábla 27) agus tá muid ag leanúint de bheith ag obair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) chun oibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 sna Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú.

Gearáin

Féadfaidh cáiníocóirí atá míshásta leis an láimhseáil a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ar a ngnóthaí cánach iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar a gcás, bíodh sé go hinmheánach ag oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. In 2019, ghlac muid le 2 iarratas ar athbhreithniú inmheánach agus 11 iarratas ar athbhreithniú seachtrach (Tábla 26). Fuair an tOmbudsman 42 gearán maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim agus chuir i gcrích iad (Tábla 27).

Coistí Oireachtais

In 2019, tháinig an Cathaoirleach agus oifigigh eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i láthair os comhair Choistí an Oireachtais, an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid agus na Comhchoistí agus na Roghchoistí Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Taoiseach ina measc.

Ceisteanna Eile Rialachais in 2019

- Ba é 0.75% Costas an Riaracháin mar chéatadán den Bhailiú Comhlán
- Tá muid comhlíontach leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (Tábla 28). Foilsítear ár dTuairisceáin ar Íocaíochtaí Prasa ar ár suíomh idirlín. Rinneadh 92% de na híocaíochtaí uile taobh istigh de 15 lá.
- sholáthraíomar freagraí ar 946 Ceist Dála agus d'fhreagraíomar 266 Uiríoll ó Ionadaithe Poiblí.
- Lean muid dár gcoimitmint sábháil fuinnimh a bhaint amach san ionad oibre agus lenár rannpháirtíocht i bhFeachtas Feasachta Fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí 'Cumhacht a Optamú @ an Obair'. Inár bPlean Gníomhaíochta Éifeachtúlachta Acmhainní 2020–222, tá roinnt beart leagtha amach againn chun ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a optamú agus cinntiú go mbíonn ábhair imní faoin timpeallacht ina gcúinse tábhachtach inár gcinnteoireacht. Cinnteoidh an plean go mbeidh na bunúis agus na struchtúir i bhfeidhm chun tuilleadh laghduithe a bhaint amach sna blianta beaga atá le teacht agus gcuirfí ardán ar fáil chun creidiúnú ISO 50001 amach le haghaidh bainistíocht fuinnimh.

Athruithe san Ardbhainistíocht

Tar éis chomórtais an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), cheap an tAire Airgeadais, an tUasal Paschal Donohoe dhá Rúnaí Chúnta nua in 2019:

- Tar éis a ceapacháin ar an 12 Lúnasa 2019, cheap an Bord Orla Fitzpatrick chun Rannóg na bhFiontar Meánmhéide.
- Tar éis a ceapacháin ar an 16 Meán Fómhair 2019, cheap an Bord Orla Campbell chun Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha.

Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta

John Barron

Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus Lóistíochta

Freagrach as seirbhísí agus nuálaíocht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil, chomh maith le hoiriúnacht agus dul chun cinn nua sa teicneolaíocht. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh seirbhísí lóistíochta atá lárnach ó thaobh reáchtáil na gCoimisinéirí Ioncaim.

Brian Boyle

Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí

Freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí comhlíontachta náisiúnta cánach. I measc na bhfreagrachtaí chomh maith tá tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, staidreamh agus taighde eacnamaíochta. Freagrach chomh maith as bainistíocht airgeadais agus eolais, feidhmeanna baincéireachta, feidhmeanna cumarsáide agus bainistíochta eolais.

Philip Brennan

Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Pearsanta

Freagrach as beartas maidir le cáin phearsanta agus cánacha caipitiúla a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE agus as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha a bhainistiú le haghaidh cánacha pearsanta agus caipitiúla (gan cáin gnóthachan caipitiúil san áireamh).

Noel Brett

Rannóg na gCánacha Gnó

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchta d'aon eintitis atá cláraithe le haghaidh CBL, CCI, Custaim agus Mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, Stiúrthóirí Dílseánaigh agus Fo-Chuideachtaí/ Máthairchuideachtaí cuideachtaí sa Rannóg Gnó.

Orla Campbell

Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear pleanáil an fhórsa saothair, earcaíocht, oiliúint agus forbairt cumais, forbairt eagraíochtúil, bainistíocht buiséid riaracháin, iniúchóireacht inmheánach, rialachas, comhlíontacht eolais agus athchóiriú corparáideach.

Florance Carey

Rannóg na gCustam

Freagrach as an reachtaíocht Custam agus córais a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as tionchar a imirt ar fhorbairt an pholasaí AE ar gach ní a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an Aontais (AE) agus as ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar leasanna na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta.

Eugene Creighton

Rannóg na gCorparáidí Móra

Freagrach as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na custaiméirí gnó is mó sa Stát agus freagracht as earnálacha iomlána áirithe, amhail baincéireacht, árachas, léasú aeráerthach, “comhlachtaí faoi Alt 110” agus cistí infheistíochta. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach corparáide lena n-áirítear praghsáil aistrithe ionsaitheach.

Jeanette Doonan

Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Pearsanta

Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le cáin gnóthachan caipitiúil, cáin chorparáide, dreasachtaí, seirbhísí airgeadais agus cánacha eile gnó.

Orla Fitzpatrick

Rannóg na bhFiontar Meánmhéide

Freagrach as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta d’fhiontair mheánmhéide agus stiúrthóirí dílseánaigh, fochuideachtaí/ máthairchuideachtaí ar chuideachtaí faoi Rannóg na bhFiontar Meánmhéide, Rannóga Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí. Freagracht náisiúnta as seachadadh Sheirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS).

Joe Howley

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Freagrach as cánacha a bhailiú agus cláir bainistíochta fiachais a fheidhmiú, lena n-áirítear idirghabhálacha cuí chun comhlíontacht thráthúil a uasmhéadú. Freagrach chomh maith as bearta forfheidmithe fiachais in aghaidh iad siúd a loiceann a bheith comhlíontach.

Marie-Claire Maney

Rannóg Dhlíodóirí na gCoimisinéirí Ioncaim

Rannóg na nImscrúduithe agus na nIonchúiseamh

Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear reáchtáil dlíthíochta agus achomharc agus ionchúiseamh coireanna coiriúla agus freagracht as gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim a bhainistiú, a fhorbairt agus a chomhordú.

Gerard Moran

Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Indíreacha

Freagrach as beartas cánach indíreach a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE agus as cinntiú go ndéantar CBL, Mál agus Cáin Cláraithe Feithiclí a riar go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Eamonn O’Dea

Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta

Freagrach as rannpháirtíocht idirnáisiúnta (déthaobhach, AE agus nithe a bhaineann leis an OECD) ar pholasaithe cánachais dhírigh agus ar ábhair oibríochtúla lena n-áirítear idirbheartaíocht a bhaineann le praghsáil aistrithe agus malartú faisnéise le údaráis eile chánach. Freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann agus é a thabhairt cothrom le dáta.

Declan Rigney

Rannóg na gCánacha Pearsanta

Freagrach chomh maith as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do dhaoine aonair nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu nó a bhfuil ioncam neamhthrádála féinmheasúnaithe/ gairmiúil acu; agus eintitis eile amhail iontaobhais, carthanais agus comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as seirbhísí Gaeilge a chomhordú.

Breda Ruddle

Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na daoine is saibhre sa Stát, pinsin/scéimeanna árachais agus cistí scoir. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach leis an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint.

Bainistíocht Airgeadais

Gach bliain, déanann na Coimisinéirí Ioncaim an Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cuntas Leithreasa ar chaiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ullmhú agus a thíolacadh lena n-iniúchadh.

Cuireadh an Cuntas ar 'Fháltas Ioncaim an Stáit' arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2019 faoi bhráid an Oireachtais ar an 27 Aibreán 2020. Tá teacht ar na figiúirí comhlána agus ar na glanfháltais Státchiste agus neamh-Státchiste um bailiú ar Thábla 1 agus Tábla 2 faoi láimh sa Tuarascáil seo.

Tá an Cuntas Leithreasa maidir leis an tsuim a chaith na Coimisinéirí Ioncaim i leith tuarastail agus costais sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2019 curtha faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taobh istigh den amlíne reachtúil. De réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta faoi Mheán Fómhair mar chuid den Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí. Déanfar an cuntas fhoilsiú agus a chur ar fáil ar **www.audgen.gov.ie.** Dá réir, is figiúirí sealadacha iad na figiúirí dá ndéantar tagairt thíos agus tabharfar chun críche iad ar chríochnú an iniúchta ar Chuntas Leithreasa na gCoimisinéirí Ioncaim ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Feidhmíocht Airgeadais

Ba ionann €449.83 milliún agus caiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim ar riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna agus ar bhainistiú teorann. San áireamh leis seo bhí foráil fhorlíontach de €4.104 milliún i ndáil le bonneagar criticiúil don Bhreatimeacht ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Europort Ros Láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim €69.7 milliún i leithreasaí i gcabhair in 2019, go príomha ó fháltais i leith seirbhísí bainteach le ÁSPC agus i leith sciar de dhleachtanna custam a bailíodh ón Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe. Bhí na Leithreasaí i gCabhair beagnach €2.2 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag tuar. Tá barrachas €2.53 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.



Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

Ábhar **Leathanach**

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais	79 - 81
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	82 - 83
Polasaithe Cuntasaíochta	84 - 86
Cuntas ar Fháltas agus Diúscairt an Ioncaim a bailíodh	87
Ráiteas ar Iarmhéideanna	88
Nótaí leis an gCuntas	89 - 93

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Admhaím mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig chun rioscaí a aithint roimh ré agus chun a chinntiú go gcuirfear straitéis mhaolaithe chuí i bhfeidhm. Folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú:
    - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim.
    - Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca.
    - Córas pleanála straitéisí/gnó chomhtháite agus Bainistithe Riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal Eagraíochtúil, Rannóige agus Brainse.
    - Modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha uile.
- Tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun trína n-aithnítear na príomhrioscaí don Oifig seo agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus cuireann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) ar an taifead é. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na bainisteoirí Rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh do thosaíocht nó rangú riosca.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht aige as bainistiú agus riar foriomlán cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é a bpríomhról comhlíontacht a chinntiú leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus polasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus an MAC, nuair is cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d'obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2019 a raibh nó a bhféadfaidh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Rialuithe Custam

D'aithin tuarascáil ar iniúchadh de chuid Choimisiún an AE, a rinneadh in 2019, ceisteanna maidir leis an straitéis rialaithe le haghaidh luachanna custam agus éilimh ar aisíocaíochtaí. D'fhreagair na Coimisinéirí Ioncaim an Coimisiún le freagra fianaise-bhunaithe ina ndéantar agóid faoi bhailíocht fhormhór na dtorthaí agus táthar ag fanacht ar fhreagra ón gCoimisiún.

Tionchar phaindéim COVID-19

Ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe, bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar an ngeilleagar agus ar oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim. Leanann na Coimisinéirí Ioncaim orthu dá ról tábhachtach mar chóras riartha cánach agus custam a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus aird á tabhairt ar shábháilteacht agus fholláine na foirne agus na gcáiníocóirí. San áireamh leis na bearta riachtanacha sábháilteachta ná go bhfuil cuairteanna ginearálta comhlíontachta chuig áitribh cáiníocóirí curtha ar fionraí.

Tá réimse beart curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú le gnóthaí a bhfuil fadhbanna sreafa airgid nó deacrachtaí trádála acu ag an am dúshlánach seo nach bhfacthas a leithéid riamh. San áireamh sna bearta seo ná go bhfuil gach beart fiachais/gníomhaíocht forfheidhmiúcháin curtha ar fionraí, tá ús ar mhuirir íocaíochta déanacha d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i gcoitinne agus do ghnólachtaí eile ar bhonn cás ar chás curtha ar fionraí freisin, agus tá tosaíocht tugtha don phróiseáil aisíocaíochtaí agus aisíocaíochtaí cánach chun cabhrú le dúshláin sreafa airgid. Choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim stádas imréitigh cánach do ghnóthaí a bhí inmharthana roimhe seo agus a bhfuil deacrachtaí íoca cánach acu anois.

Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riarachán na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) freisin, atá mar phríomhghné i bhfreagra an Rialtais ar phaindéim COVID-19. Tá an Scéim maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus ba ghá di a bheith ag feidhmiú taobh istigh de chreat ama an-chúng. Tá dearadh chóras na Scéime tógtha timpeall ar infreastruchtúr fíor-ama ÍMAT na gCoimisinéirí Ioncaim (Nua-Aoisiú ÍMAT). Ligeann úsáid an chórais ÍMAT do na Coimisinéirí Ioncaim anailís a dhéanamh ar leibhéal na n-íocaíochtaí atá á n-éileamh ag fostóirí i gcoinne líon na bhfostaithe atá cláraithe (leis an bhfostóir). Éascaíonn córais bhaincéireachta na gCoimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí le fostóirí taobh istigh de dhá lá ón uair a fhaightear na héilimh.

Cé go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta go bhfuil na bearta atá á nglacadh mar fhreagra ar an éigeandáil náisiúnta seo riachtanach agus comhréireach ag an am seo, is cinnte go bhfuil rioscaí gaolmhara i gceist leo freisin. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta Riosca Clár Riosca na gCoimisinéirí Ioncaim a uasdátú go luath amach anseo chun na rioscaí sonracha a thagann as paindéim COVID-19 a chur san áireamh agus déanfaidh siad frithbhearta cuí a dhoiciméadú chun aghaidh a thabhairt orthu. Folóidh sé seo an dá riosca d'fheidhmíocht na gCoimisinéirí Ioncaim mar chóras éifeachtach riartha cánach agus dleachta a eascraíonn ón bpaindéim seo agus aon rioscaí comhlíontacha breise a eascraíonn ó riar na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

Impleachtaí ar Fháltais Chánach

Ní féidir tionchar na paindéime COVID-19 ar fháltais chánach do 2020 a thuar go cruinn ag an am seo. Thug na fáltais do Mhárta 2020 an chéad léiriú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an toradh a bhfuil coinne leis. Mar gheall go mbaineann na fáltais a bailíodh i mí an Mhárta den chuid is mó le dliteanais ón tréimhse roimh thús na géarchéime, tá laghdú tagtha ar an tionchar ar na fáltais don mhí sin. Cé go raibh an chuid is mó de na cánacha réasúnta gar don sprioc le haghaidh mhí an Mhárta, bhí na fáltais CBL i bhfad níos lú ná leibhéal Mhárta 2019, agus is treoir fhéideartha é seo maidir le suntas féideartha an mhórthionchair le himeacht ama. Coinneoidh na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Airgeadais feidhmíocht na bhfáltas faoi athbhreithniú leanúnach de réir mar a théann na míonna ar aghaidh.

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

16 Aibreán 2020

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2019 faoi fhorálacha Alt 3 (7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá an cuntas comhdhéanta den mhéid seo a leanas

- cuntas ar fháltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh
- ráiteas ar iarmhéideanna
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta chuí.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas léargas fíor ar fháltas agus ar dhiúscairtí ioncaim arna bhailiú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus na hiarmhéideanna iarmharacha amhail an dáta sin.

Bonn na tuairime

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (caighdeáin ISA), de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Glacaim dearbhú freisin ó mo scrúduithe ar chórais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas an cuntas, agus ar ábhair eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas. Tá cur síos déanta san aguisín don tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Aibreán 2020

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an méid seo a leanas:

- an cuntas a ullmhú;
- cinntiú go gcuirtear i láthair i gceart sa chuntas an fáltas agus diúscairt ioncaim a bailíodh;
- rialtacht idirbheart a chinntiú; agus
- rialú inmheánach cuí de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach chun cumasú d'ullmhú an chuntais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Iarrtar orm, faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht) iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisineirí Ioncaim agus tuairisciú a dhéanamh ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide.
Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gcaighdeán ISA míráiteas ábhartha nuair is ann dó.
Féadfaidh sé go dtagann míraitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeán ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta.

- Agus é seo á dhéanamh agam, aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist le gan míráiteas ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí foluiteacha.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas an cuntas

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na caighdeáin ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis an gcuntas nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go raibh míráiteas ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Is le tagairt do na cúinsí speisialta i dtaca le bainistiú agus oibríochtaí comhlachtaí poiblí a dhéantar m'iniúchadh. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a reáchtáiltear gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil i leith rialtacht idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim faoi deara aon eachtra ábhartha nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríocha a mbeartaítear dó, nó sa chás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisc, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaíonn le haghaidh m'iniúchta,
- nó nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go gceadófaí an cuntas a bheith iniúchta go réidh agus go cuí,
- nó nach dtagann an cuntas leis na taifid chuntasaíochta.

Córais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Faoi Alt 3 (7) den Acht, déanaim scrúduithe ar bhonn timthriallach d'fhonn

- fíorú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na córais, nósanna imeachta agus cleachtais arna mbunú ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhaingniú ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí ioncaim an Stáit
- d'fhonn mé féin a shásamh gur leordhóthanach an bealach a dhéantar na córais, nósanna imeachta agus cleachtais sin a fhostú agus a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 (10) den Acht, tugaim tuairisc gach bliain ar thorthaí mo scrúduithe córais i mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Polasaithe Cuntasaíochta

Réamhrá

Cuireann an Cuntas seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, mar aon le haistriú na bhfáltas chuig an Státchiste. Cuireann an Cuntas seo na fáltais neamh-Státchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ballstáit AE eile i láthair mar a shonraítear faoi Fáltais agus Aisíocaíochtaí.

Ní áirítear sa Chuntas seo costais riaracháin nó oibriúcháin ar bith de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí i gcomhair na gcostas seo a vótáil agus cuirtear san áireamh iad sa Chuntas Leithreasa bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ullmhaíodh an Cuntas faoi réir Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bonn an Chuntais

Ullmhaíodh an Cuntas seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail Cuntasaíochta Rialtais. Léiríonn an Cuntas na suimeanna iarbhír a fuarthas agus a íocadh le linn na bliana. I gcás go bhfaightear suimeanna breise i mblianta tar éis na bliana reatha, nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na suimeanna sin a thaifeadadh sa bhliain ina bhfaightear nó ina n-aisíoctar iad.

Fáltais agus Aisíocaíochtaí

Aithnítear fáltais agus aisíocaíochtaí ar bhonn airgid thirim seachas mar a shonraítear thíos;

a. Tá fritháirimh cuimsithe sna fáltais chomhlána agus sna figiúirí aisíocaíochta do gach ceannteideal cánach, is é sin, cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar í a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile amuigh.

b. Chun fáltais Cánach Ioncaim áirithe a chionroinnt chuig an gceannteideal cánach bainteach, cuirtear céatadán measta i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag an gcionroinnt sin ar fháltais ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ. A luaithe is atá na tuairisceáin ábhartha tíolactha, déantar athbhreithniú ar an meastachán agus déantar na fáltais a ath-chionroinnt mar is cuí.

c. Bailítear dleachtanna custam ar bhonn gníomhaireachta thar ceann an AE agus aithnítear iad ar bhonn fáltas comhlán, ach amháin i gcás Dleachtanna Custam a bhailítear faoi Imréiteach Láraithe Nós Imeachta Custam AE (ar ar tugadh Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe roimhe seo). Taispeántar na fáltais seo glan ó na costais bhailithe. Féach Nóta 1 *2.

d. Maidir le suimeanna a fuarthas i leith pionós agus úis a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim, áirítear sa chuntas iad le cois na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Áirítear fíneálacha agus pionóis chúirte sa chuntas mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

e. Coinnítear íocaíochtaí Custam agus Máil mar éarlaisí, agus aithnítear mar fháltais iad nuair a thíolactar na tuairisceáin chuí, ach amháin i gcás Ceadúnas Máil, rud atá ar bhonn fáltais airgid. Tá taiscí i seilbh curtha san áireamh sa Ráiteas ar Iarmhéideanna.

f. Cuimsíonn na fáltais Mháil suimeanna a bhailigh na gníomhaireachtaí seo a leanas thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim:

   - An tSeirbhís Chúirteanna (Ceadúnais Mháil)
   - Applus+ Car Testing Service Ltd (Cáin Cláraithe Feithiclí).

   Gearrann Applus+ Car Testing Service Ltd tobhach ar Cháin Cláraithe Feithiclí a bhailiú. Déantar an muirear a mhaoiniú as caiteachas Vótáilte agus áirítear i gCuntas bliantúil Leithreasa Vóta 9 é.

g. Tháinig an Scéim Mionionaid Uileghnó CBL (MOSS CBL) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2015 ar aon dul leis na rialacha CBL nua maidir le háit soláthair earraí do ghnóthaí a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin, nó seirbhísí trí mheán leictreonach do chustaiméirí.

Folaíonn na fáltais seo fáltais CBL Éireannacha a nochtar i Nóta 1 agus suimeanna a bailíodh thar ceann Ballstáit eile an AE a nochtar i Nóta 2.

Suas leis an 1 Eanáir 2019, choinnigh an Ballstát a bhailigh an CBL cuid de na fáltais a bailíodh, tháinig deireadh leis sin ar an dáta sin. Tugtar cuntas ar na suimeanna seo go ráithiúil i riaráistí agus aithnítear iad mar fháltais CBL agus nochtar iad i Nóta 1.

h. Is mar seo a leanas atá fáltais neamh-Státchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ballstáit AE eile:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa agus an Tobhach Sláinte)
- An Roinn Sláinte (an Tobhach Tobac)
- An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)
- An Ciste Comhshaoil (an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha)
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Tithe Solais)
- An Roinn Airgeadais (íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Ioncam Ilghnéitheach ar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána, agus Táillí Clárúcháin Cuideachtaí)
- Ciste Cúitimh Árachais (Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais)
- Ballstáit an AE (Scéim Mionionaid Uileghnó CBL)
- An Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil.(Cáin Maoine Áitiúil)

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim tobhach chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, Dleachtanna Tithe Solais, íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais a bhailiú. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirir freisin ar chustaiméirí a dhéanann iarratas ar aisíocaíocht CCF faoin Scéim Aisíocaíochta Easpórtála. Suimeanna a fhaightear i leith na muirear seo, áirítear iad sa chuntas mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

Léiríonn airgead tirim i mbanc agus ar láimh an t-airgead iomlán i gcuntais tráchtála agus i gcuntas an Bhainc Ceannais coigeartaithe chun seiceanna nár tugadh i láthair agus difríochtaí ama a chur san áireamh.

Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

a. Den chuid is mó, déantar Cánacha agus Dleachtanna a íoc ar dtús isteach i gcuntais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i mbainc thráchtála. I bhformhór cásanna, bíonn na treoracha cuntasaíochta ina n-iomláine ar eolas tráth a dhéantar an íocaíocht, agus cláraítear íocaíochtaí mar fháltais ar thaifead custaiméara roimh dhóibh a bheith aistrithe chuig an Státchiste.
